



2008

Tuarascáil Bhliantúil

Ospidéal Naomh Séamas

RÁITEAS Misin

“Tá sé mar bhunchuspóir ag Ospidéal Naomh Séamas cóireáil sláinte, cúram agus fáthmheas a sheachadadh, chomh maith le cur chun cinn sláinte agus seirbhísí forchoimeáda.”

Is múnlóir lárnach agus uirlis pholasaí poiblí sa chóras sláinte é go príomha Ospidéal Naomh Séamas, a bunaíodh trí roinnt d’ospidéil dheonacha agus ospidéal cathrach amháin a nascadh. Eascraíonn misean an Ospidéil as a fhealsúnacht/luachanna bunaidh agus tá sainmhíniú air sin thíos.

“Tá sé mar bhunchuspóir ag Ospidéal Naomh Séamas cóireáil sláinte, cúram agus fáthmheas a sheachadadh, chomh maith le cur chun cinn sláinte agus seirbhísí forchoimeáda.” Réimníonn castacht a shainchúraimí ó dara leibhéal nó leibhéal treasach.

Is ospidéal teagaisc acadúil é Ospidéal Naomh Séamas freisin. Mar sin, tá sé tiomanta do chruthú timpeallachta agus cúinsí inar féidir oideachas agus taighde sna heolaíochtaí sláinte agus sna heolaíochtaí comhghaolmhara a chur ar fáil agus inar féidir leo bláthú.

Agus tosaíocht á tabhairt do na hothair ar gach bealach aithníonn an tOspidéal a fhreagrachtaí i leith sraith níos leithne geallsealbhóirí lena n-áirítear an rialtas, na daoine agus an pobal i gcoitinne, ceannaitheoirí lárnacha a sheirbhísí, an fhoireann agus an iliomad institiúidí atá ag gabháil leis sna hearnálacha sláinte agus oideachais agus glacann sé leis na freagrachtaí seo.

Agus na réimsí freagrachtaí seo á gcomhlíonadh, tá sé d’aidhm ag an Ospidéal na caighdeáin is airde agus is féidir agus na leibhéil éifeachtachta, éifeachtúlachta agus ardchaighdeána bhaint amach i ngach a dhéanann sé. Ina theannta sin, tá sé tiomanta ag critéir an tsármhaitheasa, an fheabhsúcháin leanúnaigh agus na nuála. Cuirtear a chuid seirbhísí ar fáil go cothrom ar bhonn riachtanais. Ar deireadh, tá an tOspidéal go hiomlán cuntasach dá othair agus do gheallsealbhóirí eile i leith a fheidhmithe thar raon iomlán a réimse freagrachta.

Éillítear níos mó agus níos mó ar an Ospidéal feidhmiú i dtimpeallacht ina mbeidh comhoibriú ingearach agus taobhach ar mhaithe le leas na n-othar sa deireadh thiar. Sa chomhthéacs seo, molann sé agus saothraíonn sé cur chun cinn agus rannpháirtíocht an Ospidéil i seirbhísí agus i ngreasaín sláinte acadúla go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

OSPIDÉAL NAOMH SÉAMAS
ST. JAMES’S HOSPITAL



CLÁR

OSPIDEÁL NAOMH SÉAMAS

Rialú agus Feidhmeannas

Bord an Ospidéil	5
Grúpa Feidhmeannais Bainistíochta	5
Foireann Comhairligh	6
Cúlú Foirne 2008	7
Dlíthiúil agus Baincáireacht	7

Tuairiscí Chorparáideach

Réamhrá ón gCathaoirleach	9
Tuairisc ón bPríomhfheidhmeannach	12

Buaicphointí Feidhmíochta Méideanna

Eochairghníomhaíochta	16
-----------------------	----

Tuarascálacha an Rannáin Chorparáidigh

Ráitis Airgeadais agus Tuairisc	21
Ábhair Acmhainní	23
Daonna Iniúchadh Inmheánach	26
Iniúchadh Inmheánach	29
Seirbhísí Bainistíochta Eolais	30

Tuarascálacha an Rannáin Seirbhíse

Stiúrthóireachtaí Cliniciúla

Stiúrthóireacht CResT

Cairdeolaíocht, Liacht Riospráide, Máinliacht Cairdeatórasach	35
--	----

HOPe Directorate

Haemaiteolaíocht, An Clár Trasphlandú Sméara, Oifig an Chuibhreannas Trialacha Cliniciúla, An tIonad Náisiúnta do Neamhoird Téachta Oidhreachtuil, Cúram Maolaitheach	39
--	----

Stiúrthóireacht MedEL

Liacht d'Aosaigh, An tAonad Titime agus Sioncóipíse, Seirbhís Chosaint Crámh agus Chóireáil Oisteapóróise, Ionad Mercer um Thaighde ar Aosú, Ionad Eolais agus Forbartha um Sheirbhísí Néaltrú	42
--	----

Stiúrthóireacht SaMS

Deirmeolaíocht, Inchríneolaíocht, Cluas, Srón agus Scornach, Clinic um Ghalair Infhabhaíochta Uraigintiúil (GUIDe), Géineolaíocht, Néareolaíocht, Oftailmeolaíocht, Réimaiteolaíocht	46
---	----

Stiúrthóireacht GEMS

Seirbhísí Cíche, An tIonad Iontrála Géarmhíochaine, An tIonad Heipiteolaíochta, An tSeirbhís Ionscópachta, Aonad Feidhme GI, Seirbhís Chalaireicteach, Seirbhísí Duánacha	50
---	----

Stiúrthóireacht Éigeandála

Liacht Éigeandála, Aonad Measúnaithe Péine Cliabhraigh, Bharda Faire	56
---	----

Stiúrthóireacht Omega

An tAonad Náisiúnta Dónna, An tAonad Náisiúnta Máinliacht Mhascaille agus Bhéil, Máinliacht Phlaisteach agus Atógálach, Máinliacht Ortaipéideach, An tAonad Ortadóntach agus Scoilte	60
--	----

Speisialtachtaí

Máinliacht Soithíoch agus Ionsoithíoch

	63
--	----

Síciatracht

	65
--	----

Stiúrthóireacht Seirbhíse Cliniciúil

Stiúrthóireacht LabMed

Haemaiteolaíocht, Bithcheimic, Imdhíoneolaíocht, Míochaine Aistrithe, Histeapaiteolaíocht, Cítíphaiteolaíocht, Micribhitheolaíocht, Fleibeatóime, Saotharlann Téachta agus an tIonad Náisiúnta do Ghalair Oidhreachtuil Théachta, An tSaotharlann Chrióbhitheolaíochta, Saotharlann Tagartha Mícbhaictéir na hÉireann, Saotharlann Tagartha Náisiúnta MRSA	68
--	----

Stiúrthóireacht Diaglm

Íomhaú Diagnóiseach (X-gha), PaRIS/EPR, Radagrafaíocht	76
---	----

Stiúrthóireacht ORIAN

Obrádlann, Máinliacht Lae, an tAonad Dianchúraim, An tAonad Ard-Spleáchais, Seirbhís Steiriúla Ospidéal, Seirbhís Ainéistéiseacha, Míochaine Phéine	79
--	----

Seirbhísí Tacaíochta Cliniciúla

Aonad Bainistíochta SCOPe

Teiripe Urlabhra agus Teanga, Obair Shóisialta Liachta, Cothú Cliniciúil, Teiripe Ceirde, Fisiteiripe	84
---	----

Cógaslann

Seirbhísí Cógaslainne Cliniciúla, Seirbhísí Íoclainne agus Dáilte, Seirbhísí Aiseipteach/Cumaisc, An tIonad Eolais Leigheasra Náisiúnta (NMIC), An tIonad um Ardteiripic Cliniciúil	89
--	----

Fisic Liachta agus Bith-Innealtóireacht

Fisic Liachta agus Bith-Innealtóireacht	93
---	----

Seirbhísí Tacaíochta Ginearálta

Seirbhísí Tacaíochta Ginearálta

Lónadóireacht, Fódóireacht, Línéadaigh, Slándáil, Poirtéireacht, Teileachumarsáid, Comhshaol agus Séiplíneacht	96
--	----

Seirbhísí Altranais

Riarachán Altranais, Aonad Forbartha an Chleachtais Altranais	98
--	----


Gníomhaíochtaí Oideachais

An tIonad Iarchéime William Stokes	101
Institiúid Houghton	102
Oifig Chláir Oinceolaíochta Réigiúnach	102
Fondúireacht Ospidéal Naomh Séamas	105

Tuarascálachta Rannáin Chlár

Clár Cáilíochta	109
An Roinn Pleanála agus Coimisiúnaithe	112
An Roinn um Seirbhísí Teicniúla	114

Struchtúr Corparáideach



Ballraíocht Bhoird an Ospidéil 2008

An tOll. T. Mitchell
Cathaoirleach Bhoird an Ospidéil

Cllr. M. Ardagh
Comhairle Cathrach Átha Cliath

An tOll. R. Byrne
Coláiste na Tríonóide

Cllr. M. Donnelly
Comhairle Cathrach Átha Cliath

An tUas. J. Kelly
Ionadaí Foirne

Ms. M. MacGuinness
Ionadaí Foirne

An Dr. J Moriarty
Ainmnitheach de chuid an Bhoird Leighis

C. Murphy Uas.
Ceapachán de chuid an Aire

An tOll. C. Normand Coláiste
na Tríonóide

An tOll. J. Scott
Coláiste na Tríonóide

K. O'Neill
Ceapachán de chuid an Aire

An tUas. P. O'Reilly
Ceapachán de chuid an Aire

C. Naughton Uas.
Ceapachán de chuid an Aire

E. Hardiman Uas.
Leas Príomhoifigeach Feidhmiúcháin/Bainisteoir Feidhmiúcháin

An tUas. P. Gallagher
Stiúrthóir Altranais

An tUas. B Fitzgerald
Stiúrthóir Airgeadais

An tOll. L. Barnes
Ainmnitheach de chuid an Bhoird Leighis

An Dr. F. O'Kelly
Ionadaí DG

An Dr. P. Browne
Cathaoirleach an Bhoird Leighis

An tOll. D. Kelleher
Coláiste na Tríonóide

Grúpa Feidhmeannais Bainistíochta 2008

An tUas. I. Carter
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

E. Hardiman Uas.
Leas Príomhoifigeach Feidhmiúcháin/Bainisteoir Feidhmiúcháin

An tUas. B. Fitzgerald
Stiúrthóir Airgeadais

An tUas. P. Gallagher
Stiúrthóir Altranais

An tUas. K. Hardy
Stiúrthóir Acmhainní Daonna

An tUas. Niall McElwee
Bainisteoir, Seirbhísí Pleanála agus Teicniúla

An tUas. M. Buckley
Bainisteoir, Bainistíocht Eolais

An tUas. C. Robertson
Bainisteoir, Seirbhísí Tacaíochta Ginearálta

M. Kenny Uas.
Bainisteoir Ábhar

An Dr. C. Bergin
Stiúrthóir Cliniciúil, Stiúrthóireacht SaMS

An tOll. D. Coakley
Stiúrthóir Cliniciúil, Stiúrthóireacht MedEL

An Dr. K. O'Byrne
Stiúrthóir Cliniciúil, Stiúrthóireacht HOPE

An Dr. F. O'Connell
Stiúrthóir Cliniciúil, Stiúrthóireacht CResT

An tUas. P. Plunkett
Stiúrthóir Cliniciúil, An Rannóg Éigeandála

An Dr. P. W. N. Keeling
Stiúrthóir Cliniciúil, Stiúrthóireacht GEMs

An Dr. J Moriarty
Stiúrthóir Cliniciúil, Stiúrthóireacht ORIAN

An Dr. M. Keoghan
Stiúrthóir Cliniciúil, Stiúrthóireacht Diaglm

An Dr. B. O'Connell
Stiúrthóir Cliniciúil, Stiúrthóireacht LabMed

Comhairligh in Ospidéal Naomh Séamas

An Dr. Mark Abrahams	Ainéistéisí	An Dr. Niall Hughes	Ainéistéisí
An Dr. Mary Anglim	Gíniceolaí/ Cnáimhseoir	An Dr. Joseph Keane	Lia Riospráide
An Dr. Louise Barnes	Déirmeolaí	An Dr. John Kennedy	Oinceolaí Cliniciúil
An tUas. Eamonn Beausang	Máinlia Plaisteach & Athchruthaitheach	An tOll. Rose Anne Kenny	Geiriatraí
An Dr. Colm Bergin	Galair Ionfhabhtaíocha	An Dr. Mary Keoghan	Raideolaí
An tUas. David Borton	Máinlia Ortaipéideach	An tUas. John Kinsella	Oitlraingeolaí
An tUas. Terence Boyle	Máinlia Ginearálta	An tOll. Brian Lawlor	Síciatraí
An Dr. Brieda Boyle	Micribhitheolaí	An tUas. Thomas Lynch	Úireolaí
An Dr. Frank Brady	Máinlia Béil & Mascaille agus Béil	An Dr. Fionnuala Lyons	Ainéistéisí
An Dr. Paul Browne	Haemaiteolaí	An Dr. Fiona Lyons	Míochaine Úraiginiúil
An Dr. Miriam Casey	Geiriatraí	An tUas. Prakash Madhavan	Máinlia Soithíoch
An Dr. Susan Clarke	Galair Ionfhabhtaíocha	An Dr. Nasir Mahmud	Gaistreintreolaí
An tOll. Davis Coakley	Geiriatraí	An tOll. Shaun McCann	Haemaiteolaí
An Dr. Daniel Collins	Ainéistéisí	An Dr. Connail McCrory	Ainéistéisí
An tUas. Brendan Conlon	Oitlraingeolaí	An Dr. Ronan McDermott	Raideolaí
An Dr. Eibhlin Conneally	Haemaiteolaí	An Dr. Niall McEniff	Raideolaí
An Dr. Elizabeth Connolly	Ainéistéisí	Ellis McGovern Uas.	Máinlia Cairdeatóracsach
An Dr. Elizabeth Connolly	Máinlia Ginearálta	An tUas. Eamonn McGuinness	Gíniceolaí/ Cnáimhseoir
An Dr. John Cooney	Síciatraí Idirchaidrimh	An Dr. Susan McKiernan	Gaistreintreolaí
An Dr. Brendan Crowley	Micribhitheolaí	An Dr. Geraldine McMahon	Lia Éigeandála
An Dr. Vivion Crowley	Paiteolaí Ceimice	An Dr. Mairin McMenamin	Histeapaiteolaí
An Dr. Gaye Cunnane	Réamaiteolaí	An Dr. James Meaney	Raideolaí
An Dr. Conal Cunningham	Geiriatraí	An tUas. Brian Mehigan	Máinlia Ginearálta
An Dr. Colin Doherty	Néareolaí	An Dr. George Mellotte	Neifreolaí
An Dr. Michele Doran	Réamaiteolaí	An tUas. Dermot Moore	Máinlia Soithíoch
An Dr. Noreen Dowd	Ainéistéisí	An Dr. Jeanne Moriarty	Ainéistéisí
An Dr. Barbara Dunne	Histeapaiteolaí	An tOll. Fiona Mulcahy	Míochaine Úraiginiúil
Patricia Eadie	Máinlia Plaisteach & Athchruthaitheach	An Dr. Cian Muldoon	Histeapaiteolaí
An Dr. Carl Fagan	Ainéistéisí	An Dr. Niall Mulvihill	Cairdeolaí
An Dr. Ruairi Fahy	Lia Riospráide	An Dr. Ross Murphy	Cairdeolaí
An tOll. John Feely	Cógaseolaíocht Chliniciúil & Teiripic	An Dr. Siobhan Nicholson	Histeapaiteolaí
An Dr. Joseph Fitzgerald	Ainéistéisí	An tOll. John Nolan	Inchríneolaí
An Dr. Brendan Foley	Cairdeolaí	An Dr. Beatrice Nolan	Haemaiteolaí
An Dr. Patrick Freyne	Raideolaí	An tOll. Suzanne Norris	Gaistreintreolaí
An Dr. Eoin Gaffney	Histeapaiteolaí	An Dr. Sean O'Briain	Histeapaiteolaí
An Dr. Una Geary	Lia Éigeandála	An tOll. Kenneth O'Byrne	Oinceolaí Cliniciúil
An Dr. Elaine Greene	Síciatraí	An Dr. Finbarr O'Connell	Lia Riospráide
An Dr. Mairead Griffin	Histeapaiteolaí	An Dr. Brian O'Connell	Micribhitheolaí
An Dr. Michael Guiney	Raideolaí	An Dr. James O'Donnell	Haemaiteolaí Cliniciúil
An Dr. Joseph Harbison	Geiriatraí	An Dr. Derbhaile O'Donnell	Oinceolaí Cliniciúil
An Dr. Marie Louise Healy	Inchríneolaí		

Comhairligh in Ospidéal Naomh Séamas ar lean

An tUas. David O Donovan	Máinlia Plaisteach & Athchruthaitheach
An Dr. Ann Marie O Dwyer	Síciatraí
An Dr. Deridre O Mahony	Oinceolaí
An Dr. Aisling O Mahony	Ortadóntóir
An Dr. Catherine O Malley	Ainéistéisí
An Dr. Sean O Neill	Máinlia Soithíoch
An Dr. Deirdre O Riordan	Lia Ginearálta
An Dr. Patrick Ormond	Déirmeolaí
An Dr. Ellen Sullivan	Ainéistéisí
An Dr. Dermot O Toole	Gaistreintreolaí
An tUas. Patrick Plunkett	Lia Éigeandála
An Dr. Jenny Porter	Ainéistéisí
An Dr. Janice Redmond	Néareolaí
An Dr. Thomas Ryan	Ainéistéisí
An Dr. Mark Ryan	Raideolaí
An Dr. Patrick Scanlon	Ainéistéisí
An Dr. Thomas Schnittger	Ainéistéisí
An Dr. Bernard Silke	Lia Ginearálta
An tUas. Hugh Smyth	Máinlia Ortaipéideach
An tUas. Richard Stephens	Máinlia Ginearálta
An tOll. Conrad Timon	Oitlraingeolaí
An tUas. Michael Tolan	Máinlia Cardatóracsach
An Dr. Elizabeth Vandenberg	Haemaiteolaí
An Dr. Peter Vaughan	Ainéistéisí
An Dr. Carmel Wall	Consultant Anaesthetist
An tOll. James Bernard Walsh	Geiriatraí
An Dr. Michael Walsh	Cairdeolaí
An Dr. Rosemarie Watson	Déirmeolaí
An Dr. Barry White	Haemaiteolaí
An Dr. Graham Wilson	Raideolaí
An tUas. Vincent Young	Máinlia Cardatóracsach

Dlí agus Baincéireacht 2008

Iníúcháirí

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 1

Baincéirí

Bank of Ireland, 85 Sráid Shéamais, Baile Átha Cliath 8
Permanent TSB, 16-17 Faiche an Choláiste, Baile Átha Cliath 2

Comhairligh Dlí

Dlíodóirí A&L Goodbody, An Lárionad Seirbhísí Airgeadais
Idirnáisiúnta, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1

Bróicéirí Árachais

AON Ireland, 10/12 Bóthar Lansdowne, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4

Réamhrá ÓN gCATHAOIRLEACH



An tOll. Thomas Mitchell

Cathaoirleach
Bhoird an Ospidéal



Luaigh mé i mo réamhrá don Tuarascáil Bhliantúil 2007 go raibh na laethanta seo an-dúshlánacha don earnáil ospidéal in Éirinn. Ní raibh sé go hiomlán soiléir an tráth sin go raibh géarchéim eacnamaíochta chun seilbh a ghlacadh ar an domhan uile, agus go mbeadh Éire thíos leis níos mó ná tíortha eile. Is cinnte go bhfuil méadú tagtha ar na dúshláin le linn na bliana 2008, agus is cosúil go leanfaidh an méadú ar aghaidh sna blianta amach romhainn. Ba chóir go mbeadh

sé mar phríomhspríoc againn na droch-thionchair ar othair a íoslaghdaigh agus leibhéal an chúraim a chaomhnú sa seirbhís riachtanach poiblí seo. Cuireann sé ríméad orm a thuairisciú, in ainneoin an chúlaithe eacnamaíochta, d'éirigh le hOspidéal Naomh Séamas, don ochtú bliain i ndiaidh a chéile, dul thar a cheangail sheirbhísí gan easnamh a thabhu. Mar a tharla, d'éirigh leis an ospidéal níos fearr ná sin. Ar an ábhar go rabhamar ag tnúth le deacrachtaí sa todhcháí,



leag an tOspidéal síos coinníollacha d'fhonn barrachas a bhaint amach a cuideoidh linn i gcás easnaimh maoiniú amach anseo. De thoradh sin, bhí barrachas carnach de bheagnach €18m aige ag deireadh na bliana. Theastaigh bainistíocht stuama chomh maith le comhoibriú ó gach ball foirne san ospidéal chun an sprioc sin a bhaint amach. Thar ceann an Bhoird tréasláim le hlan Carter, a bhí i gceannas ar an éacht suntasach seo, agus an Stiúrthóir Airgeadais, Brian Fitzgerald, a léirigh a oilteacht i mbainistíocht airgeadais arís. Ach ní mór ár mbuíochas a chur in iúl do na Stiúrthóirí Cliniciúla agus do na Bainisteoirí Corparáideacha, agus don fhoireann uile. Gabhaimid buíochas libh as bhur gcomhoibriú agus bhur ngealltanas sna tréimhsí deacra.

Tá go leor comharthaí dearfacha eile le sonrú ón mbliain seo caite. Bhí méadú nótáilte i líon na gcásanna lae (46% níos mó ná a theilgeadh), clonadh atá ár dtreorú i dtreo cúram sláinte níos costéifeachtaí, nach bhfuil chomh suaiteach céanna don othar. Tá feabhas fós ag teacht ar ghrád an ospidéil maidir le cúrsaí sláinteachais agus smacht a choinneáil ar ghalair thógálacha. Chuaigh an spiorad dearfach atá le sonrú ó thaobh caidrimh thionsclaíoch de san ospidéal i bhfeidhm orm. Tá imní ann do leas na n-oibríthe uile agus mothú comhcuspóra a chiallaíonn leas do gach taobh.

Cé go raibh laghdú suntasach i méid an chistiú caipitil, tarraingíodh roinnt tionscadail thábhachtacha chun críche i



rith na bliana. D'insealbhaíodh scanóir PET/CT in Ospidéal 1, a cuireadh ar fáil ó mhí Meán Fómhair ar aghaidh. Is áis thar a bheith tábhachtach é agus tá sé ar an gcéad cheann dá leithéid a insealbhaíodh in ospidéal poiblí in Éirinn. Críochnaíodh Aonad Ardchleithiúnach de deich leaba agus cuireadh tús le forbairt a dhéanamh ar sé leaba breise a chur ar fail san Aonad Gárchabhair. Bhí na háiseanna seo de dhíth go géar agus tá sé práinneach anois. Táthar dóchasach go mbeidh siad críochnaithe agus in úsáid chomh luath agus is féidir.

Ach ní raibh gach rud chomh dearfach céanna. Is beag dul chun cinn atá déanta ó thaobh dul i ngleic leis an riachtanas tuilleadh seirbhísí agus áiseanna pobail a sholáthar dóibh siúd nach bhfuil fós faoi scoilteach ach a theastaíonn cúram fadtéarmach nó cúram gearthéarmach cónaithe uathu. De thoradh seo, caitear an-chuid de na hothair seo a choinneáil san ospidéal ar feadh tréimhse níos faide nuair nach bhfuil gá. Tá air Ospidéal Naomh Shéamas suas go 100 leaba nó níos mó a chur ar fáil do na hothair seo go rialta. Tá sé seo ar an bpríomh fáth go mbíonn ar dhaoine, a ligtear isteach tríd an aonad éigeandála, tréimhsí fada a chaitheamh ar thralaithe, agus an fáth a bhfuil na liostaí feithimh i gcomhair máinliacht roghnach ag méadú.

Tá togra cuimsitheach, nuálach iomluaite ag Ian Carter chun dul i ngleic leis an bhfadhb seo. Leagann sé amach sábháil chomhtháite chúraim, ar aon dul le polasaí an HSE, a bhunódh níos mó seirbhísí sa phobal ach iad a ailíniú le seirbhísí géarintneach an ospidéil. Bheadh an córas comhtháite bainistithe ag Grúpa Stiúrtha Ilchuimsitheach, a chuimsíonn daoine ó na grúpaí institiúideach ábhartha agus a oibríonn faoi údarás feidhmitheach an ospidéil. Go dtí seo, bhí freagra dearfach i leith an togra. Tríd an togra, tá an fhéidearthacht ann dul chun cinn sciobtha a dhéanamh, agus tá an dóchas ann go gcuirfidh chun cinn é gan mhoill.

Tá tionscadail fhorbartha eile an ospidéil moillithe freisin. Níl formheas faighte ón stát don Lárionad d'Aosú Rathúil. Is lárionad é seo a chomhlánóidh ar bealaí tábhachtacha na forbairtí i bpríomhchúram agus i gcúram an phobail, agus cruthóidh sé lárionad oideachais, taighde agus nuálaí a bheidh riachtanach chun riachtanais an phobail aosta a chomhlánú. Tá maoiniú príobháideach de \$20 milliúin faighte ó Dhaonchairdis Atlantacha. Tá sé á treorú ag foireann comhairleoirí den chéad scoth agus den chalabra idirnáisiúnta is airde agus is mór an méid buntáistí a chuireann sé ar fáil do Chúram Sláinte na hÉireann. Bheadh sé tragóideach dá mba rud é nár éirigh leis an lárionad an tacaíocht chuí a fháil ón stát chun an fhís a réalú.

Tá moill tagtha ar an dul chun cinn ar an Lárionad Liachta Acadúil thar an mbliain mar gheall ar na deacrachtaí teacht ar chomhréiteach idir na páirtithe. Leanfaidh na hiarrachtaí ar aghaidh buntáistí in oideachas agus i dtaighde liachtúil, a bheadh mar phríomhaidhm ag Lárionad cosúil le seo, a chinntiú chomh látharach céanna, agus táim muiníneach go n-éireoidh leo as a dheireadh.

Ach tá ag éirí go maith le hobair ar mhórfhorbairt eile. Ceadaíodh an foirgneamh nua de 3700 méadar cearnach, ina mbeidh áiseanna haemaifilia agus heipiteolaíochta chomh maith le Lárionad Taighde Cliniciúil lonnaithe, i gclár Caipitil an HSE 2008.

Ar an iomlán, tá ag éirí go maith leis an ospidéal in ainneoin na ndeacrachtaí. Leanfaidh sé ar aghaidh ag díriú ar an leibhéal is airde de sheirbhísí a sholáthair i rith na tréimhse cúlaitheach seo. Ina theannta sin, leanfaidh sé ar aghaidh ag pleanáil agus ag méadú a inniúlacht fanacht chun tosaigh ó thaobh teacht air agus cur i bhfeidhm eolas nua de, rud a sholadóidh cáilíocht seirbhísí sláinte na hÉireann sa todhchaí.

Tuarascáil ón bPríomhfheidhmeannach



An tUas. Ian Carter
Príomhfheidhmeannach

Bhí príomhfhócas feidhmiúcháin agus oibríochta a sainaithníodh 2008 láraithe ar bhaint amach na leibhéal pleanáilte de sheachadadh seirbhíse, taobh istigh de mhaoinithe ar fáil agus paraiméadair cháilíochta sonraithe, comhcheangailte le cur chun cinn tosaigh an chláir fhorbartha chaipitil. Arís, bhí na torthaí feidhmithe don bhliain an-inmholta.

Gníomhaíocht Chliniciúil

Ar an iomlán, sáraíodh spriocanna méideanna othar i ngach grúpa eochairchóireála [agus chuaigh sé thar aschur iomlán don bhliain roimhe sin].

Príomh Ghrúpálacha Cóireáil Othair	Beartaithe 2008	Iarbhir 2008	Beartaithe 2008/Iarbhir 2008
Cónaitheach	22,006	23,030	5%
Cúram Lae	61,522	89,921	46%
Seachtrach	166,751	196,403	18%

Daingníodh meadarachtaí feidhmíochta rochtana pleanáilte/ama feithimh chomh maith.

Roinn Éigeandála

- Bhí 93% d'fhreastail nua tríaiseáilte taobh istigh de 20 nóiméad [spríoc 100%]
- meánlíon othar ag fanacht ar leaba chónaithe (08:00) – 8 [spríoc <10]
- Tugadh 87% d'othair isteach san ospidéal taobh istigh de 12 uair an chloig ón am a sainaithníodh riachtanas do leaba ag 08:00 [spríoc 100%]

• Cónaitheach

- 93% comhlíonadh [tríú háit ar an iomlán – ag léiriú luach géilleadh is airde don ghrúpa mór-ospidéal acadúla²]
- 54% de gach iontráil éigeandála glactha san AMAU laistigh de sé uair an chloig [spríoc 100%]
- 48% de gach iontráil scaoilte laistigh de chúig lá [spríoc 50%]
- Liosta Feithimh
 - 89% othair ag feitheamh <4 mhí – 31.12.08 [spríoc 100%]

• Cúram Lae

Máinliacht Lae

- 95% othair ag feitheamh <4 mhí – 31.12.08 [spríoc 100%]

Ionscópacht

- 100% othair ag feitheamh <4 mhí - 31.12.08 [spríoc 100%]

Lean an Ospidéal ar aghaidh le cumas do chúram lae riachtanach a fhorbairt, agus mar gheall air sin bhí 74% de chóireálacha othar in 2008 déanta ar bhonn chúram lae. Tá an fheidhmíocht ard seo soiléir go háirithe taobh istigh de na speisialtachtaí de Haemaiteolaíocht/Oinceolaíocht, áit a raibh 93% de chóireálacha déanta ar bhonn chúram lae.

Taobh istigh de ghnáthaimh mháinliachta – tugadh faoi 61% de ghnáthaimh ‘25 Surgery Basket’ ar bhonn cúram lae. Ó thaobh comparáid roichte, daingníodh an NTP le déanaí⁴ go raibh an t-am feithimh mhéanach is lú ag Ospidéal Naomh Séamas d’othair liachtúla/máinliachta agus an t-am feithimh meán-roichte is lú sa Ghrúpa Mhór-ospidéal Acadúil d’othair liachtúla/máinliachta. Go náisiúnta, bhí san ochtú áit – le rancáil níos airde ag 6 ospidéal ar an ábhar gur ospidéal aon-speisialtacht iad/gan Roinn Éigeandála/níos lú ná 200 leaba.

- Am Feithimh Náisiúnta (míonna) d’othair liachtúla/máinliachta – aimheán 2.6 mhí

- Am Feithimh SJH (míonna) d’othair liachtúla/máinliachta – aimheán 1.8 mhí

1 Acute Hospital Bed Review 2008 – PA Consulting Group
 2 Mater Misericordiae Hospital, St. Vincent’s, St. James’s, University Hospital Galway, Midwest Regional Hospital, Limerick Tallaght, Beaumont
 3 British Association of Day Surgery – BADS 1999
 4 NTPF National Treatment Patient Register 2009

Príomhdhúshláin

- Cé go raibh luacha méid clinice agus feidhmiú rochtain, seachas rochtain othair seachtracha sásúil go ginearálta, tá roinnt fachtóirí seachtracha agus inmheánacha áirithe ag cuir dhúshláin mhóra ós comhair an Ospidéal.

• Tinrimh AÉ

- ardú ar géire/castacht ag teacht le 21% de thinrimh nua triáiseáilte mar chatagóir 1/2.

• Othair Chónaithe

- ardú ar géire/castacht ag teacht ó AÉ agus treorú treasach go háirithe teacht i láthair ailse/tórcasach/soithíoch/cairdeolaíocht/GI Uachtarach

- ciorrú ar thacaíocht baile ar chúinsí airgid taobh istigh den PCCC

- Fáiteall leaba phobail easnamhach

• Othair Seachtracha

- ardú 4% ar atreoraithe nua
- ardú suntasach ar méid atreoraithe faighte ó lasmuigh den dobharcheantar ainmnithe agus maoinithe.

Tionchar – Othar/Ospidéal

Is féidir tionchar na ndúshlán seo a achoimriú mar seo a leanas:

• AÉ

- dúshlán mór do ábaltacht Stiúrthóireacht an AÉ/AMAU chun bainistíocht a dhéanamh ar mhéadú méid agus géire – agus bhí próiseáil othair níos lú ná optamach mar thoradh air seo

• Othair Cónaitheach

- Bhí ardú méid/géire/castacht ghá cóireáil go minic níos mó ná acmhainn cúraim ghéire a bhí ann agus bhí moill ar rochtain mar thoradh air seo go háirithe d’othair a theastaigh cóiríocht géarchúraim iar-obráide uathu
- cúram fadtéarmach d’othair i mbaol, go háirithe seandaoine, taobh istigh de thimpeallacht ghéarbhard agus
- rochtain laghdaithe go mór go háirithe do bhonn géarleaba a chiallaigh méadaithe in ama feithimh san AÉ (bhí cosc ar 17% de ghéarleapacha)
- rochtain laghdaithe d’aistriú treasach
- rochtain laghdaithe do chohóirt othair rognach

- **OPD**

- tá an t-éileamh seachtrach, go háirithe ar Dheirmeolaíocht, ar Néareolaíocht, ar Inchríneolaíocht agus ar Úireolaíocht, thar thoilleadh láithreach an ospidéil. Tá drochthionchar aige seo ar ama feithimh n-othar

Riachtanais Eochairathruithe

Tá riachtanas soiléir agus láithreach ann fós chun:

- toilleadh OPD a mhéadú
- forálacha socrúcháin do chúram an phobail chuí a chinntiú
- toilleadh do chúram criticiúil a mhéadú
- toilleadh do AÉ/AMAU a mhéadú – go háirithe ag grád an Chomhairligh
- clár bhainistíochta do ghalair ainsealacha a leathnú/phríomhshruthú

- **Toilleadh OPD a mhéadú**

- lean an tacaíocht ó NTPF ar aghaidh chun tionscadail i réimse an Deirmeolaíochta, an Réamaiteolaíochta agus an Úireolaíochta a fhorbairt agus a chur i ngníomh. De thoradh air sin, beidh fáil ag níos mó daoine ar na seirbhísí agus beidh laghdú ar na hama feithimh.

- **forálacha socrúcháin do chúram an phobail chuí a chinntiú**

- Seo a leanas rudaí a tharla don ospidéal idir na bliana 07/08
 - laghdú 14% de fhorálacha leapacha poiblí.
 - laghdú 2% de fhorálacha leapacha DDI

- **Toilleadh do Chúram Criticiúil a Mhéadú**

- Sa bhliain 2007 fuair an tOspidéal an t-airgead cuí chun tús a chur le forbairt ar 11 leapacha dianchúraim. - críochnaíodh an obair seo sa bhliain 2008. Sa bhliain céanna, níor chuireadh an t-airgead cuí chun na leapacha seo a sholáthair don phobal ar fáil agus fanann siad gan bhearnú.

- **Toilleadh do AÉ/AMAU a mhéadú – go háirithe ag grád an Chomhairligh**

- le linn na bliana 2007 chomhlíonadh Naomh Séamas spriocanna leagtha taobh istigh de Thionscnamh HSE 100+ - “Luaíocht d’Ospidéal a bhfuil Ranna Éigeandála Ardfeimithe” acu agus fuair an tOspidéal deimhniú i scríbhinn go bhfaigheadh sé maoiniú riachtanach le sé Chomhairleach breise a fhostú – níor tháinig an maoiniú sa bhliain 2008 agus mar gheall air seo, níl aon dul chun cinn déanta ar na poist.

- **clár bhainistíochta do ghalair ainsealacha a leathnú/phríomhshruthú.**

- trí fhorálacha maoiniú Nuálaí, bhí an tOspidéal in ann níos mó leathnú/phríomhshruthú a dhéanamh ar chlár do ghalair ainsealacha
- Clár Bainistíochta do Ghalair Ainsealacha Constaiceacha Scamhógacha
- Clár Bainistíochta Titimis Clár
- Bainistíochta Warafin

Airgeadas

Bhí toradh airgeadais thar a bheith sásúil ag an Ospidéal, agus barrachas bliain tar éis bliana de €12.521m ar leithdháileadh HSE de €382.019m.

D’éirigh le táirgeacht go cuspóireach trí chnuaisciúiní oibríochta an Ospidéal a fheabhsú laistigh de chreatlach a lean ar aghaidh ag comhlíonadh spriocanna cóireála cliniciúla, mar a chomhaontaíodh leis an HSE. Bheartaíodh air seo a dhéanamh d’fhonn toradh na n-impleachtaí a bheas ar choiriú lármaoiniú do na bliana 2009/2010 a éascú.

Baineadh an suíomh deireadh bliana seo amach trí cheannaireacht áitiúil éifeachtach ag na Stiúrthóirí Cliniciúla, éascaithe ag rialúcháin lárnacha cuí phan-ospidéal.

Cáilíocht

- **Bainistíocht Riosca**

Daingníodh leathnú agus feabhsúchán sa bhreis ar an gclár seo go háirithe maidir le:

- Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta
- Smacht Infhabhtaíochta - Clostridium difficile/Meticillin-Resistant Staphylococcus Aureus (MRSA)
- Sterivigilance
- Faireachas cógas

- **Clár Tacaíochta Othar**

Le linn na bliana 2008, reachtaíodh trí Fhóram Comhairliúcháin Phobail a thug an deis don phobal a tuairimí a chur in iúl don Ospidéal. Leanfaidh an tionscnamh seo ar aghaidh sa bhliain 2009.

• Clár Tascaire Feidhmíochta

Tá an clár seo ag lorg 136 eochairmhéadrach feidhmíochta faoi láthair agus é comhtháite go cuí taobh istigh de chóras maonatóireachta/rialúcháin an ospidéil.

Sa bhliain 2008, cuireadh táscairí ag meá gníomhaíocht ailse agus fáil ar na modúlachtaí fáthmheasa agus ionraimh le clár an ospidéil.

Tá an Clár Táscaire Feidhmíochta tar éis a bheith aitheanta agus tacaíthe go háitiúil agus go hidirnáisiúnta.

Forbairt Chaipitil

Bhí dul chun cinn/tús curtha le roinnt forbairtí tábhachtacha caipitil san ospidéal le linn 2008, ina measc:

- tús le forbairt d'Áis Oinceolaíochta Radaíochta
- Áis Positron Emission Tomography (PET/CT) oscailte in Ospidéal 1
- bunaíodh Áis Íomháu Athshondais Maighnéadaigh (MRI) 3T (Maoinithe ag HRB)
- Críochnaíodh an dearadh ar an Áis Othar Cónaithe Haemaiteolaíochta & Heipiteolaíochta
- Sciathán dhá stór don Roinn Poitigéara
- Dearadh don Áis Nua Thaighde Ciniciúil (lontaobhas Wellcome) críochnaithe
- Bunaíodh Saotharlann Scileanna Cliniciúla
- Áiseanna dianchúraim leathnaithe amach

Taighde agus Oideachas

Eochairéachta Tús le forbairt na hÁise Taighde Cliniciúil ar an gcampas.

D'fhoilsigh foireann an ospidéil 246 foilseachán athbhreithnithe comhpháirtí le linn na bliana.

Tríd is tríd, chomhlíon Naomh Séamas go rathúil agus go hiomlán ar gach comhaontú leis an HSE i dtéarmaí leibhéal seirbhíse, forbartha agus airgeadais do 2008.

Níor baineadh na héachtaí seo amach ach amháin trí fhreagairtí leanúnacha suntasacha agus tiomantas na foirne san Ospidéal. Tá mé buíoch díobh dá nuálaíocht, tiomantas agus tacaíocht le stádas Naomh Séamas a chinntiú agus a chur chun cinn in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

Tá mé ag súil lena dtacaíocht leanúnach sna dúshláin atá romhainn in 2009.

Ian Carter
Príomhfheidhmeannach

Buaicphointí Feidhmíochta

Leibhéal Gníomhaíochta Réamh-Mheasta do 2008

Tréimhse Eanáir – Nollaig 2008	Gníomhaíocht 2008		Gníomhaíocht Réamh-mheasta 2008			
	Líon Othar Chónaithe Scaoilte amach	Cásanna Lae	Líon Othar Chónaithe Scaoilte amach	Cásanna Lae	% Athraitheas OC	% Athraitheas CL
Cairdeolaíocht	3133	3682	1971	2425	59%	52%
Deirmeolaíocht	24	5283	34	3257	-29%	62%
Roinn Éigeandála	172		900		-81%	
Inchríneolaíocht DDC		9744		6913		41%
CSS	500	250	690	280	-28%	-11%
Máinliacht Ghinearálta	2325	5912	2220	4998	5%	18%
GUIDE	490	4705	276	1650	78%	185%
Gíniceolaíocht	583	500	681	238	-14%	110%
Haemaiteolaíocht	945	10838	676	6971	40%	55%
Mascaille agus Béil	882	93	885	121	0%	-23%
Leigheas	6222	18954	5798	12282	7%	54%
Leigheas d'Aosaigh	984	7085	1023	6500	-4%	9%
Oinceolaíocht	1196	12970	729	10383	64%	25%
Ortaipéidigh	1147	337	1320	211	-13%	60%
Máinliacht Phlaisteach	1458	2718	1899	2854	-23%	-5%
Síciatracht	495		470		5%	
Réamaiteolaíocht	626	5454	492	1500	27%	264%
Máinliacht Chairdiach	406		512		-21%	
Máinliacht Tórcasach	446		348		28%	
Úireolaíocht	458	1362	501	879	-9%	55%
Máinliacht Soithíoch	538	34	581	60	-7%	-43%
Iomlán	23030	89921	22006	61522	5%	46%
Gníomhaíochtaí Othar Seachtrach					Athraitheas	
	Fíor		Réamh-mheasta		%	%
	Nua	Filleadh	Nua	Filleadh	Nua	Filleadh
Tinrimh	51699	144082	50356	116395	3%	24%

Nóta 1: Cuimsíonn Othair Chónaithe Liachta othair Riospráide/Inchríneacha/Gaistreintreolaíochta/Heipiteolaíochta/Néareolaíochta/Imdhíoneolaíochta/Ghinearálta.

Nóta 2: Ní chuimsíonn gníomhaíocht othair chónaithe iomlán othair NTPF.

Nóta 3: Cuimsíonn cásanna liachta lae Riospráide/Gaistreintreolaíochta/Heipiteolaíochta/Néareolaíochta/Neiphreolaíochta/Imdhíoneolaíochta/Néarafiseolaíochta/Teiripe Péine

Nóta 4: Cuimsíonn cásanna Haemaiteolaíochta lae cásanna haemaifíla lae nchod.

Nóta 5: Ní chuimsíonn gníomhaíocht othar seachtrach othair chóireálta do Réamaiteolaíocht & Deirmeolaíocht.

Liosta Feithimh Othar Cónaithe Ospidéal Naomh Séamas ar an 31 Nollaig 2008

ACHOIMRE	30	60	90	120	150	182	210	240	365	>365	IOMLÁN
Liosta feithimh ar an 31/12/2007	245	179	177	229	9	31	0	0	0	0	870
Liosta feithimh ar an 31/12/2008	235	214	156	257	50	53	0	0	0	0	965
Athraitheas	-4%	20%	-12%	12%	>100%	71%	0%	0%	0%	0%	11%

SPEISIALTACHT	Stádas Reatha ar an 31/12/2008										
	30	60	90	120	150	182	210	240	365	> 365	IOMLÁN
C.S.S.	35	23	13	22	0	0	0	0	0	0	93
GÍNÉICEOLAÍOCHT	28	11	9	13	0	0	0	0	0	0	61
MASCAILLE AGUS BÉIL	16	15	28	19	0	0	0	0	0	0	78
ORTAIPÉIDIC	14	13	8	17	0	0	0	0	0	0	52
BAINISTÍOCHT PÉINE	0	0	0	9	0	0	0	0	0	0	9
PLAISTIGH	17	46	24	41	0	0	0	0	0	0	128
MÁINLIACHT	50	31	19	34	15	17	0	0	0	0	166
MÁINLIACHT TÓRACSACH	16	15	18	24	32	35	0	0	0	0	140
ÚIREOLAÍOCHT	22	13	15	35	2	0	0	0	0	0	87
SOITHÍOCH	37	47	22	43	1	1	0	0	0	0	151
Iomlán	235	214	156	257	50	53	0	0	0	0	965

Liosta Feithimh an Aonaid Máinliacht Lae ar an 31 Nollaig 2008

ACHOIMRE	30	60	90	120	150	182	210	240	365	>365	IOMLÁN
Liosta feithimh DSU ar an 31/12/2007	397	436	216	175	9	0	0	0	0	0	1233
Liosta feithimh DSU ar an 31/12/2008	489	338	243	181	19	24	19	1	1	0	1315
Athraitheas	23%	-22%	13%	3%	>100%	0%	0%	0%	0%	0%	7%

SPEISIALTACHT	Stádas Reatha ar an 31/12/2008										
	30	60	90	120	150	182	210	240	365	> 365	IOMLÁN
CAIRDEOLAÍOCHT	3	4	0	0	0	0	0	0	0	0	7
DEIRMEOLAÍOCHT	57	52	33	34	4	0	0	0	0	0	180
C.S.S.	22	5	1	0	0	0	0	0	0	0	28
GÍNÉOLAÍOCHT	24	18	8	0	0	0	0	0	0	0	50
MASCAILLE AGUS BÉIL	23	21	31	4	0	0	0	0	0	0	79
ORTAIPÉIDIC	31	7	4	2	0	0	0	0	0	0	44
BAINISTÍÚ PÉINE	88	90	67	42	15	24	19	1	1	0	347
PLAISTIGH	127	92	60	57	0	0	0	0	0	0	336
MÁINLIACHT	79	34	28	19	0	0	0	0	0	0	160
ÚIREOLAÍOCHT	35	15	11	23	0	0	0	0	0	0	84
Iomlán	489	338	243	181	19	24	19	1	1	0	1315

*Nóta: Ní chuimsíonn liosta feithimh an Aonaid Mhainliachta Lae ach othair Phoiblí atá ag fanacht.

An tAonad Ionscopachta, Ospidéal Naomh Séamas, Liosta Feithimh ar an 31 Nollaig 2008

ACHOIMRE	30	60	90	120	150	182	210	240	365	>365	IOMLÁN
Liosta Feithimh ar an 31/12/2007	123	330	122	0	0	0	0	0	0	0	575
Liosta Feithimh ar an 31/12/2008	199	293	138	80	2	0	0	0	0	0	712
Athraitheas	62%	-11%	13%	0%	0%	0%	0%	0%	0%	0%	24%

SPEISIALTACHT	Stádas Reatha ar an 31/12/2008										
	30	60	90	120	150	182	210	240	365	> 365	IOMLÁN
GAISTREINTREOLAÍOCHT	118	236	132	80	2	0	0	0	0	0	568
MÁINLIACHT	46	48	6	0	0	0	0	0	0	0	100
ÚIREOLAÍOCHT	35	9	0	0	0	0	0	0	0	0	44
Iomlán	199	293	138	80	2	0	0	0	0	0	712



Tuarascálacha an Rannáin Chorpharáide

An Roinn Airgeadais

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse ó 1 Eanáir 2007 go 31 Nollaig 2007 (ag brath ar thuarascáil iniúchadh deiridh)

	2008 €'000	2007 €'000
Easnamh Tosaigh/(Barrachas)	-5,384	-1,724
Caiteachas Pá	264,534	252,165
Caiteachas Neamh-Phá	158,159	156,917
Ollchaiteachas, easnamh san áireamh	417,309	407,358
Ioncam	-53,195	-47,802
Glan-Chaiteachas don bhliain	364,114	359,556
Cinneadh don bhliain	382,019	364,940
Easnamh Deiridh/(Barrachas)	-17,905	-5,384

Clár Comhordaithe amhail 31 Nollaig

	2007 €'000	2006 €'000
Sócmhainní Dochta		
Sócmhainní Inbhráite	217,938	215,883
Sócmhainní Reatha		
Féichiúnaithe	115,647	59,899
Stoic	10,638	9,493
Iarmhéideanna Bainc agus Airgid	221	13,241
	126,506	82,633
Creidiúnaithe – níos lú ná bliain amháin		
Creidiúnaithe	-82,355	-73,957
Rótharraingt Bhainc	-23,446	0
	-105,801	-73,957
Glan-Sócmhainní Reatha	20,705	8,676
Iomlán na Sócmhainní	238,643	224,559
Creidiúnaithe – níos mó ná bliain amháin		
Iasachtaí Bainc	0	-1,793
Iomlán na nGlan-Sócmhainní	238,643	222,766
Caipiteal agus Cúlchistí		
Barrachas/(Easnamh) an Chuntais Ioncaim & Caiteachais	17,905	5,384
Easnamh an Chuntais Ioncaim Chaipitil agus Caiteachais	2,800	1,499
Cuntas Caipitlithe	217,938	215,883
	238,643	222,766



An tUas. Brian Fitzgerald
Stiúrthóir Airgeadais

Léirigh na Ráitis Airgeadais don tréimhse thuarascála 1 Eanáir 2008 go dtí 31 Nollaig 2008 (faoi réir iniúchta dheireanacha) barrachas de €12.521m. Ba €422.693m a bhí in ollchaiteachas an Ospidéal, agus €435.214m de mhaoiniú ioncaim agus státchiste. Chomh maith le barrachas 2008 bhí barrachas tosaigh de €5.384m ag an Ospidéal tugtha ar aghaidh ó 2007. Mar sin, ba €17.905m an barrachas carnach tugtha ar aghaidh amhail 31 Nollaig 2008.

Forléargas ar Chaiteachas agus Ioncam

Net expenditure increased by €4.558m (1.3%) when compared with the previous year, of which pay expenditure increased by €12.369m (4.9%), non-pay expenditure increased by €1.242m (0.08%) and Income increased by €5.393m (11.28%).

Bhain na príomhghnéithe arduithe/laghduithe sa chaiteachas agus san ioncam don bhliain leis na nithe seo a leanas:

Tuairisc ar Chaiteachas	€'000
Baineann le Párolla	
Dámhachtainí Náisiúnta Pá: Dul chun cinn a choinneáil i dtreo 2016	10.732m
Incrimintí Pá	2.138m
Forbairt seirbhíse na bliana reatha agus na bliana roimhe Breisithe ragoibre/gníomhaireachta/agus párolla eile Pinsin ardaithe agus cnapshuimeanna	1.742m
Tionscadail Éifeachtacha Éagsúla	0.414m
	0.639m
	3.296m
Fo-iomlán Párolla	12.369m
Nach mbaineann le pá	
Drugáí agus cógais leighis	0.243m
Fuil/táirgí fola	3.293m
Earraí liachta agus máinliachta inchaite	0.233m
Earraí inchaite saotharlainne srl.	1.238m
Trealamh liachta agus cothabháil trealaimh	1.636m
Glanadh	0.157m
Raideolaíocht	0.401m
Seirbhísí próifisiúnta, aireachais, iniúchta & dlíthiúla	0.838m
Tionscadail Éifeachtacha Éagsúla	3.367m
Fo-iomlán nach mbaineann le pá	1.242m
Baineann le hIoncam	
Ioncam ó chóiríocht other, tobhaigh Rialtais san áireamh	3.495m
Aoisliúntas – rannócaíochtaí pinsin fostaithe ardaithe	0.571m
Paiteolaíocht/cógais leighis/aonad mhiondíola/páirceáil/eile	1.327m
Fo-iomlán a bhaineann le hioncam	5.164m

Tráchtairacht

Chuaigh an t-ospidéal thar spriocanna seachadta seirbhíse don bhliain agus bhí an lucht bainistíochta airdeallach ar bhagairtí don gheilleagar. Ag tús na bliana chuir an lucht bainistíochta straitéisí i ngníomh chun feabhas a chur ar éifeachtacht oibríochta iomlán an ospidéal agus pleananna a chur i bhfeidhm aige chun brabach a bhaint amach a chabhródh leis an ospidéal i gcás aon ísliú ar mhaoiniú lárnach sa todhchaí. D'éirigh go maith leis an straitéis agus tugann an t-ospidéal brabach de €17.905m a chabhródh leis an ospidéal aghaidh a thabhairt ar an timpeallacht phoiblí bhactha sa todhchaí ó thaobh chúrsaí airgeadais de.

Bhí an chreatlach mhonatóireachta agus ghnóthaíochta seirbhíse/maoinithe, faoi stiúir Fheidhmeannas na Seirbhíse Sláinte ina ceathrú bliain feidhmithe agus chuaigh sé níos faide i dtreo na béime ar maoiniú laghdaithe ospidéal ar mhaithe le hinfheistíocht a sholáthar i seirbhísí cúraim phobail.

Tá na Stiúrthóirí Cliniciúla, na Bainisteoirí Corparáide agus na foirne Bainistíochta éagsúla le moladh ar a bhfeidhmíocht bainistíochta airgeadais.

Samhail Mhaoinithe an Mheascáin Cásanna

(Torthaí foilsithe deireanach in 2008).

Tugadh mionardú de €870,000 don ospidéal mar gheall ar shamhail mhaoinithe an mheascáin cásanna do ghníomhaíocht agus caiteachas bainteach don bhliain 2007.

Caiteachas Caipitil/Infreastruchtúir

Caiteachas Caipitil/Infreastruchtúir Ba €12.466 a bhí sa chaiteachas ar mhórhionscadail chaipitil in 2008 i gcomparáid le €7.777 in 2007. Ina theannta sin, d'infheistigh an t-ospidéal €7.206m ó fhoinsí maoinithe ioncaim ar fheabhsúcháin d'infreastruchtúir agus ar athchur trealaimh.

Bainistíocht Ábhar



An tUas. Vincent Callan

Acting Materials Manager

An tUas. Conor Buckley

Bainisteoir Oibríochta Gníomhach

Tá cúram corparáideach ag an Roinn um Bainistiú Ábhar do sholáthar earraí agus seirbhísí don Ospidéal agus leanann ar aghaidh ag cur seirbhísí slabhra an tsoláthair, ó thús deireadh, ar fáil a chuimsíonn soláthar, lóistíocht, r-thráchtáil, úsáideoir cliniciúil agus tacaíocht soláthraí.

Is é ról an Roinn um Bainistiú Ábhar:


- Géilliúlacht a chinntiú le treoirlínte agus rialacháin náisiúnta agus an AE trí polasaithe a bhunú agus a chothú maidir le dlí soláthair.
- Cleachtas tráchtála is fearr a chur i bhfeidhm ó thaobh soláthar de, a chinntíonn go bhfuil an bunphrionsabal de chostas is ísle leis an riosca is lú leagtha ar gach chinneadh ceannaíochta
- Cleachtais agus modhanna bainistíochta fardail cuí a fhorbairt agus a chothú
- Seirbhís ceannaíochta agus soláthair, dírithe ar an gcustaiméir, a chur ar fáil d'úsáideoirí
- Monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht na n-eochaireilimintí de shlabhra an tsoláthair agus rudaí a chur ina gceart, más gá.

Eochairfhorbairtí

- Cuireadh córas digiteach de ‘ghabháil agus aisghabháil’ i bhfeidhm ar dhoiciméadú seachadta.
- Leathnú amach de fheidhmiúlacht gaolmhara chun doiciméadaí conartha a chuimsiú.
- Fiosrúcháin maidir le comhtháthú Bainistíocht Seirbhísí Seachtracha le seirbhísí inmheánacha an Ospidéal.
- Forbairt agus feabhsú leanúnach de chóras ERP an Ospidéal.
- Cur i bhfeidhm conarthaí coinsíneachta do steintíní ‘Drug Eluting’ agus Dífhibríleoirí Ionchlannána Croíthe.
- Forbairt ar chonarthaí do Phacaí Máinliachta Ath-inúsáidte, do Bhainistiú Phian agus do Tháirgí Eintreameicniúla.
- Ba €65,474,764.00 a bhí sa luach fáltais do 2008 ina raibh 10,000 líne tháirgí ó 1,000 díoltóir.
- Bhí feabhas ar láimhdeachas stoic ó 14 go dtí 19 uair bliain tar éis bliana.

Lean gníomhaíocht na roinne ag fás in 2008, ag glacadh páirte i bhforbairtí conartha nua agus ag soláthar bhainistiú fardail do 10,000 táirge a cuireadh ar fáil do 184 roinn.

Gníomhaíocht Euro 1997-2008



Feidhmiú Bainistíochta Oibríochtaí

Díríonn feidhm Bhainistithe Oibríochtaí na Roinne ar dhearachd agus ar chur i bhfeidhm gach próisis de shlabhra an tsoláthair a bhaineann le sreabhadh earraí agus seirbhísí ó ghníomhaireachtaí seachtracha tríd an eagraíocht go dtí go mbíonn siad caite sa deireadh thiar. Ba é laghdú éagsúlacht na dtáirgí agus caighdeánú a bhí mar phríomhfhócas arís

don bhliain 2008. Ba €11,017,066 a bhí sa luach fáltais stoic do 2008 ina raibh 2,000 líne tháirgí ó 138 díoltóirí. Phróiseáil an roinn níos mó ná 28,000 ordú stoic do 184 roinn, chomh maith le seirbhís lóistíochta a chur ar fáil don Roinn Poitigéara agus Línéadacha. Baineadh tuilleadh feabhsúchán amach ó thaobh éifeachtach fardail na roinne trí láimhdeachas stoic de 19 uair sa bhliain a bhaint amach, i gcomparáid le 14 uair sa bhliain an bhliain roimhe sin.

Tháinig méadú suntasach ar líon na dtáirgí ar a dhéantar bainistíocht orthu ar choinsíneacht le linn na bliana, go háirithe steintíní ‘drug eluting’ agus dífhibríleoirí ionchlannána croíthe. D’ardaigh luach fardail choinsíneachta go 3.5 milliúin, rud a bhí sonrach ó thaobh riosca don ospidéal a laghdú, infheistiú i bhfardal a laghdú chomh maith le rogha níos leithne de tháirgí a chur ar fáil.

Lean an feidhm ceannaigh ag leathnú a phunann táirgí agus ag bainistiú eochairchuntais dhíoltóirí. Bhí réasúnú den bhonn soláthair agus comhbhailiúcháin táirgí do cheannachtaí neamhchonartha ina n-eochairfhócais don fheidhmeannas in 2008. Lean an fhoireann cheannaíochta ag obair leis an bhfeidhmeannas conarthaí ar roinnt tionscadail conarthaí.

Achoimre Gníomhaíochta Oibríochtaí

Réimse Táirgí	13,000
Orduithe Ceannaigh Ginte	26,869
Seachadtaí Glactha	46,652
Orduithe Stoic Próiseáilte	28,330
Díoltóirí	1,011

Stocáireamh Dheireadh Bliana 2008

Rinne an Roinn um Bainistiú Ábhar stocáireamh dheireadh bliana ar an 28 agus an 29 Samhain. Bhísé seo comhdhéanta de sainnithint, comhaireamh agus taifeadadh de bhreis is 8,000 táirge i gcúig réimse Bainistithe Fardail agus 73 réimse cliniciúla. Bhí laghdú i luach Fardail Dheireadh ó fhigiúr 2007. Is mar gheall ar chur i bhfeidhm rialacháin Fardail níos éifeachtaí agus tuilleadh laghdaithe costais tríd an bpróiseas forthairisceana.

Torthaí stocáireamh dheireadh bliana 2008	Luach
Luach Bainistithe Fardail	€ 991,767.59
Luach Bainistithe Neamh-Fhardail	€2,312,187.28

Feidhm Conarthaí

Mhéadaigh an Fheidhm Conarthaí, a cuimsíonn dhá Bhainisteoir Conarthaí agus Bainisteoir Soláthair Cliniciúil amháin, méid na gconarthaí foirmiúla, curtha i bhfeidhm trí chomhairliú le tomhaltóirí agus tríd an bpróiseas forthairisceana.

Bhí an Fheidhm Conarthaí gafa leis an bpróiseas forthairisceana i gcomhair caiteachais nach mbaineann le pá (ag fágáil Poitigéireachtaí agus Trealaimh Liachta as) a chuimsigh, anuas air rudaí eile:

- Gairis Liachta
- Ábhar inchaite ginearálta
- Córais teicneolaíochta faisnéise
- Seirbhísí tógála agus gaolmhara
- Seirbhísí foirne
- Seirbhísí cothabhála
- Fearais saotharlainne agus ábhar inchaite gaolmhara
- Seirbhísí comhairlithe
- Seirbhísí proifisiúnta

Is é sainchúram na feidhmeanna Conarthaí rioscaí an Ospidéal a laghdú, is féidir iad a chatagóiriú mar riosca Cliniciúil, riosca Dlíthiúil agus Riosca Tráchtála.

Riosca Cliniciúil: Déanann an Bainisteoir Soláthair Cliniciúla seiceáil ar na táirgí nua a thugtar isteach san Ospidéal.

Déanann grúpaí stiúrtha ildisciplíneacha na cinní ar sholáthair táirgí/réimsí táirgí nua nó ionadaíocht ar na táirgí a bhfuil ann.

Riosca Dlíthiúil: Cinntíonn an Fheidhm Conarthaí géilleadh le reachtaíocht soláthair Náisiúnta agus an AE agus tugann sé comhairle do gach úsáideora bainteach le gníomhaí soláthairtí.

Riosca Tráchtála: Cinntíonn an Fheidhm Conarthaí go smaoinítear ar gach costas a bhaineann le soláthar, rud a áiríthíonn Luach ar Airgead. Dréachtaíonn agus cuireann an feidhm comhaontuithe rúpacha Tráchtála.

Leanann líon na dtáirgí agus seirbhísí atá ar fáil trí chonradh foirmiúil ag fás. Déantar anailísí leanúnach ar mhargaidh sholáthair d'fhonn teacht ar deiseanna nua agus luach ar airgead a chinntiú.

Tionscnaimh Cumasaithe ag TF Bainistiú SAP/Ábhar 2008

Lean an roinn ag obair i gcomhpháirtíocht le foireann Airgeadais SAP/Bainistiú Ábhar an ospidéal ar roinnt tionscnamh.

Rinneadh forbairt ar roinnt tuairisc áitiúla a chuidigh le díotha gnó an Ospidéal.

- Tá na cúig ghnáth-thuairisc Fhoréileamh SAP athchurtha le haon tuairisc amháin. Déanann sé na rudaí seo a leanas
 - shimplíonn sé an comhéadan úsáideora
 - chomhdhlúthaíonn sé sonraí ar aon scáileán amháin
 - dhearadh é chun easpórtáil do chórais dheasc a éascú
- Tá feabhas déanta ar an gcóras lorgaireachta d'earraí bainistithe srathacha ar luach ard
- Tá moill ar an tuairisc sonraisc, a cuidíonn leis an lorgaireacht chomhtháite agus bainistíocht de shonraisc fhadhbacha trí innéacsú a dhéanamh ar an gcineál fadhb a bhaineann le gach sonrasc.
- Cruthaíodh tuairisc cheistiú fhardal nua a chuireann ar a gcumas ag duine feiceáil an méid fardail atá in aon roinn ar a dhéantar bainistíocht fardail. Baintear úsáid as an tuairisc seo chun buanmhonatóireacht fardail a spreagadh
- Cuireadh cabhair ar fáil don ollghlanadh ábhair a fuair réidh le nithe seanchaite nó nach raibh ag imeacht go tapa ón mbunachar sonraí. Bhí dhá phríomhbhuntaíste a bhain leis seo. Tá laghdú ar líon na mbotún a bhaineann le hiarrachtaí soláthair táirgí díláithrithe agus feabhas tagtha ar ghníomhaíocht bunachar sonraí.
- Feidhmíonn an córas íocaíocht do dhíoltóirí eachtrannacha go huathoibríodh anois
- Forfheidhmnithe déanta ar an gcóras digiteach de 'ghabháil agus aisghabháil' ar dhoiciméadú seachadta. Leathnú amach de fheidhmiúlacht gaolmhara chun doiciméadaí conartha a chuimsiú.

Acmhainní Daonna



An tUas. Ken Hardy

Stiúrthóir Acmhainní Daonna

An tUas. Gerry Heffernan

Leas-Stiúrthóir Acmhainní Daonna

Eochairfhorbairtí le linn 2008

Le linn 2008 lean an roinn um Acmhainní Daonna lena clár athstruchtúraithe agus a feabhais ghinearálta do bhainisteoirí agus d'fhoireann an Ospidéal. Seo a leanas roinnt de na príomhchomharthaí:

- Rinneadh forbairt ar chuspóir gnó um Acmhainní Daonna chun seirbhís AD níos doirsí agus níos pearsanta a sholáthar do Ranna agus do Stiúrthóireachtaí
- Críochnaíodh an tAonad um Pleanáil Lucht Oibre agus Eolas a corpraíonn bainistíocht Córais AD SAP, Riaracháin Tuarascáil, Aoisliúntas agus seirbhísí Eolais don Lucht Oibre
- Leanadh ar aghaidh le Leagadh síos Cuspóirí agus Athbhreithniú a corpraíonn Bainistíocht Bunaithe ar Fheidhmíocht
- Rinneadh tuilleadh dul chun cinn ar an tionscadal Maise Criticiúil Náisiúnta SKILL d'oibríthe tacaíochta san ospidéal
- Forbraíodh an tAonad Réigiúnach um Scileanna Cliniciúla
- Rinneadh obair ar cur i bhfeidhm an conradh nua do chomhairleoirí
- Feabhsaíodh seirbhísí na Roinne Sláinte Cheirde don Ospidéal agus a fhoireann

An tIonad d'Fhoghlaim agus Forbairt (CLD)

Tháinig an tIonad d'Fhoghlaim agus Forbairt (CLD) chun cinn trí athchóiriú agus cumascadh den Ionad Oideachais Altraí agus an tIonad d'Fhoghlaim agus Forbairt chuig ionad foghlama agus forbartha comhtháite agus ildisciplíneacha taobh istigh de struchtúr roinne an AD.

Choinnigh an CLD cúram do na cláir iarchéime in oideachas altraí agus in altranas speisialta i gcomhpháirtíocht leis an Scoil Altranais agus Cnáimhseachais, Ollscoil Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide (TCD) agus oibríonn sé go dlúth le heochairfhoireann an ospidéil agus go hildisciplíneach chun gearrchúrsaí altranais agus laethanta staidéir a sholáthar agus a chomhordanáid chomh maith le cúrsaí teastais FETAC a sholáthar do Chúntóirí Cúraim Sláinte.

Tá sé mar bhunaidhm an ionaid oideachas agus oiliúint den scoth a sholáthar, atá ar fáil go héasca agus é freagrúil do riachtanais gach ball na foirne ildisciplíneach. Forbraíodh Réamheolaire bliantúil d'Fhoghlaim agus Forbairt sa bhliain 2008 bunaithe ar riachtanais oideachais agus fhorbartha aitheanta den fhoireann ildisciplíneach go léir, agus lean sé ar aghaidh mar phríomh-ghnáthamh chun an fhoghlaim a chur in ord tosaíochta thar gach tréimhse 12 mhí ina dhiaidh.

Sa bhliain 2008, chuir an CLD leath-mhaoiniú ar fáil do chlár oiliúna agus fhorbartha d'fhoireann an ospidéil a chuimsigh cúrsaí tríú leibhéal de réir Polasaí Scor Staidéir, Maoiniú agus Oideachais chomh maith le liúntas buiséid. Bhí fáil ar oideachas agus ar mhaoiniú bunaithe ar cur chuige féarálte agus leanúnach, le tosaíocht tugtha d'oideachas, d'oiliúint agus d'fhorbairt bainteach leis an obair agus a dhéanadh maitheas do cháilíocht seirbhísí an ospidéil agus cúram othair.

Chuir an t-ionad réimse leathan clár ar fáil sa bhliain 2008, ina measc:

- Ionduchtú Corparáideach – cuireadh 26 cúrsa ar an iomlán ar fáil
- Oiliúint Riachtanach ina measc:
 - Láimhsiú Láimhe Othair agus eile
 - Idirghabháil Ghéarchéime Neamh-Fhoréigineach
 - Ard agus Bun Tacaí Beatha Cairdiach
- Cláir Fhorbartha Fhoirne/Bhainistíochta
 - Cumarsáid agus Inspreagadh a chuimseoidh Oiliúint Cumarsáide do bhalla foirne Idirnáisiúnta
 - Leagan Síos Cuspóirí agus Oiliúint Athbhreithnithe
 - Bainistíocht Gníomhaíochta bunaithe ar an bhFoireann
 - Cláir Fhorbartha Mhaoracha/Bhainistíochta
 - Oiliúint Agallaimh bunaithe ar Éifeacht
 - Oiliúint Bhainistiú Neamhláithreachta
 - Oiliúint Inscrúdaitheora

- Scríobh Miontuairiscí agus Tuairiscí
- Dea-chleachtas i mBainistiú Taifid Chúraim Sláinte
- Cúram Néaltraithe
- Oiliúint Chumas Cultúrtha
- Oiliúint TF agus SAP
- Tuiscint/Bainistíocht Struis
- Dioplómaí larchéime in Altranais Speisialta agus gearrchúrsaí altranais eile (m.sh. Cúram Maolaitheach Cannúlú agus Féith-Tholladh agus Ionscópacht)
- Laethanta Staidéir CNM/Altraí Foirne
- Pleanáil do Scor

FETAC [Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna] agus SKILL [Eolas a Dhainníú trí Ionfhoghlaim don Saol]

Cuireadh tús le Tionscadal Maise Criticiúil HSE SKILL FETAC in Ospidéal Naomh Séamas in Eanáir 2007 faoi stiúir Bainisteoir Tionscadail sa CLD agus le tacaíocht ón nGrúpa Stiúrtha Tionscadail SKILL. Is í príomhaidhm an tionscadail Cúntóirí Cúram Sláinte agus gach Oibrí Tacaíochta a fhorbairt trí chinnte a dhéanamh de go bhfuil siad soláthraithe le gach deis rochtana do thuilleadh foghlama lena ról a fheabhsú chun páirt a ghlacadh chomh héifeachtach agus is féidir i gcuspóirí na heagraíochta agus i gcúram othair.

Cuireadh ranganna FETAC ar fáil sa CLD agus sna Coláistí VEC. Soláthraíodh iad ag Leibhéal 3, 4, 5 agus Leibhéal 6 (Maoirseoirí). Thug 90 ball foirne ar an iomlán faoi Chúrsaí FETAC ag leibhéal 3-6 sa bhliain 2007/2008 le 112 ag freastal ar chlár 2008/2009 faoi láthair. Leanadh ar aghaidh in 2008 le meastóireacht a dhéanamh ar agus cur i bhfeidhm foghlama ón gclár FETAC leis an bhfoireann CLD cuí agus tacú don phróiseas ag leibhéal cliniciúil agus leibhéal roinne. Ina theannta sin, d'éirigh le triúr ón bhfoireann deontas a fháil ón bhFondúireacht suaitheanta JFK.

AD/An tAonad um Seirbhísí Foirne Athstruchtúrú

Le linn 2008, lean AD/An tAonad um Seirbhísí Foirne lena threorú straitéiseacha i dtreo cur i bhfeidhm an chuspóra 'páirtí gnó'. Tríd an gcuspóir seo, cuireadh daoine ainmnithe ag obair le ranna/stiúrthóireachtaí ar leith chun iad a chabhúrú a spriocanna gnó a ghnóthú. D'oibrigh na Páirtí Gnó AD i gcomhpháirtíocht le foirne bainistíochta ranna/stiúrthóireachta chomh maith le bainisteoirí agus baill foirne aonair chun áiteanna inar féidir le AD a bheith úsáideach a aithint go réamhghníomhacha, agus chun a chinntiú go gcuirfear réitigh éifeachtacha i bhfeidhm. Leanfar ar aghaidh le Céim 2 den athstruchtúrú in 2009, nuair a leasófar na rannóga Earcaíochta agus Foirne go foirne seirbhíseacha, ag feidhmiú faoi stiúir gach Páirtí Gnó.

Eacrú & Roghnú

Bhí leibhéil gníomhaíochta earcaithe comhsheasmhach le linn an chéid trí cheathrú de 2008 le laghdú beag i ngníomhaíochta sa cheathrú dheireanach, mar gheall ar an aeráid eacnamaíochta. Bhí timpeall 400 comórtas le linn na bliana. Lean an Coiste Ceadaithe Folúntas ar aghaidh le dianchritéir a chur i bhfeidhm maidir le folúntais a líonadh, go háirithe ag tabhairt tosaíocht do riachtanais chliniciúla d'fhonn leanúnachas i seirbhísí a chinntiú ó cheann ceann an ospidéal.

Cuireadh an Chreatlach Earcaíochta Inniúlacht Bunaithe i bhfeidhm go héifeachtach ó thaobh ceithre chatagóir de, Altranais, Cléireach/Riarachán (gráid go agus Grád VII san áireamh), Lónadóireacht agus an Stiúrtóireacht SCOPE. Cuireadh tús le cur i bhfeidhm na creatlaí thar chatagóir eile. Cumadh an Chreatlach chun cur chuige féarálite agus trédhearcach ó thaobh earcaíochta de a chinntiú chomh maith le cinntiú go bhfuil an t-ospidéal ag géilleadh do reachtaíocht bunaithe ar chomhionannas.

Éagsúlacht Chultúrtha

Reachtaíodh cúpla seisiún feasachta éagsúlacht chultúrtha san Ionad Foghlama agus Forbartha chun feasacht baill foirne a méadú maidir le cúrsaí éagsúlachta agus cúrsaí cultúrtha. Ina theannta sin, lean an clár ionduchtaithe riachtanach ar aghaidh ag soláthar eolais maidir le héagsúlacht chultúrtha, dínit sa láthair oibre agus deiseanna cothroma in 2008.

D'fhonn a chinntiú go raibh an t-ospidéal ag cloí le reachtaíocht a éilíonn ar gach comhlacht poiblí sprioc de 3% de bhaill foirne faoi mhíchumas, reachtaíodh suirbhé míchumais chuimsitheach thar an ospidéal ar fad go luath in 2008. Tar éis do shainmhíniú de mhíchumas de réir na reachtaíochta a imíodh, iarradh ar gach ball foirne a stádas a fhógair agus, I gcomhpháirtíocht leis an Roinn um Sláinte Shaothair, fuarthas amach go raibh leibhéal de 3.35% ag an ospidéal.

Foireann Ghinearálta

Leanadh ar aghaidh le linn na bliana le hathbhreithniú agus leasú a dhéanamh ar pholasaithe agus ar mhodhanna eiseacha. Cuireadh tús le próiseas sruthlíneach, le hathruithe bunúsacha, i gcomhair íocaíocht tuarascála d'oifigigh buan agus iad ar saoire tinnis, agus a bhí i dteideal sochar breoiteacha ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

Caidrimh Fhostaithe

Bhí timpeallacht an chaidrimh fhostaithe le linn 2008 go maith. Le linn an ama seo, d'oibrigh an tOspidéal trí thréimhse náisiúnta 'obair de réir rialach' don fhoireann altranais maidir le cúrsaí pá agus uaireanta oibre. Ag teacht as sin, agus de

réir mar a theastaíonn ón gcomhaontú náisiúnta, cuireadh tús le seachtain oibre 37.5 uair an chloig don fhoireann altranais i ngach ceantar ar an 1 Meitheamh 2008. Cuireadh tuarascáil chuig Grúpa Fíorúcháin Feidhmíochta le linn 2008 a leagann gníomhachtaí amach sna réimsí athruithe agus nuachóirithe, de réir mar atá riachtanach faoin gcomhaontú Dul Chun Cinn a Choinneáil, agus lánchéadú dámhachtainí phá mar thoradh. Leanadh ar aghaidh le Bainistíocht Bunaithe ar Fheidhmíocht.

Aonad an Lucht Oibre Liachta

Tá cúram ag Aonad an Lucht Oibre Liachta don fhoireann liachta, lena n-áirítear earcú, gníomhaíochtaí párolla agus obair bhainteach riaracháin. Le linn 2008 cuireadh críoch leis an athbhreithniú ar struchtúr an Aonaid agus cuireadh i bhfeidhm é, den chuid is mó, leis na cuidithe le bheith curtha i bhfeidhm le linn 2009.

I measc na dtionscnamh nua in 2008 bhí:

- Feabhas ar an gclár Ionduchtaithe don fhoireann NCHD lena n-áirítear sceidealú d'athchlár Ionduchtaithe do dhaoine nua do NCHD thar thréimhse dhá lá a d'éascaigh riachtanais na seirbhíse cliniúil a comhlíonadh. In 2008, bhí foireann nua Chomhairliúcháin san áireamh sa chlár éigeantach ionduchtaithe chúig lá do gach fostaí nua
- Rinneadh athbhreithniú freisin ar an bpróiseas d'aighneacht agus críochnú na dtuaisceán do dhochtúirí shóisearacha i gcomhar le Stiúrtóireacht Cliniciúla, agus leanann an tionscnamh seo ar aghaidh, agus tuilleadh feabhsúchán á dtabhairt isteach do mhonatóireacht agus athbhreithniú ar uaireanta freastail
- Leanann an Choiste NCHD ar aghaidh le nais a neartú agus a spreagadh idir an Aonad agus na NCHDí agus soláthraíonn sé fóram úsáideach do pháirtíocht na NCHDí ar eochaircheisteanna an ospidéal

Iníúchadh Inmheánach



An tUas. Cathal Blake
Ceann Roinne

Réamhrá

Tá ról lárnach ag an Roinn Iníúchta Inmheánach i gcórais Rialúcháin agus Ceannais Chorporáidigh trí Ospidéal Naomh Séamas ar fad. Déantar é seo trí anailís neamhspleách agus chuspóireach a sholáthar de pholasaithe, de mhodhanna agus de chleachtais an ospidéil agus trí mholtáí d'athruithe nó d'fheabhsúcháin chuí a dhéanamh, más gá.

Seachnaíonn an t-idirdhealú de na rólí agus na freagrachtaí idir Iníúchadh Inmheánach agus na ceantair ar a dhéantar iníúchadh orthu aon neamhchinnteacht maidir le freagracht agus cuntasacht taobh istigh den ospidéal agus ag leibhéal bord an ospidéil. Cuireann sé seo leis an ról neamhspleách den fheidhm iníúchta inmheánaigh freisin atá mar bhunluach d'aon Roinn Iníúchta Inmheánach.

Forbairtí in 2008

Ag fágáil na n-iníúchtaí sceidealta ar lár, ba é an gníomhaíocht is suntasaí a rinneadh in 2008 ná an clár d'iníúchtaí leantacha. Tríd an bpróiseas seo, rinne an Roinn Iníúchta Inmheánach athbhreithniú ar iarthuiriscí iníúchta agus ar mholtáí. Ba é an aidhm a bhí le seo athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéal an fheidhmithe nó neamhfheidhmithe. Tá an próiseas leantach níos cruinne ach ní chuimsíonn sé tástáil nó luacháil a dhéanamh ar an gceantar ná an próiseas ábhartha d'fhonn cur i bhfeidhm na moltáí a chinntiú.

Rinneadh iníúchtaí leantacha ar na rudaí seo a leanas:

- Tuairisc Iníúchta Párolla Altranais de 23 Eanáir 2007
- Iníúchta Párolla Stiúrthóireachta LabMed de 2 Feabhra 2007
- Iníúchta Párolla TSD de 8 Márta 2007
- Iníúchta Stocáireamh Dheireadh Bliana 2006 de 15 Meitheamh 2007
- Iníúchta Ioncam ó Charrchlós 2006 de 9 Iúil 2007
- Iníúchta Éilimh agus Aisíocaíochtaí Oifigigh A1 de 9 Lúnasa 2007
- Iníúchta Párolla Foireann Liachta de 31 Deireadh Fómhair 2007

Eisíodh tuairiscí don POF agus cuireadh eolas achoimreach faoi bhráid an Choiste Iníúchta, atá mar fochoiste de bhord an ospidéil.

Tá an próiseas leantach ar thuairiscí iníúchta mar chuid tábhachtach agus riachtanach d'Fheidhm an Iníúchta Inmheánaigh. Cuireann sé eolas ar fáil don POF agus don Choiste Iníúchta mar gheall ar cur i bhfeidhm rialúcháin agus modhanna i measc na ndaoine. Caitear a aithint, áfach, go mbraitheann sé ar acmhainní agus beidh tionchar aige ar aon chlár iníúchta bliantúil.

Rinneadh an obair iníúchta ghnáthamh agus sceidealta agus an obair iníúchta leantacha i ndiaidh a chéile. Seo a leanas na tuairiscí iníúchta a rinneadh:

- Iníúchta Daonáireamh Foirne
- Stocáireamh Dheireadh Bliana 2007
- Éilimh agus Aisíocaíochtaí Sochar Tinnis Oifigeach A1
- Athbhreithniú Cuntas Seilbh Othar

An Roinn um Seirbhísí Fáisnéise & Bainistíochta (IMS)



An tUas. Martin Buckley
Bainisteoir IMS

Marie Sinnott Uas.
Bainisteoir Oibríochtaí ICT

Ms. Annemarie Dooley
Bainisteoir Tionscadail ICT

An tUas. Finian Lynam
Fáisnéis Bainistíochta (MIS)

Is é misin na Roinne IMS creathlach athléimneach agus nuálach de Sheirbhísí Fáisnéise a sholáthar d'fhonn tacú leis na gnéithe éagsúla de ghnó an Ospidéil.

Forbairtí in 2008

• Uasghrádú PACS/EPR

Rinneadh oll-uasghrádú chun an bogearraí Cerner a tharraingt suas chun dáta agus tairbhe a bhaint as feidhmiúlacht nua. Bhí Doiciméadú Cliniciúil san áireamh a cheadaigh tabhairt isteach:

- Achoimre Chomhtháite Scaoileadh
- Foirmeacha Atreorú Leictreonacha do – Néareolaíocht, Cairdeolaíocht, Galair Ionfhabhtaíochta, measúnacht Síciatachta do dhaoine aosta agus Clinic Diabéitis
- Atreorú Angaraif agus tuairisciú
- Foirm Néareolaíochta/Titimis
- Cógaslann – Doiciméadú Oideachasúil Warfarin

Aitheantas Urlabhra

Tógann sé seo áit an bhealaigh deachtú téip agus laghdaíonn sé athscríobh. I measc na gceantar treoir-scéime tá:

- Mascaille agus Béill
- Galair Ionfhabhtaíochta (GUIDE)
- Plaistigh
- Cairdeolaíocht
- Réimaitelaíocht

Gabháil Ama Leictreonacha (Coretime)

Cuireann sé seo ar a gcumas ag baill foirne féin-bhainistiú a dhéanamh ar a n-uaireanta oibre trí úsáid a bhaint as a suaitheantas ID foirne. Rinne an córas a leathnú amach chuig na ceantair seo a leanas:

- MedEL
- HOPE
- Acmhainní Daonna
- Airgeadas
- Bainistiú Ábhar

Atreorú Leictreonacha PHN – Rinneadh é seo a leathnú amach chuig gach barda in 2008.

Teileachumarsáidí

- I gcomhpháirtíocht le Seirbhísí Tacaíochta Ginearálta, rinneadh níos mó caomaoineacha don chóras nua teileafónaíochta Prótacail Idirlinn (IP) a tugadh isteach in 2007
- Cuireadh bogearraí nua (ARC) d'oibreoírí lasc-chláir
- Cuireadh Deasc Áidsint i bhfeidhm – Chabhrach IMS

Diamond

- Rinneadh uasghrádú ar an gcóras Bainistíochta Othar le Diaibéiteas (Diamond)

Iniúchta Chosaint Sonraí Márta 2008

- Rinne Oifig an Choimisinéir Cosanta Sonraí é seo. Ar an iomlán bhí an tuairisc dearfach agus táthar ag dul sa tóir ar roinnt de na moltaí

Infrastruchtúr ICT:

Líonra

Lean an fhoireann Tacaíochta Teicniúla IMS ag tacú agus ag bainistiú líonra fairsing comhtháite glór/sonraí an ospidéil.


Bainistíocht Freastalaithe

Tá fíorúlú fós thar a bheith rathúil. Faoi láthair tá 51 freastalaí ar an infrastruchtúr seo a cheadaíonn d'aon ríomhaire feidhm ilríomhairí a dhéanamh agus mar thoradh air sin tá IMS saor ó theoireannacha fisiceacha agus geografacha.

Deasc Chabhrach

Tháinig breis agus 17,184 glao isteach in 2008. Ciallaíonn sé seo ardú de 15% ar líon na nglanna in 2007 a bhí le cur i bhfeidhm an córas Teileafónaíochta IP. Tá briseadh síos de na glanna ar fáil sa ghráf thíos.

Catagóir na nGlaonna Deisce Cabhrach 2008



Deasc

Insealbhaíodh 270 PC agus 67 printéir mar chuid dar n-athnuachan cruu-earraí deasc.

Seirbhísí Gréasáin

Choinnigh IMS cos le forbairtí teicneolaíochta gréasáin agus ardán gréasáin éifeachtach, cobhsaí bunaithe aige. Sa bhliain 2008, cuireadh tús le athdhearadh a dhéanamh ar suíomh idirlinn an Ospidéil chun go mbeadh sé níos freagraí d'eocharistéachta d'othair, cuairteoirí DGÍ/gairmí Sláinte. Seo a leanas na figiúirí úsáideora mar atá siad faoi láthair:

- 445,216 cuairt ar an suíomh gréasáin, meán de 1,378 cuairt in aghaidh an lae
- 223,002 cuairteoir aonair ar an suíomh, meán de 690 in aghaidh an lae. Ón líon sin, thug 36,951 níos mó ná cuairt amháin
- 1,517,293 líon iomlán na leathanach ar a dtugadh cuairt, meán de 4,529 cuairt in aghaidh an lae

Roghú 10 Ábhar

- Deán teagmháil linn; Léarscáil an Ospidéil; Léarscáil an tsuimh/Struchtúr an tsuimh; Comhairleoirí de réir Speisialtachta; Gairmeacha
- Lean an borradh faoi iarratais ar líne ar aghaidh in 2008 de réir mar a ghlacann ranna le hidirbhearta gnó ar líne. Gineann foirmeacha eiseacha níos mó ná 450 idirbheart in aghaidh an lae

Ríomhphost

Mar gheall ar an méadú i leathnú víreas agus an méid Thurscar, bhí an-chuid infheistiú le déanamh i meicníochtaí slándála agus cur i bhfeidhm bogearraí frith-víreas d'fhonn leanúnachas seirbhísí a chinntiú. Rinneadh taighde agus tástáil ar bhogearraí criptiúcháin a bheas curtha i bhfeidhm in 2009.



Fíricí & Figiúirí:

- In 2008, fuair eamar breis agus 1.6 milliún teachtaireacht bhailí, méadú de 25% ar an mbliain roimhe
- Tá 95% de ríomhphoist a thagann isteach rangaithe mar Thruscar ach ní bhfuair an úsáideora iad mar gheall ar rathúlacht ár ifrastruchtúr slándála lornport
- Ní raibh aon thurbhróch dáiríre den líonra agus níor cailleadh seirbhís de thoradh Truscar ná víris. Is é meicníochtaí slándála rúpacha, bainistithe go réamhghníomhacha ag baill foirne a thoiridh seo

Seirbhísí Fáisnéise Bainistíochta

Bhí méadú suntasach le linn 2008 ar fhoráil Fáisnéise Bainistíochta. Gníthaíodh an-chuid éilimh thuarascálacha nua go hinmhéanach agus go seachtracha freisin. Breisíodh méadrachtaí fiontracha nua chomh maith le marcóirí comhlíonta ar mhaithe le monatóireacht pleanála agus seibhíse. Rinne an tSeirbhís Tuarascála MIS ar líne a aththógáil ag baint úsáide as na teicneolaíochtaí is déanaí. Tá sé d'acmhainn leis seo idir ghnáththuarascálacha agus áis anailíseacha ar líne a fodháil.

Rinneadh an stór sonraí, atá mar chnámhdroma gach seirbhís agus tuarascáil chorporáideach, a leathnú amach chun eolas ó fhorbairtí san EPR agus cláir eile a cuimsiú. Braitheann an t-ardán casta de stór sonraí ar breis agus 25 comhéadan a dhéanann an timpeallacht eolais dhinimiciúil a nuashonrú ar bhonn leanúnach. Soláthraíonn sé creathlach comhtháite freisin d'fhonn comhtháthú 'córas go córas' a éascú. Cuireadh comhéadain mhicribhitheolaíochta, sláinte poiblí agus téacs teachtaireachtaí i bhfeidhm san achoimre chomhlíonadh 2008.

Fanann códú clínicíúil de ghníomhaíocht othair chónaithe agus othair lae ag 100%. De thoradh níos mó úsáide á bhaint as dociméadú clínicíúil, tá méadú de 30% i ngabháil fáthmheas tánaisteacha.

Bhí cur i bhfeidhm an achoimre scaoileadh leictreonacha taobh istigh den EPR cabhrach freisin. Rinneadh ollathbhreithniú agus iniúchadh ar fhaisnéis chódta in 2008, a thoiridh feabhais sa phróiseas chódú clínicíúil agus gabháil fhaisnéise freisin.



Tuarascálacha an Rannáin Seirbhíse



An Dr. Finbarr O'Connell
Stiúrthóir Cliniciúil

Patricia Malone Uas.
Bainisteoir Gnó

Mary Foley Uas.
Bainisteoir Altranais

Réamhrá

Tá Stiúrthóireacht CResT comhdhéanta de na speisialtachtaí seo a leanas: Cairdeolaíocht, Liacht Riospráide agus Máinliacht Chairdeathórcsach.

Cairdeolaíocht

Leanann an Roinn Cairdeolaíochta ar aghaidh le réimse leathan seirbhís agus gnáthaimh a sholáthar d'othair chónaithe, don phobal áitiúil agus d'ospidéal eile a chuireann othair ar aghaidh.

Tá méadú leanúnach bliain i ndiaidh bliana ar leibhéil iomlán ghníomhaíochtaí sa saotharlann cath. Tá níos mó gnáthaimh chasta á ndéanamh ar othair, rud atá soiléir ó mhéadú na n-othair ag freastal i gcomhair gnáthamh PCI.

Gnáthamh Comhla Tras-Taomán

Sa bhliain 2008 cuireadh tús leis an ngáthamh comhla Tras-Taomán san Ospidéal. Is bithphróistéiteach atá sa Chomhla Croí Tras-Taomán atá deartha le bheith curtha isteach trí roicht trastóirse ag baint úsáide as teicnicí caridiotaomáin nó trí chur chuige máinliachta trasapical ar ionrach beag.

Ceapadh é le húsáid ar othair shiomptómacha le steanóis aortach chailfiach mheathlúcháin shimíle chriticiúil a theastaíonn ionadaíocht comhla aortach uathu. Leis an ngnáthamh ceannródaíocht seo, ní gá don othar ach fanacht oíche nó dhó san ospidéal, i gcomparáid le hidir ocht nó dhá lá déag do ghnáthmháinliacht ionadaíochta comhla aortacha.

Is bealach ceannródaíocht agus feidhmiúil é seo chun cúram othar a bhainistiú agus baineann an othar an-leas as mar gur gnáthamh nach bhfuil chomh hionrach céanna é. Beidh dea-thionchar iontach ag an gcleachtas seo ar an liosta feithimh cairdiothóracha sa todhchaí. Tá daonra na tíre ag éirí níos sine agus de thoradh air seo leanfaidh líon na n-othar le géarsteanois aortacha ar aghaidh ag ardú. Beidh níos mó baol báis ar na hothair níos sine seo agus beidh orthu níos mó ama a chaitheamh san ospidéal. Is tiomántóir thar a bheith láidir é seo chun an gnáthamh seo a fhorbairt. Feicimid go mbeidh Ospidéal Naomh Séamas ina shain-ionad do Chomhla Tras-Taomán.

Seirbhís Chun Éirí as an Tobac

Tairgtear seirbhís chun éirí as an tobac d'othair, d'fhoireann an Ospidéil agus don phobal. Cuireann an tseirbhís comhairliúchán othar seachtrach agus othar aonair ar fáil agus dianchúrsaí sé seachtaine chun éirí as an tobac. Le linn 2008, chuir an tAltraspeisialtóir chun éirí as an tobac idirghabháil ghairid agus litríocht ar fáil do 451 de lucht caite tobac le linn dóibh a bheith san ospidéal. Chláraigh 63 de lucht caite tobac ar dhianchúrsa sé seachtaine chun éirí as an tobac. Cuireadh scairt ghutháin ar 308 cliant tar éis dóibh a bheith scaoilte ón ospidéal. Lean líon na ndaoine seachtracha seolta chun na seirbhíse ar aghaidh ag ardú. Ghlac an altra um éirí as an tobac páirt i staidéar náisiúnta 'Smoking cessation services in Ireland – an evaluation of availability and effectiveness' a mhair ar feadh 3 seachtaine. Bhí an staidéar déanta ag an institiúid thaighde do phobal gan tobac.

An Roinn Chairdiach

Bhuaigh an Dr. Gerard King, Ceann 2, Teicneoir Cairdeolaíochta, an duais chairdeolaíochta is airde ag na Irish Journal Medical Science Doctor Awards i Samhain 2008, i gcomhair taighde a fhoilsíodh in éineacht le heagarfhocal sa Heart Journal (eagrán comórach 50 bliain). Rinne taighde an Dr. King meastóireacht ar stalcacht agus ar ghéilliúlacht Myocardial i lúthchleasaithe eilít.

Ina theannta sin, ghnóthaigh an Dr. King dhá dhámhachtain thaighdeach - ceann amháin ón Royal City of Dublin Trust agus is éard a bhí sa cheann eile ná an dámhachtain sparánachta Noel Hickey ó Fhoras Croí na hÉireann.

Athshlánú Cairdiach

Tairgeann athshlánú cairdiach oideachas galarchoisic tánaisteach agus tacaíocht d'othair tar éis imeachta cairdiach. Déanann altra comhordú ar an tseirbhís trí chur chuige ildisciplíneach.

Thug comhordaitheoirí an chláir cuairt ar 396 othar cónaithe le linn 2008 d'fhonn na coincheapanna a bhaineann le hathshlánú cairdiach a phlé leo.

D'fhreastal 305 othar ar Chéim II den chlár, ar a ndéantar athbheithniú ar gach othar ag seibhís othar seachtrach chun measúnú a dhéanamh ar agus labhairt faoina rioscaí aonair. Mar chuid de Chéim 3 den chlár, freastlaíonn na rannpháirtithe ar chúrsa sé/ocht seachtaine. D'éirigh le 163 othar an Céim seo den chlár a críochnú in 2008.

Riospráid

Aerú Neamh Ionsaitheach

Lean Barda John Houston ar aghaidh ag soláthar seirbhís aerú neamh-ionsaitheach d'othair ó cheann ceann an ospidéil. Soláthraíonn an barda seo seirbhísí d'othair le géarghalair riospráide agus anois tá sé ina cheantar lárchliniciúil le saineolas ar cén chaoi déileáil le hothair a theastaíonn bi-pap uathu. Sa bhliain 2008, cóireadh 162 othar ar bi-pap i mBarda John Houston.

TB

Soláthraíonn Ospidéal Naomh Séamas seirbhís ollréigiúnacha TB. Is iad na heilimintí a bhaineann leis seo ná seirbhís athbheithnithe d'othair chónaithe, idirchaidreamh le foireann Altranais agus Liachta Sláinte Poiblí agus atreorú agus monatóireacht de riarachán Teirpe Fhearaithe Dhíreach (DOT) sa phobal. Cuireann an tseirbhís seirbhís comhairleora náisiúnta ar glao-dhualgas ar fáil do TB i gcomhair comhairle ghuthán agus atreorú ó Shláinte Poiblí agus Ospidéal. Bunaíodh clinic eile do LTBI (Eitinn Fholaigh) in 2008. Tá spás sa chlinic seo do deichniúr le hEitinn Fhoghlaigh agus déanann an Comhairleoir TB, an Cláráitheoir TB agus Poitigéir TB freastal air.

An tAonad Measúnaithe Riospráide (RAU)

Bunaíodh an tAonad Measúnaithe Riospráide sa bhliain 2002 chun an lígean amach ón ospidéal luath de hothair le COPD a éascú. De réir a chéile, d'fhabhraigh an tionscnamh i dtreo cláir níos cuimsí, ag bainistiú gach gné de COPD i measc an phobail. D'éirigh leis an gclár an méid ama a chaitheann othair le COPD agus laghdaigh sé rátaí athghlacadh d'othair le galar neamhchorrach.

D'éirigh le hOspidéal Naomh Séamas maoiniú a fháil chun leathnú amach a dhéanamh ar an gclár in 2008 agus aontaíodh ar straitéis fhorbairt sheirbhíse deireanach in 2008 le leanúint ar aghaidh go dtí deireadh 2009. Sainithníodh roinnt eochairphoist a theastódh chun leathnú amach cuí a dhéanamh ar an tseirbhís ar bhealach comhordaithe. Thosaigh an próiseas earcaíochta in 2008. De thoradh leathnú


amach na foirne, tá an fhoireann RAU anois in ann struchtúir chumarsáide fhoirimiúla a chruthú le Bainistíocht Leapa, AMAU agus an Roinn Éigeandála. Mar chuid den tionscadal, glacann an fhoireann le daoine a sheoltar díreach ón RE, a chiallaíonn nach gá iad a chur isteach san ospidéal mar othair chónaithe.

A bhúil leis an leathnú amach, tá an fhoireann in ann glacadh le hothair ag fulaingt le fadhbanna Múchta agus tá an struchtúr ann anois chun teacht ar othair le galair riosparáideacha eile, niúmóine agus broinceachtáis san áireamh.

Fad Fanachta

Tá laghdú ó 10.5 lá in 2006 go 5.2 lá in 2008 ar fhad fanachta d'othair le COPD. (ARDRG E65B foinsé sonra IMS).

Meán Fad Fanachta COPD



Tá an-dul chun cinn déanta ag an tionscadal ón uair a bhfuarthas maoiniú i gcomhair leathnú amach deireanach in 2008. Bhí an próiseas eacraíochta rathúil agus rinneadh ceapacháin chuig na heochairphoist a sainaithníodh. Tá dul chun cinn déanta ar na hathruithe infreastruchtúir chuí agus tá acmhainní eisintiúla ceannaithe.

Tá an fhoireann tar éis próifíl na seirbhíse a ardú taobh istigh den ospidéal trí úsáid a bhaint as struchtúir chumarsáide inmhéanacha agus, mar a léiríodh, tá méadú suntasach ar líon na n-othar ag baint tairbe as an tseirbhís. Táthar ag súil le méadú sa bhreis ar líon agus ar raon na n-othar ar an gclár nuair a dhéantar leathnú amach ar an bhfoireann.

Máinliacht Chairdeatósach

Lean iomlán na n-othar ar aghaidh ag méadú in 2008 le 374 othar ag gabháil faoi Mháinliacht Chairdeatósach ag Ospidéal Naomh Séamas.

Barda Keith Shaw

Is áis do Mháinliacht Chairdeatósach amháin atá i mBarda Keith Shaw. Cuimsíonn sé barda le 15 leaba, GDU agus ICU

Cairdiach. I mbliana, tógadh agus cuireadh áiseanna in dhá sheomra aonraithe d'othair mháinliacht chairdiacha in Aonad Máinliacht Cairdiach Keith Shaw san ospidéal. Tháinig cuid den mhaoiniú ó bhronntanas flaitiúil d'Ospidéal Naomh Séamas ón bhFondúireacht Máinliachta Cairdiach – grúpa a chruinníonn airgead i gcomhair forbairt máinliacht cairdiach in Éirinn.

Mar chuid de chlár leanúnach fhorbairt phroifisiúnta, d'fhreastal beirt Ardaltra Cairdeatósacha ar an gcúrsa Ordú oideas d'Altraí Cláirithe san RCSI agus tosóidh siad ag ordú oideas don tseirbhís go luath.

Thar na mblianta, tá athrú mór tagtha ar phróifíl na n-othar le níos mó othair chónaithe phráinneacha á n-athreorú ó ospidéal eile agus máinliacht éigeandála ag teastáil uathu agus méadú suntasach tagtha ar chastacht na gcásanna céanna.

Ailse Scamhóg

Faoi láthair, soláthraíonn Ospidéal Naomh Séamas seirbhís ailse scamhóga taobh istigh de chreatlach ildhisiplíneach. Fothaítear fáthmheas na ndaoine a fhreastlaíonn ar Ospidéal Naomh Séamas agus déanann foireann ildhisiplíneach speisialta a gcóireáil a pleanáil.

Soláthraíonn foirne de dochtúirí, d'altraí, de ghairmí sláinte agus de riaracháin a oibríonn le chéile d'fhonn an léibhéal is airde d'fháthmheas, de chóireáil agus de chúram a bhaint amach na seirbhísí ailse.

Dar leis an gCárta Náisiúnta Ailse, sa bhliain 2007 theastaigh cóireáil ó 1,800—othar d'Ailse Scamhóg. Rinneadh breis agus 50% (138) de na hathghearraidh mháinliachta (an phríomhchóireáil íceach) don dream seo in Ospidéal Naomh Séamas, agus tuilleadh fós fuair breis agus 24.4% den riar cásanna náisiúnta iomlán a bhfáthmheas agus/nó a gcóireáil ag Ospidéal Naomh Séamas.

Déanann beirt máinliachta cairdeatósacha na hobráidí ar fad le hiomlán de hocht seisiúin thórasacha, 26 uair an chloig, taobh istigh de dhá théatar d'obráidí cairdiacha tórasacha amháin. Tá ceathrar Comhairleoirí Riospráideacha a ghlacann le hathreoraithe ó DGí agus oispidéal ar fud na tíre faoi láthair. Soláthraíonn Ospidéal Naomh Séamas seirbhís fháthmheasa bhroncascópachta mhear-rochtana, a chuimsíonn bithóipse trasbhroinceach fluarascópacha do loit scamhóga imeallacha, agus ultrafhuaim ionbhroinceach (EBUS) d'fháthmheas “aon-ionad” agus do scafall.




	2003	2004	2005	2006	2007
% den Ualach Oibre Náisiúnta	17	18.2	19.4	20.8	24.4

Tábla 1. Líon den Ualach Oibre Náisiúnta déanta ag Ospidéal Naomh Séamus (Clárú Ailse)

Pléitear gach othar i mbaol ailse scamhóg ag comhdháil sheachtainiúil MDT. Freastlaíonn na croibhaill MDT air, Liacht Riosparáide, Máinliacht Tórasach, Oinceolaíocht Liachta, Rada-Oinceolaíocht, Cytohistopaiteolaíocht, Raideolaíocht, an Comhordaitheoir Altranais agus an Bainisteoir Sonraí san áireamh.

Soláthraíonn an chomhdháil seo fóirfhócas do chúram aisle scamhóg trí chlár seachtainiúil a réachtáil chun dul chun cinn phrap an othair a chinntiú. Is plé fóir-ildhisiplíneach a bhíonn ann d’fhonn teacht ar an mbealach chun tosaigh is fearr, in am, do gach othar aonair. Tá fás staidéarach tagtha ar ghníomhaíocht ag comhdháil an MDT leis na blianta beaga anuas. Sa bhliain 2007, pléadh 1100 cás, méadú suntasach ó 2006 nuair nach bpléadh ach 821 cás. Tá líon na gcás do 2008 ar aon dul le leibhéal gníomhaíochta 2007.

Cásanna a pléadh





An Dr. Kenneth O'Byrne
Stiúrthóir Cliniciúil

Suzanne Roy Uas.
Bainisteoir Gnó

Geraldine Reynolds Uas.
Bainisteoir Altranais

Réamhrá

Is speisialtachaí an Stiúrthóireacht HOPe Haemaiteolaíocht, Liacht agus Rada-Oinceolaíocht agus Cúras Maolaitheach. Ionchorpaíonn na speisialtachtachaí sin an tIonad Náisiúnta Thrasphlandaithe Smior Dhaoine Fásta agus Ionad Náisiúnta do Neamhoird Téachtaithe Oidhreachtuil lena n-áirítear Clinic Warfarin. Tá naisc láidre ag Stiúrthóireacht HOPe leis an gCláir Cuibhreannais Trialacha Cliniciúla Ailse agus leis an Bone Marrow for Leukaemia Trust.


Nósanna Seribhíse

Le linn 2008, bhí bliain ghnóthach eile ag an Stiúrthóireach, agus tuilleadh méaduithe i líon na n-othar faoi chóireáil.

Cúram Lae Haemaiteolaíochta Oinceolaíochta

Bhí méadú leanúnach i líon na n-othar a bhí faoi chóireáil san Ionad Cúraim Lae Haemaiteolaíochta Oinceolaíochta in 2008.


An Líon a d'fhreastal ar Chúram Lae 2000 - 2008



Gníomhaíocht Othar Cónaithe

Maidir le gníomhaíocht othar cónaithe, bhí méadú ar scaoilidh Haemateolaíochta in 2008. Bhí laghdú de 6.5% i scaoilidh Oinceolaíochta don tréimhse céanna.

Scaoilidh de réir Speisialtachta 2000 - 2008



Haemateolaíocht

I gcomhpháirtíocht leis an stiúrthóireacht Labmed, d'éirigh leis an mBunaíocht Fogair, taobh istigh den roinn haemateolaíochta, ceadúnas a fháil do thrasphlandú gaschealla ó Bhord Liachta na hÉireann. Tá sé ar an t-aon bhunaíocht ceadúnaithe do thrasphlandú gaschealla in Éirinn.

An Clár um Trasphlandú Smeara

Gníomhaíocht do 2008

Fig 1. Ospidéal Naomh Séamas Clár Thrasphlandú Iomlán 1984-2008




Fig 2. Trasphlantaithe Gnáth-ghaschealla Haematopoietic Stem Cell in 2008 de réir comhartha ghalair




Fig 3. Trasphlandaithe Déine Laghdaithe in 2008 de réir comhartha ghalair





Fig 4. Trasphlandaithe Smeara in 2008 de réir comhartha ghalair



Oinceolaíocht Liachta

Tháinig an Dr. Deirdre O'Mahony isteach san fhoireann chomhairleach i Lúnasa 2008. D'oibrigh an Dr. O'Mahony go hidirnáisiúnta le linn a hoiúna liachta, agus dá bhrí sin tá neart taithí á thabhairt aici chuig an bhfoireann chomhairleach. Tá suim ar leith ag an Dr. O'Mahony i liomfóma.

D'éirigh le Julie Walsh Uas, Fisiteiripeoir Sinsearach, Ánracht de chuid an Bhoird Thaighde Sláinte ar feadh trí bliana, i gcomhair taighde lán-aimseartha sa réimse ailse agus gníomhaíocht choirp. Déanfar an taighde seo idir an Stiúrthóireacht HOPE (faoi stiúr ag an Dr. Dearbhaile O'Donnell, Oinceolaí Comhairleach) agus Coláiste na Tríonóide.

Rada-Oinceolaíocht

Le linn 2008, ceapadh an Dr. Charles Gilham mar Comhairleoir Rada-Oinceolaíochta idir Ospidéal Naomh Lúc agus Ospidéal Naomh Séamas. Tá spéis ar leith ag an Dr. Gilham in ailsí gíniceolaíochta agus calaireicteacha agus Liomfóma.

Cuibhreannas Trialacha Cliniciúla Ailse

An Dr. John Kennedy **An tOllamh John Reynolds**
Stiúrthóir Cáir Stiúrthóir Eolaíochta

Ingrid Kiernan Uas.

Bainisteoir Thrialacha Chliniciúil

Riaráíonn Oifig na dTrialacha Cliniciúla Ailse (CCTO) trialacha cliniciúla ag an Ospidéal agus déantar idirchaidreamh le Grúpa Taighde Oinceolaíochta Cliniciúil na hÉireann (ICORG), an HRM agus le Bord Leigheasra na hÉireann. Tá iniúchtaí, oiliúint, taighde agus scaipeadh an eolais a bhíonn mar thoradh air mar chroí-obair ghníomhaíochtaí an ghrúpa.

Foireann ag Oifig an Chuibhreannas Trialacha Cliniciúla

Tá 3 bhainisteoir shonraí, 7 n-altra taighde, rúnaí, 2 chomhalta taighde agus poitigéir thrialacha chliniciúil fostaithe san oifig.

Clár Trialacha Cliniciúla Ailse 2008

Le linn 2008, tugadh 323 othar isteach sna trialacha cliniciúla. Bhí 112 othar rollaithe i dtrialacha Ailse Chíche, 89 i dtrialacha Calaireicteacha, 52 i dtrialacha Ailse Scamhóige, 53 i dtrialacha Éasafagacha, 4 i dtrialacha Ailse Cheann & Muineál agus 7 i dtrialacha Haemateolaíochta. D'oscail an Clár Trialacha Cliniciúla 10 dtrialach nua in 2008 sna réimsí seo a leanas; ailse brollaigh, ailse calaireicteach, ailse scamhóige, CLL agus CML Síniódh comhaontaithe do thrialacha vacsaín-bhunaithe nua d'aisle scamhóg agus meileanáma urchóideach. Osclofar na trialacha seo sa chéad cheathrú de 2009 agus beidh siad ar an gcéad trialacha dá leithéid don chlár.

An tIonad Náisiúnta do Neamhoird Téachta Oidhreachtúil (NCHCD)

Tar éis don Roinn Haemateolaíochta Creidiúnú CPA a fháil, moladh go mbeadh na géineolaíocht mhóilíneach lonnaithe i saotharlann níos mó. Trí atheagar a dhéanamh ar an aonad, éiríodh é seo a dhéanamh agus daingníodh creidiúnú iomlán don saotharlann seo. An Dr. Vincent Jenkins, Príomheolaí Liachta agus an Dr. J O'Donnell, Haemateolaí Comhairleach – Oscailt den Saotharlann Géineolaíocht Mhóilíneach



An Dr. Vincent Jenkins, Príomheolaí Liachta agus an Dr. J O'Donnell, Haemateolaí Comhairleach – Oscailt na Saotharlainne Ghéinitigh Mhóilínigh nua.

Clinic Warfarin

Tar éis don Saotharlann Haemateolaíochta Creidiúnú CPA a fháil, rinneadh athstruchtúrú ar an gClinic Warfarin chun na caighdeán chúí, leagtha síos ag an bhFoireann Chreidiúnú, a bhaint amach. I gcomhpháirtíocht leis an Stiúrthóireacht LabMed, d'athshuíodh ceantar na n-altraí chuig an áit ina mbíodh an tseansaotharlann stat. Chiollaigh sé seo go raibh an spás fágtha chun athdhearadh a dhéanamh ar an gceantar Fleibeatóime sa chlinic Warfarin agus an caighdeán molta ag an bhFoireann Chreidiúnú a bhaint amach. Tá an córas ríomhairithe DAWN de chuid na clinicí Warfarin tar éis a bheith tagarmhartha le hoispidéal sa Ríocht Aontaithe agus táimid tar éis ár n-éifeachtacht agus ár dtorthaí ó thaobh raoin agus ama a méadú agus anois táimid ar ceann de na hoispidéal is fearr i dtaobh raoin agus ama.

Tuarascáil Altranais

Tharla cúpla ceapachán nua san Aonad Cúram Lae Haemateolaíochta Oinceolaíochta. Ceapadh Jenny Kerlin Uas. mar CNM 3, Amy Nolan Uas. mar CNM 2 (Oinceolaíocht) agus Margaret McGrath Uas. mar CNM 2 (Haemateolaíocht).

Oideachas Altranais

Bunaíodh go leor clár leis na blianta beaga anuas agus lean siad ar aghaidh le linn 2008

- Cúrsa Tréachta dhá lá
- Bunchlár d'Altranais Haemateolaíochta
- Cúrsa Haemateolaíochta chúig lá
- Cúrsa Oinceolaíochta chúig lá
- Diplóma larchéime in Altranais Haemateolaíochta

Bhain Geraldine Scully Uas, Linda Irwin Uas. agus Annemarie Beggs Uas, altraí foirne haemateolaíochta, an Diplóma larchéime in Haemateolaíocht amach. D'éirigh le Ms. Beggs an marc is airde ar an gcúrsa a bhaint amach, cúrsa atá á réachtáil i gcomhpháirtíocht le Coláiste na Tríonóide. Chomh maith leis sin, ghlac Comhlachas Haemateolaíochta na hÉireann le póstaer Ms. Scully dá chomhdháil bhliantúil in mí na Samhna 2008. Bhain Eilish Duignan Uas, Altra Foirne Oinceolaíochta, an Diplóma larchéime in Oinceolaíocht amach.

Stiúrthóireacht MedEL



An tOllamh Davis Coakley, O.B.E.

Stiúrthóir Cliniciúil

Carol Murphy

Uasal Bainisteoir Gnó

Nuala Kennedy

Uasal Bainisteoir Altra

Réamhrá

Cuimsíonn an Roinn Míochaine do Dhaoine Scothaosta iontráil, athshlánú, bardaí cúraim leanúnach agus ospidéal lae a sholáthraíonn seirbhísí liachta agus athshlánaithe d'othair. Tá roinn othar seachtrach gnóthach agus cuimsitheach ann agus cuirtear raon clinici speisialaithe cúram siúlach ar fáil freisin. Lean taighde a bhfuil tábhachtach go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta sa réimse aosaithe ar aghaidh i mbliana in Institiúid Mercers ar Thaighde i nDáil le hAosú.

Forbairtí in 2008

Bhí an-fhairsingiú in 2008 in obair chliniciúil agus taighde na Stiúrthóireachta:

- Bhí tuilleadh forbartha ar an Ionad nua pleanáilte um Aosú Rathúil
- Leathnú de sheirbhísí cliniciúla agus taighde i ngalar stroice
- Lean an tseirbhís Thitime agus Sioncóipise leathnú agus ag forbairt
- Bhí tuilleadh fairsingithe ar chosaint cnámh agus oistéapóris chomh maith le héileamh méadaitheach ar gach gné den tseirbhís

- Leanann fairsingiú agus forbairt ar aghaidh ar mhórhionscadail agus deontais nua thaighde á thabhairt Is fiú cúpla milliún euro na tionscadail ar fad atá ar siúl san Aonad faoi láthair

An tIonad Barr Feabhais Nua um Aosú Rathúil

Fuair an tIonad tuilleadh fuinnimh i mbliana agus tá sé ina ardfhoinne pleanála faoi láthair. Rachaidh an plean le haghaidh an Ionad nuálaíoch seo i ngleic leis an gcuid is mó de na dúshláin a bhaineann le críonadh. Tá deontais de bhreis agus €20 milliún faighte ag an tionscadal seo ón bhfodúireacht idirnáisiúnta, Atlantic Philanthropies. Seachas áiseanna cliniciúla ar ardcaighdeán a sholáthar, cuimseoidh an tIonad áiseanna traenála agus oideachasúla agus an Institiúid Mercers ar Thaighde i nDáil le hAosú.

An tSeirbhís Stróc

Lean an tSeirbhís Stróc ar aghaidh ag neartú thar an mbliain ag measúnú agus ag tabhairt coireáil do breis agus 400 othar cónaithe agus breis agus 1000 othar seachtrach. De thoradh forbairt ar an tSeirbhís Stróc, tá laghdú tagtha ar mhorthlaíocht i measc aon trian de na n-othar agus laghdú de bhreis agus seachtaine ar an meánama a chaiteann siad san ospidéal. Tá seirbhís thrombailísis infhéitheacha ar fáil anois chomh maith le clinic fothoirmeasc faoi stiúr ag altra agus seirbhís loscaemach Ceirbreach Díomuan.

Tá tuilleadh dul chun cinn déanta ar fhorbairt Aonad Géarstróic i gcomhpháirtíocht leis na Stiúrthóireachtaí GEMS agus Scope. Cuireann sé seo ar ár gcumas cúram teiripe, altranais agus liachta, chomh maith le measúnú saíneolaí agus prótacal bunaithe do gach othar a ghlactar leo in Ospidéal Naomh Séamas.

Chruinnigh Mic Léinn Liachta, Coláiste na Tríonóide airgead le linn Med Day chun níos mó forbairt a dhéanamh ar an Aonad Stróc. Ceannófar áiseanna speisialta a chuirfidh go mór le soláthar an chúraim a theastaíonn ó othair stróic a cur i gcrích. Gabhaimid buíochas ó chroí do na mic léinn liachta a chruinnigh an t-airgead don aonad.

Seirbhís Thitime agus Sioncóipise, Chosaint Cnámh agus Oisteapórise

Tcuimsíonn an tAonad Cosaint Cnámh agus Oisteapórise cúpla ceantar cliniciúil agus taighde. Tá Seirbhís Chosc ar Bhriseadh agus Titime, Seirbhís DXA, Seirbhís Réamh-Mheastaithe faoi stiúr altraí, Seirbhís Ortageriatic agus Cliniciú Coiréala ar leith do Chnámha.

An tAonad Titime agus Sioncóipise

Is clinic cóiréileach d'othair sheachracha é seo a bhíonn á reáchtáil cúig lá sa seachtain ina dhéantar imscrúdú ar othair a thit nó a bhí soincóipis acu gan chúis ag baint úsáide as teicneolaíocht cardashoithíoch ar ardcaighdeán. Tá méadú leanúnach ar ghníomhaíocht san aonad le méadú de 18% ar líon na n-othar in 2008. Soláthraíonn sé an clinic sioncóipise is mó sa tír agus tagann atreoraithe isteach ón Roinn Éigeandála, atreoraithe othar cónaithe, DGí, seirbhísí Cairdeolaíochta agus Néareolaíochta.

Chuir an tseirbhís chosc titime faoi stiúr ag altraí agus an tseirbhís athbhreithnithe go mór le titim a chosc agus a laghdú, rud atá le sonrú i laghdú na ndaoine a thit ón uair a thosaigh an steirbhís in 2003. Bhí an laghdú seo le sonrú thar na géarbhardaí, bardaí athshlánaithe agus bardaí cúraim leabhraithe.

Seirbhís Chosaint Cnámh agus Choireáil

Oisteapórise Bhí tuilleadh fairsingithe sa seirbhís Chosaint Cnámh agus Choireáil Oisteapórise in 2008, a léiríonn méadú de 20% in othair measúnaithe agus cóiréilte i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Tugadh clinici breise réamh-mheasúnaithe faoi stiúr ag altraí isteach le linn na bliana, a d'éascaigh measúnú tosaigh agus obair dhuagnóiseach d'othair a bhfuil géar-oisteapóris orthu. Déantar athbhreithniú ar na hothair seo ina dhiaidh sin sa chlinic sláinte chnámh agus cóiréala oisteapórise. Ba bhliain thar a bheith gnóthach ab ea 2008 do scanadh DXA le hidir atreoraithe ón bpobal agus ó othair chónaithe.

Lean an tSeirbhís Cosc ar Bhriseadh agus Titim Othair Chónaithe ag fairsingiú in 2008

Dírítear ar othair a bhfuil ardriosca titime acu le haghaidh coisc ar ghortú titime nuair a ghlactar leo faoi chúram na Ranna MedEl. Mar sin, sainaitnítear agus bainistítear othair a bhfuil ardriosca acu. I measc na seirbhísí a chuireann an fhoireann ar fáil tá ranganna cothroim agus neartú, cláir oideachasúla titime don fhoireann agus d'othair, cláir ghéilliúlachta chosaint chromáin agus cláir straitéiseacha bainistiú d'othair mhearbhlacla, fhuaiscneacha.

An Institiúid Mercer ar Thaighde i nDáil le hAosú (MIRA)

In 2008 bhí an Institiúid Mercer ar Thaighde i nDáil le hAosú ar an bhfód ar feadh 20 bliain. I mbliana bhí tuilleadh fairsingithe in obair chliniciúil agus thaighde na hInstitiúide Mercer ar Thaighde i nDáil le hAosú.

Taighde Teicneolaíochta um Maireachtáil Neamhspléach (TRIL)

Seoladh an clinic TRIL i mí Feabhra 2008 ag an Aire maidir le Daoine Scothaosta, Maire Hoctor Uas. Tá an clinic lonnaithe in MIRA ó mhí Lúnasa agus go dtí seo chuaigh 480 othar faoi mheasúnú cuimsitheach. Tugann na dlaoithe taobh istigh den aonad TRIL aghaidh ar na trí eochairfhearainn a bhaineann le dul in aois: fisiceach, cognaíocht agus nascacht shóisialta.

Aithníodh an clinic TRIL don úsáid a bhaineann sé as teicneolaíocht do scagthástáil sláinte do dhaoine aosta agus bronnadh an chéad áit air sa chatagóir teicneolaíochta ag Duaiseann Cúram Sláinte na hÉireann i mí Dheireadh Fómhair 2008.



Fad-Staidéar na hÉireann ar Aosú (TILDA)

Is mórtionscnamh atá in Fhad-Staidéar na hÉireann ar Aosú (TILDA) a sholáthróidh taighde ar ardcaighdeán maidir le daoine aosta agus le haosú in Éirinn. Tá sampla ionadaíoch náisiúnta de 8,000 go 10,000 daoine fásta d'aois 50 agus níos sine, agus atá ina gcónaí in Éirinn á roghnú don staidéar. Bhí an Chomhdháil TILDA um Sláinte in Aosú, a d'oscail an tAire Sláinte, Mary Harney, ar siúl i mí Bealtaine 2008 i gcomhpháirtíocht le Coláiste na Tríonóide.



Clinic Cuimhne

Ó bunaíodh é, tá cuid mhór saineolais faighte ag an gClinic Cuimhne maidir le neamhoird chognaíoch a dhiagnóisiú agus os cionn 4,000 othar measúnaithe. Lean an Clinic Cuimhne de bheith gníomhach i dtionscadail taighde éagsúla, comhoibriú le ranna agus institiúidí eile san áireamh.

Tionscadail Taighde Leanúnacha an Chlinic Cuimhne

- Staidéar um Cúram i nGalar Alzheimer a Feabhsú (staidéar ECAD)
- Staidéar Aosaithe Sláintiúil Bhaile Átha Cliath
- Forbairt bheart nua de chuimhne dhírbheathaisnéiseach
- Tuiscint i nGortú Inchinne Trámach agus néaltú Frontotemporal
- Físic Liachta agus Bithinnealtóireacht – Taighde Chrith Súile agus Córas Aimsitheora ar mhaithe le daoine aosta le hionpraíocht chognaíoch
- Staidéar Roskamp ar Ghalar Alzheimer – Is measúnú lipéid oscailte é seo ar shábháilteacht agus ar éifeachtúlacht de Nilvadipine i néaltú éadrom go dtí measartha Alzheimer
- Taighde aistriúcháin HRB in éagobhsaíocht néarshoithíoch
- Tuiscint i nGortú Inchinne Trámach agus néaltú Frontotemporal
- Éifeachtacht de Chlár Spreagthachta Cognaíoch

Ionad Eolais agus Forbartha Seribhísí Néaltraithe

Patricia Hallahan

Ceann Roinne

Réamhrá

Is ionad náisiúnta do shármhaitheas i néaltrú é an tIonad Eolais agus Forbartha Seirbhísí Néaltraithe (DSIDC) agus é tiomanta do dhea-chleachtas i ngach gné de chúram néaltraithe. Tairgeann sé trí phríomhsheirbhísí proifisiúnta: Oideachas, Eolas & Comhairleacht, Taighde

Ba bhliain éifeachtach 2008 do DSIDC. Bunaíodh an tIonad in 1998 agus bhí sé 10 mbliana ar an bhfód in 2008. Ina theannta sin, fostaíodh ceathrar eile, stiúrthóir nua san áireamh. In aineoinn na ndúshlán a bhain le srianta buiséid an HSE, a bhí tionchar aige air éileamh ar oideachas, agus athruithe foirne, bhaineadh go leor amach le linn na bliana. Forbraíodh agus aontaíodh ar Théarmaí Tagartha Nua do struchtúir rialachais agus i dtreo deireadh na bliana rinneadh obair ar phlean straitéisach trí bliana a fhorbairt don tréimhse 2009 – 2011.

Bhí Coláiste na Tríonóide ina óstach do chomhdháil idirnáisiúnta i mí Aibreán 2008, ag tabhairt grúpa ildhisciplíneach de 31 cleachtóir Eorpacha agus taighdeoirí le chéile agus iad tiomanta i dtreo dea-chleachtais i gcúram néaltraithe.

Forbairtí in 2008

Oideachas

Lean an tseirbhís oideachais ag DSIDC ag feabhsú agus ag éagsúlú le linn 2008. Ar an ábhar gur chuireadh 54 sainchúrsa/sain-sheisiún néaltraithe ar fáil, soláthraíodh 86 lá oideachais-oiliúna do 667 rannpháirtí in ionaid ar fud na tíre, Baile Átha Cliath, Corcaigh, Ciarraí, An Mhí, Port Láirge agus Cill Chainnigh san áireamh. Ciailaíonn sé seo 1,177 lá pearsa d'oideachas/d'oiliúint. I bpáirtíocht nua idir an tIonad um Foghlaim agus Forbairt san ospidéal, reachtáil DSIDC cúpla lá oideachasúla a bhí curtha i réamheolaire an CLD. Bhí freastal maith ag na hócáidí seo agus chuir sé deis ar fáil d'fhoireann an oispdeíl sainoideachas néaltraithe a fhónamh.

Chomhlíon an fhoireann DSIDC iliomad díotha oideachasúla eile, sainaitheanta ag an bhfoireann cúram sláinte. Ina measc bhí soláthar seisiúin traenála do tithe altranais phríobháideacha agus áiseanna poiblí. Cuireadh cúrsaí traenála d'éascaitheoirí ar fáil do dhaoine le saineolas agus saineispéireas ar néaltrú. Tá na héascaitheoirí nua-thraenáilte anois in ann traenáil maidir le néaltrú a sholáthar laistigh dá n-eagraíochtaí féin, rud a leathnaíonn go fairsing éifeacht an tseirbhís oideachais an DSIDC. Lean na ranníocaíochtaí don MSc. in Altranais Seaneolaíochta i gColáiste na Tríonóide le linn 2008. I dtreo deireadh na bliana rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar an gclár oideachais DSIDC, le forbairt an chéid bhróisiúir oideachais agus traenáil mar thoradh aige, a bheidh foilsithe agus scaoilte go luath san athbhliain.

Eolas & Comhairleacht

In 2008, bunaíodh bunachar sonraí chun ceisteanna a logáil agus a bainistiú. Bhain 41% de na ceisteanna le hiarratais ar eolas maidir le hoideachas, le hacmhainní, le huirlisí agus le teicníochtaí faoi chúram néaltraithe. Bhain 23% le saincheisteanna cliniciúla (ó Siondróm Down go cúram maolaitheach) agus bhain 16%, ar bhealach éigin, le taighde. Bhain 14% d'iarratais le saincheisteanna dearaidh, agus bhain 7% le saincheisteanna dlí agus eiticiúla (ó nochtadh an fháthmheasa go habhcóideacht). I measc éagsúlacht na bhfoinsí iarratais bhí tithe altranais phríobháideacha, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, eagraíochtaí príobháideacha agus deonacha, institiúidí acadúla, comhlachtaí ailtreachta agus daoine aonair. Léiríodh nuachtlitreacha san earrach agus san fhómhair agus scaoileadh iad chuig daoine ar an mbunachar sonraí

ríomhphoist agus poist. Bhí leagan in-íoslódáil roichte ag daoine ar shuíomh idirlinn an DSIDC www.dementia.ie

Bhí an suíomh idirlinn ina fhoinsé eolais thábhachtach do chleachtóirí néaltraithe. Tugadh faoi uasghrádú agus obair fheabhasúcháin air deireanach in 2008 agus seoladh é go luath in 2009.


Lean an leabharlann agus an tionad acmhainní ag tarraingt cuairteoirí agus d'ardaigh sé a stoc d'acmhainní tagartha ar aosú agus nealtrú, leabhair agus irisleabhair. Díoladh 85 acmhainní oideachasúla, léirithe ag DSIDC le linn 2008, m. sh. DVDí agus leabhair.

Taighde agus Foilseacháin

In 2008 bhí baint ag DSIDC le 11 píosa taighde. Moladh píosa taighde nua maidir le forbhealaí cúraim do dhaoine óga le nealtrú do mhaoiniú chuig an Údarás Náisiúnta Míchumais. Rinneadh tuilleadh dul chun cinn ar thrí phársa taighde agus rinneadh ceithre cur i láthair ag comhdhálacha. Foilsíodh trí pháipéar in irisí ar a dhéantar piarmheasúnú orthu agus péire eile in irisí nach ndéantar piarmheasúnú orthu.

Lean an clár ag Maireachtáil le Néaltrú, maoinithe ag Atlantic Philantropies agus eile, mar an gné is suntastaí de chlár taighde an DSIDC. Tá sé mar aidhm aige cuir le forbairt idirghabhála do dhaoine fáthmheasta le néaltrú agus a gcúramóirí teaghlaigh, tionchar a bheith aige ar fhorbairt pholasaí agus cuir le dearadh cuspóirí dea-chleachtais dóibh siúd a bhfuil néaltrú orthu. Chomh maith leis an mbeirt mac léinn Ph.D. atá ag fáil maoiniú ón gclár seo, tacaíodh d'iarchéimí eile atá ag obair ar ábhair ghaolta le néaltrú in 2008.

Stiúrthóireacht SaMS



An Dr. Colm Bergin
Stiúrthóir Cliniciúil

Sharon Morrow Uas.
Bainisteoir Gnó

Margaret Codd Uas.
Bainisteoir Altra

Réamhrá

Cuimsíonn an Stiúrthóireach SaMS naoi speisialtachtaí lena n-áirítear Inchríneolaíocht, Gíneolaíocht, ENT, Oftailmeolaíocht, Deirmeolaíocht, Réamaiteolaíocht, Néareolaíocht, Néarfhiseolaíocht Cliniciúil agus an Roinn Míochaine Úraigintiúil agus Galair Ionfhabhtaíoca (GUIDe). Tá an Seomra Scaoilte agus trí bharda d'othair chónaithe, Naomh Eoin, Víctor Sunge agus Ospidéal 5 Aonad 3, agus ioaid lae siúlacha ag an gClinic GUIDe, an tIonad Cúraim Sláinte, an tIonad Lae Diaibéiteach agus tIonad Lae Réamaiteolaíochta san áireamh freisin.

Forbairtí na Stiúrthóireachta le linn 2008

Chonducht an Fhoireann Stiúrthóireachta tionscadal i mí Lúnasa d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar ghabháil sonraí cháis d'othair a thógadh isteach faoin speisialacht do Ghalair Thógálacha. Léirigh an tionscadal na buntáistí a bhaineann le hionchur Cliniciúil Shínsearaigh in eolas scaoilte. Rinneadh athbhreithniú ar DNAí thar na ranna d'othair sheachtracha de chuid na Stiúrthóireachta ag baint úsáide as modheolaíocht 6 Sigma.

Leanann cur i bhfeidhm críoch an tionscadail ar aghaidh. D'éirigh le leanúint na gcruinnithe foirne démhíósacháin fóram a chuir ar fáil chun cumarsáid dhá-threo a fheabhsú thar an Stiúrthóireacht.

Forbairtí Foirne


D'éieigh Margaret Codd Uas. as a post mar Bhainisteoir Altra tar éis 4 bliana a chaitheamh ann agus 9 mbliana ag obair sa Stiúrthóireacht SaMS. Ba mhaith leis an Stiúrthóireacht a buíochas a chur in iúl di as a cion agus a tiomantas agus guímid gach rath uirthi ina dícheall sa todhchaí.

De thoradh athstruchtúró sa seirbhís riaracháin, ceapadh Pauline Lynch Uas. mar Riarthóir Sinsearach don Stiúrthóireacht. Ceapadh an Dr. Louise Barnes mar Ollamh le Deirmeolaíocht in 2008.

Gníomhaíocht Stiúrthóireachta Seirbhísí Othar Seachtrach

D'ardaigh an ráta iomlán freastail do sheirbhísí Othar Seachtrach Stiúrthóireachta SaMS arís le linn 2008. Leanann an Stiúrthóireacht ag bainistiú cóimheas idir othair nua agus othair athfhillte.

Gníomhaíocht Othar Seachtrach Stiúrthóireacht SaMs 2006-2008



Seirbhísí Othar Cónaithe

Soláthraíonn Barda Naomh Eoin, Bara Victor Syngé agus Ospidéal 5 Aonad 3 cúram othar cónaithe. Ghlac Barda Naomh Eoin páirt san athrú cleachtas rathúil de chúram a thabhairt d'othair le hEipeadúraigh go hiarobráide.

Seirbhísí Barda Lae

Cuireann Stiúrthóireacht SaMS seirbhísí barda lae (liachta agus máinliachta) ar fáil thar ocht speisialtacht.

Seo a leanas na freastail lae in aghaid na Roinne:

Cásanna Lae	Iomlán 2006	Iomlán 2007	Iomlán 2008
Deirmeolaíocht	4,654	4,937	5,268
Inchríneolaíocht	13,185	12,996	9,729
C.S.S.	258	270	250
GUIDe	3,311	3,776	2,101
Gíneolaíocht	378	393	500
Néareolaíocht	38	146	157
Néarfiseolaíocht	1,115	1,176	1,286
Réamaiteolaíocht	5,003	5,408	5,460
Iomlán	27,942	29,097	24,751

An Seomra Scaoilte

Tá sé mar chuspóir ag an Seomra Scaoilte amanna feithimh a laghdú d'othair a theastaíonn leapa othair chónaithe uathu trí áit chompordach a sholáthar d'othair a scaoileadh an lá sin. Is táscaire tábhachtach é don Stiúrthóireacht agus don ospidéal an tSeomra Scaoilte. Freastalíodh ar 29% de scaoilfidh othar sa Seomra Scaoilte in 2008.

Deirmeolaíocht

Thosaigh an Roinn Deirmeolaíochta ar tionscadal NPTF in 2008 leis an aidhm ama feithimh chliniciúla a laghdú. De thoradh an chláir, ceapadh Deirmeolaí sa bhreis chomh maith le foireann tacaíochta.

Bhunaigh an Dr. Patrick Ormond an tseirbhís Mháinlictha Mhiceagrafach Mohs (MMS) san Ionad Cúraim Sláinte. Bhí obráidí MMS ag 151 othar le linn 2008, agus dá bhrí sin ní raibh ar na hothair seo taisteal chuid an RA dár gcóireáil. Ceapadh an Dr. L. Barnes mar Ollamh le Deirmeolaíocht in 2008. Leanann an fhoireann EB, faoi cheannas an Dr. Rosemarie Watson le cúram tiomanta aonair a sholáthar d'othar fhásta a raibh Epidermolysis Bullosa orthu.

Inchríneolaíocht


Leanann an tseirbhís dhiaibéitigh ag fairsingiú agus ag soláthar sainchúran do líon méadaitheach othar. Leanann an tseirbhís ag soláthar seirbhísí speisialta agus treasacha i réimsí mar theiripe chaidéil insilín agus scagadh reitineach. Tháinig Podiatrist Sinsearach lán-aimseartha chun na seirbhíse i mí na Nollag 2008. Bunaíodh Clinic nua do Dhaoine Óga d'othair a fáthmheasadh le diaibéiteas faoi 30 bliain d'aois.

Leanann an Dr. Marie Louise Healy, i gcomhpháirtíocht leis na Seirbhísí Máillíachta ENT, le seirbhís chuimsitheach oinceolaíochta tíoróidigh a sholáthar. Soláthraíonn an tseirbhís seo cúram do 70% d'othair atá diagnóisithe le hailse thíoróidigh i bPoblacht na hÉireann. I measc na bhforbairtí taobh istigh den tseirbhís altranais tá córas atreorú leictreach don na Speisialtóirí Altraí Cliniciúla Diaibéitigh.

Cluas, Srón agus Scornach (C.S.S.)

figiúirí is déanaí go gcuireann Ospidéal Naomh Séamas cóireáil ar 47% go neasach d'ualach oibre náisiúnta Ailse Chinn agus Mhuiníl.

Gníomhaíocht Ailse Chinn agus Mhuiníl 2001 - 2007



Lean an Clár Sábháilteachta Traicéatóime ar aghaidh le linn 2008. Tá sé mar aidhm ag an tseirbhís béim a leagan ar na ceistanna bainistithe riosca a bhaineann le cúram traicéatóime agus iad a dhíbirt. Tá laethanta staidéir traicéatóime ráithiúla i gceist ar a bhfreastlaíonn an t-ospidéal agus soláthróirí cúraim sláinte ón taobh amuigh. Earcaíodh an dara Éisteolaí, Fiona McHugh Uas. i mí Meán Fómhair 2008.

GUIDe

Bíonn seirbhísí ag an Roinn Mhíochaine Uraigintiúil agus Galair Ionfhabhtaíochta (GUIDe) a chlúdaíonn galair ghnéas-tarchurtha, ionfhabhtú HIV, cúram ginearálta galair ionfhabhtaigh agus seirbhís chomhairleach d'othair chónaithe ar fud an Ospidéal.

Bhí rath leis an bhforbairt de chlinicí comhairleacha seachtainiúla GU/HIV i bpríosúin Chnoc na Seamar agus Pháirc na Cruithneachta seachadta ag an Dr. Fiona Lyons agus léirigh coigilteas suntasach costais le linn 2008.

In 2008, chríochnaigh go rathúil beirt bhall den fhoireann altranais an chéad chlár Oidís Altra Náisiúnta agus tá altra eile ag críochnú ar an gclár faoi láthair. Bunaíodh clinic faoi stiúr altraí d'othair HIV nuafháthmheasta, agus othair le galar ae ciorróiseach, táinisteach go comhionfhabhtú.

Leanann an tseirbhís Ghalair Ionfhabhtaíochta i gcomhpháirtíocht leis an bhFoireann Idirghabháil Phobail ag éascú scaoileadh luath agus seachtaint admhála d'othair trí teiripe antaibheathach a sholáthar sa bhaile.

Lean an tOllamh Fiona Mulcahy agus an Dr. Colm Bergin ar aghaidh mar Stiúrthóirí Speisialtachta Náisiúnta, RCIP dá speisialtachtaí áirithe; Míochaine Úraigintiúil agus Galair Ionfhabhtaíochta.

Gníomhaíocht Othar Seachtrach GUIDe 2008

Cur Síos	Nua	Filleadh	Iomlán
Tinrimh Seirbhíse VEID	207	4,107	4,314
Tinrimh Seirbhíse IGT	6,792	3,815	10,067
Tinrimh Othar Seachtrach um ghalair ionfhabhtaíoch	77	581	658
Tinrimh Seirbhíse Daoine Óga	255	316	571
Tinrimh Othar Seachtrach VEID-Hep C	9	1,123	1,132
Tinrimh Nua Líonadh	20	70	90
Tinrimh Bharda Lae	452	1,649	2,101
Tinrimh Clinicí Altraí/Torthaí		1,119	1,119
Tinrimh Vacsaíniú	667	1,933	2,600
Tinrimh Seirbhíse Fleibeatóime	257	468	725
Gníomhaíocht Iomlán Othar Seachtrach	8,736	15,181	23,917

Gíniceolaíocht

Soláthraíonn an tSeirbhís Ghíniceolaíochta in Ospidéal Naomh Séamas cúram d'othair a bhfuil réimse leathan d'fhadhbanna acu, mar shampla, riochtaí ginearálta gíniceolaíochta, oinceolaíochta, neamhchoinneálacht lamhnáin agus inchríneolaíocht ghíniceolaíochta (éadoircheasacht agus sos míostraithe).

Cuireann an tSeirbhís Gíniceolaíochta Oinceolaíochta in Ospidéal Naomh Séamas seirbhís áitiúil, réigiúnach agus for-réigiúnach ar fáil d'othair a bhfuil ailse ghíniceolaíoch orthu. In 2008, rinneadh athbhreithniú ar 757 othar ag an gcruinniú seachtainiúil Ildisciplíneach Oinceolaíochta Ghíniceolaíochta.

Cheannaigh an Roinn Ghíniceolaíochta meaisín ultrafhuaim d'fhonn bainistiú othar sa Roinn Éigeandála a éascú agus am feithimh a laghdú dóibh siúd sceidealta d'ultrafhuaim.

Néarfiseolaíocht Chliniciúil

Is cuid de Sheirbhís Néarfiseolaíochta Cliniciúil Bhaile Átha Cliath Theas í an Roinn Néarfiseolaíochta Cliniciúil, a thairgeann réimse de sheirbhísí scrúduithe agus diagnóiseacha. Ina measc tá Staidéir ar Sheoladh Néaróg (NCS), Leictremiografaíocht (EMG), Tástáil Chainníoch Chéadfach (QST), Leictreinceifileagrafaíocht (EEG) agus Ionchas ó Spreagadh Sómatachéadfach (SSEPs), Freagraí i Stoc na hInchinne ó Spreagadh Éisteachta (BAERs) agus Freagraí ó Spreagadh Radharcach (VERs). D'éirigh leis an Dr. Yvonne Langan post mar Néarfiseolaí Cliniciúil deireanach in 2008 agus tosóigh sí sa phost i mí Feabhra 2009.

Néareolaíocht

Fuair an Roinn maoiniú Nuálaíochta don Chlár Bainistiú Titimeas. Tá sé mar aidhm ag an gclár an gá glacadh le hothair le titimeas san ospidéal a laghdú nó a ghlanadh. Léirigh an clár deathionchar ar ghlacadh othar chónaithe ón



uair a cuireadh i bhfeidhm é agus laghdaigh go suntasach cur i bhfeidhm clinic mhear-rochtana líon na n-othar ag freastal ar an Roinn Éigeandála. Cuimsíonn an clár clinic mhear-rochtana chomh maith le clár oideachais agus comhairleach cuimsitheach, seoladh ríomhphost san áireamh chun go mbeadh othair in ann teagmháil a dhéanamh go leictreonach le baill fhoirne.

Leanann an Roinn Néareolaíochta lena taighde leanúnach ar Scléaróis Iolrach, galar snáimh agus imdhíon-modhnóirí, ina measc: Athleanúint ghalar cnáimh in MS agus staidéar smachtaithe ar dlús cnáimh i ngalar Parkinson.

Roinn an Dr. G O Connor an duais thaighde SpR (mír thuarascáil cháis) d'athbhreithniú ar othar le siondróm Alagille. Tá cúpla tionscadal leantach ar siúl ag an roinn le linn 2008. Ina measc: Athleanúint ghalar cnáimh in MS agus staidéar smachtaithe ar dlús cnáimh i ngalar Parkinson.

Oftailmeolaíocht

Leanann fás ar an gclár Chlinic Scagach Reitine do Dhiabéitigh, a tugadh isteach in 2005, ar aghaidh agus iomlán de 1165 othar ag freastal ar an tseribhís in 2008. Éascaíonn an cur chuige comhoibrítheach seo ar chúram othar ag an tseribhís Inchríneolaíochta agus Oftailmeolaíochta do bhrath luath de ghalar súile diaibéiteach, agus é mar chuid mhór den obair a dhéanann an tseribhís oftailmeolaíochta. Freastlaíonn gach othar diaibéiteach i gcomhair scagtha go bliantúil.

Réamaiteolaíocht

Cuimsíonn an tseribhís Réamaiteolaíochta:

- sainseirbhís airtritis bunaithe ar an othar seachtach
- seirbhís treasach fhíocháin tacaíochta atreoraithe i gcomhoibriú le hImdhíoneolaíocht agus Deirmeolaíocht
- seirbhís insteallta/easúnaithe san Ionad Lae Réamaiteolaíochta
- seirbhís laethúil comhairliúcháin d'othair chónaithe
- sainchlár teagasc seachadta ag comhairligh i réamaiteolaíocht
- clár tiomnaithe taighde
- rannpháirtíocht mhór don ghéaruainchlár míochaine ar glao-dhualgais don Roinn Éigeandála

Le cabhair ó acmhainní NTPF, lean an Roinn ag feidhmiú mar fhoireann le triúr comhairleoir agus bhí an gníomhaíocht méadaithe OPD le sonrú i laghdú cuimsitheach de na liostaí feithimh do mhéasúnú réamaiteolaíochta, fisiteiripe agus teiripe shaothair.

D'fhreastal an Dr. Michelle Doran agus an Dr. Gaye Cunnane ar an Máistir-Rang Réamaiteolaíochta Eorpaigh, a bhí ar siúl i mí Bealtaine 2008 san RCPI ar son an Ospidéal. Thug an Dr. Doran léacht ar Cheisteanna Slándála agus Teiripí Bitheolaíochta agus bhí an Dr. Cunnane mar chathaoirleach ar sheisiúin ar Fhabhrú Teiripí Imdhíoneolaíochta. Ag AGM an Chumainn Réamaiteolaíochta na hÉireann, vótáladh an Dr. Gaye Cunnane mar an chéad Uachtarán bainneann de chuid an Chumainn. Driomscriobhadh a ról mar Stiúrthóir Speisialtacht Náisiúnta do thréimse 3 bliana eile. Lean an clár taighde ar aghaidh go traen, le 8 bhfoilseachán ar a dhéantar piarmhéasúnú orthu, 2 chaibidil leabhair agus 6 coimriú.

Stiúrthóireacht GEMS 2008



An Dr. P.W.N. Keeling
Stiúrthóir Cliniciúil

An tUas. Kevin Burke
Bainisteoir Gnó

Catherine Carey Uas.
Bainisteoir Altra

Réamhrá

Is iad na réimsí seo a leanas a thagann faoin Stiúrthóireacht GEMS, liacht agus máinliacht Ghastraistéigeach, Liacht Ghinearálta lena n-áirítear Heipiteolaíocht, Liacht Duánach, Úireolaíocht agus Máinliacht Ghinearálta.

Forbairtí in 2008

- Bunaíodh Clinic Measúnaithe Riosca Teaghligh do Chúram Cíche.
- Bunaíodh an dara Chlinic Cíche Measúnaithe Triarach chun déileáil le héileamh méadaithe.
- Ceapadh an Dr. Suzanne Norris mar Ollamh le Gaistrentreolaíocht agus Heipiteolaíocht i gColáiste na Tríonóide.
- Tugadh Scanóir Fibro isteach sa Roinn Heipiteolaíochta. Leis an bhfearas seo, déantar measúnú ar an ae ar bhealach nach bhfuil chomh hionrach céanna le bithóipse Ae.
- Lean forbairt na Seirbhíse Ultrafhuaim Ionscópach (EUS) le níos mó ná 400 scrúdú EUS déanta sa chéad bhliain iomlán.
- Ceannaíodh Fearas Halo Ablation do chóireáil Éasafagas Barrett agus chuaigh foireann Altranais agus Liachta faoi thraenáil úsáide.

- Ceapadh bainisteoir bhunachar sonraí chun sonraí ar Éasafagas Barrett a bhainistiú.
- Bunaíodh clinic coicíse Éasafagas Barrett idir an Fhoireann Máinliachta Ghastraistéigeach Uachtar agus an Fhoireann Liachta Ghaistrentreolaíochta.
- Bhí an chéad sheisiúin chóireála Haemodiafiltration ar líne san ospidéal i mí Deireadh Fómhair.
- Thosaigh an tUas. Thomas Lynch ar an Gnáthamh Crocháin Ilbhliantóige chun dul i ngleic le neamhchoinneálachas tar éis Próstaiteachtóime Aisphúbasach Fréamhaí.
- Osclaíodh an fairisingiú d'Ospidéal 7, Aonad 6 i mí na Samhna ag méadú líon na leapacha sa bharda ó 21 go 32

An tSeirbhís Chíche Siomtómacha

In 2007, d'ainmnigh an Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse (NCCP) Ospidéal Naomh Séamas mar cheann d'ocht Seirbhísí Chíche Siomtómacha in Éirinn. Mar gheall air seo bhí méadú sa dobharcheantar agus atreoruithe. Chun freastal ar an éileamh breise, ardaíodh acmhainn an Chlinic Chíche agus bunaíodh dhá chlinic nua. Bunaíodh Chlinicí Chíche Measúnaithe Triarach breise agus Clinic Measúnaithe Riosca Teaghlach i mí an Mheitheamh 2008. D'fhreastal níos mó ná 2000 othar nua ar Chúram Chíche in 2008. Is ionann é seo agus ardú de 38% ar 2007.


Is é ceann de na gnéithe rathúla den Chlinic Measúnaithe Triarach, ina bhfuil fáil ag othair ar Athbhreithniú Máinliachta ó Máinlia Comhairleach, Raideolaíocht (Mamagram/ Ultrafhuaim) agus Cíteolaíocht (Bithóipse Caol-Snáthaid), go bhfaigheann an cuid is mó d'othar fáthmheas ar an lá céanna. Laghdaíonn sé seo an méid ama bhíonn ar othair fanacht do thorthaí, a d'fhéadfadh a bheith thar a bheith strusmhar; laghdaíonn sé seo an bearna ama roimh cóireáil a thosú. In 2008 fuair 85% d'othair nua a ndiagnóis ag a gcéad chuairt.

In Aibreán 2008, d'iarr HIQA ar ospidéal a sholáthraíonn Seirbhísí Chíche iniúchadh féin-mheasúnacht a dhéanamh. Rinneadh an iniúchadh scrúdú ar gnéithe éagsúla a bhaineann le Seirbhísí Chíche, am feithimh do choinní, diagnóis ar an lá céanna, rochtain ar dhiagnóisic agus cóireáil faighte san áireamh. Ar an iomlán, thaispeáin ár bhféin-mheasúnacht go raibh Seirbhísí Chíche ag Ospidéal Naomh Séamas níos mó ná 90% géilliúil leis na caighdeáin leagtha síos ag HIQA. I mí Meán Fómhair 2008, thug HIQA cuairt ar an Ospidéal chun bailíochtú a dhéanamh ar ár bhféin-mheasúnacht. Bhí aiseolas ón gcuair seo an-


dearfach. Mhol siad rathúlacht ár ngabháil sonraí, ár gclár táscaire gníomhaíochta agus monatóireacht míosúil de ghníomhaíocht cliniciúil. Tá ár nGrúpa um Feabhsú Caighdeáin ag dul i ngleic leis na ceantair ar a mholadh feabhsú.

Léiríonn na táblaí/graif an méadú de 1200% ar ghníomhaíocht chliniciúil ón uair a bhunaíodh an Clinic Chíche in 1997.

Gníomhaíocht Chúram Chíche



Líon na nAilís Chíche Cóireáilte



Seirbhís Liachta Ghinearálta

An tAonad Iontrála Géarmhíochaine (AMAU)

Faigheann an tIonad Iontrála Géarmhíochaine gach iontráil liachta éigeandála (timpeall 6000 in aghaidh na bliana) agus tá sé ar an gceantar ainmnithe, áit ina leagtar béim ar sholáthar cúram ar ardcaighdeán d'othair le géarthineas liachta. De ghnáth, bíonn an bhásmhaireacht thagartha do chásanna éigeandála, ó chomparadóir idirnáisiúnta, idir 8 – 10%. In 2003, rinneadh dhá bharda lárnacha liachta, atá gár don Roinn Éigeandála (RE) agus An Roinn Shamhlú Fáthmheasacha, a athchumrú le feidhmiú mar AMAU. Glacadh le haon othar a bhí le cur san ospidéal díreach chuig an AMAU ón RE. Le meán na n-iontráil ag 15 in aghaidh an lae, réamh-mheasfaí go gheobhadh 70% d'iontráil a gcúram taobh istigh den aonad ar an ábhar go bhfuil 59 leapa san AMAU (ní féidir fanacht níos mó ná 5 lá in AMAU). Aistríodh na hothair a theastaigh níos mó

ama san ospidéal uathu ón AMAU chuig speisialtacht chuí nó leapa liacht ghinearálta.

Is é an nuálaíocht is mó a tugadh isteach tríd an gcóras nua seo go nglacadh le hothair le géarthinneas liachta orthu tríd an RE chuig aon láthair amháin. Rinneadh measúnú ar thoradh an tionscnaimh seo ó bhunachar sonraí othar a cruthaíodh tríd an gcóras riaracháin othar ar ríomhaire (PAS) a nascadh leis an scéim Fiosrúcháin Othar Cónaithe an Ospidéal (HIPE). Taifeadadh sonraí maidir le hothair liacht éigeandála a ghlacadh leo san ospidéal idir 2002 agus 2008.

Ba é an toradh do níos mó ná 25000 othar nár roghnaíodh le géarthinneas orthu a tháinig isteach tríd an RE d’ospidéal gnóthach a mhúineann ná laghdú de níos mó ná 50% i mbásmhaireacht, in ainneoin méadú suntasach ar an uallach oibre, comh-bhásmhaireacht agus dianas géar-thinnis thar am. Le 6,000 eipeasóid in aghaidh na bliana in thart ar 4,375 othar, ciallaíonn seo go sábháiltear beagnach 350 daoine in aghaidh na bliana. Seans go bhfuil na hathruithe i struchtúr gaolta leis na feabhsúcháin dhramatúla i dtoraidh thábhachtacha ó thaobh cúram sláinte de. Taispeánann an obair seo ábaltacht córas Sláinte na hÉireann coincheapanna nua a fhorbairt; chóimheasamar ár sonraí le tagarmharcanna idirnáisiúnta. Téann ár sonraí toraidh thar dea-chleachtas idirnáisiúnta do Ghéar Liachta.

An tSeirbhís Heipiteolaíochta

Soláthraíonn an tIonad Heipiteolaíochta seirbhís chuimsitheach d’othair a bhfuil galair ae (víreasach agus neamh-víreasach) agus gaistrentreolaíoch orthu. Leagtar béim ar an othar san aonad le seirbhís curtha ar fáil ag comhairleoirí d’othair chónaithe agus othair seachtracha. Tá forbairt déantar ar na seirbhísí agus na clinicí a chuirtear ar fáil d’fhonn díotha na ngrúpaí cliaint a bhaineann úsáid as na seirbhísí seo a seirbheáil.

Forbairtí in 2008::

- Ceapadh an Dr. Suzanne Norris mar Ollamh le Gaistrentreolaíocht agus Heipiteolaíocht
- Bhunaigh an Dr. Susan McKiernan clinic míosúil Heipitíteas B
- Ceapadh Bainisteoir Altraí Cliniciúla II mar Altra Teagmhála do dhaoine i dteideal Trasphlandú Ae. Comhordaíonn an tseirbhís othair idir Ospidéal Naomh Séamas, Ospidéal Naomh Uinseann, Baile Átha Cliath agus Ospidéal an Rí, Londain.
- Tugadh scanóir fibro isteach san Aonad, chun measúnú ae neamh-ionrach a dhéanamh.
- Tá tionscnaimh chur chun cinn sláinte agus oideachasúla

mar fhócas don fhoireann, ag comhtháthú leis na seirbhísí andúla agus grúpaí pobail áitiúla.

- Leanann rathúlacht na clinicí cóireála CNS do ghéar HCV agus HBV, a chiallaíonn go bhfuil sé ar an ionad cóireála is mó d’heipitíteas víreasach in Éirinn. Fanann géilliúlacht coireála agus toraidh na n-othar thar cinn.
- Leanann an fhoireann altranaís ag déanamh forbairt ar na Clinicí Coireála faoi stiúr Altraí le gníomhaíocht sna clinicí ag méadú go comhsheasmhacha.

Gníomhaíocht 2008

Cur síos	Nua	Filleadh	Iomlán
Clinicí Víreolaíochta	277	1307	1584
Ginearálta	776	2781	3557
Haemacrómatoís	87	330	417
Tástálacha Anáil Úiré	15	137	152
HCV faoi stiúr Altraí	34	2199	2233
Clinic Tástáil Fuil	162	698	860
Clinic Réamhbhithóipse Ae	7	249	256
Clinic Comhairleoireachta	63	251	314
HBV faoi stiúr Altraí	24	355	379
Iomlán	1445	8307	9752

An tSeirbhís Ionscópachta

Tá fás cuimsitheach tagtha ar an tseirbhís Ultrafhuaim Ionscópachta (EUS) le linn 2008, ó bhunaíodh é ag tus na bliana seo caite. Bhí an fhorbairt seo faoi stiúir an Dr. Dermot O’Toole le seomra tiomnaithe EUS. Faoi láthair, cuirtear ceithre seisiún EUS ar fáil in aghaidh na seachtaine. Tá EUS riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar fheiliúnacht do theiripe in othair le haisle éasafagach agus ghastrach agus mailísí de na domlasdhuchtanna. Tá ról luachmhar aige in ailse phaincréasacha a scafú agus cuireann sé an deis bithóipse caol-snáthaid a fháil trí imeacht díreach an tsnáthaid chuig an lot cuí (m.sh. siad paincréasach, nóid limfe ag luí gár don lúman gabraistéigeach). Ina theannta sin, bhí an comhcheangal de EUS le ERCP mar ghnáthamh aon-phointe thar a bheith úsáideach mar rogha fháthmheasach agus theiripeach. Leis seo, téann othair faoi EUS agus ERCP teiripeach ina dhiaidh le linn an támhú comhfhiosach céanna – tá buntáisi soiléir ag an gcleachtas seo don othar agus don ospidéal.

Seo a leanas samplaí de ghnáthamh aon-phointe:

- clocha amhrasta sa domlasdhucht coiteann, áit ina teipeadh ar ghnáth-íomháu cloch a nochtú; má thagtar ar chloch ag EUS sa chóras Dhomlasacha is féidir ERCP le stoitheadh cloiche a dhéanamh láithreach; mura bhfuil aon chloch ann, is féidir ERCP a sheachaint othar le haisle i gceann an phaincréis agus a theastaíonn fathmheas scafaill

agus histeolaíochta uatha – i gcás mar seo, is féidir le EUS scafall a chur ar fáil agus imeacht díreach de shnáthaid caol-cró faoi radharc díreach isteach sa mhais i gcomhair daingniú histeolaíocht nó cíteolaíochta; mura bhfuil an ailse feiliúnach d'athghearradh is féidir steintín a chur isteach sa dhomlasdhucht le linn an ghnáthaimh céanna.

Tá go leor comharthaí eile de EUS scafall othar ailse scamhóige, loit neamhurchóideacha den chonair ghastraistéigeach a aithint ó na cinn urchóideacha, feiliúnacht athghearradh ionscópacha d'ailsí luath den éasafagas, den bholg agus den drólann a scafú (is féidir úsáid a bhaint as tóireadóirí beaga curtha trí ghnáth ionscópacht ar an drólann sa drólann agus tugann na gléasanna seo íomhána dílse, ar ardchaighdeán de dhoimhneacht gabhátais an siada. Tá athghearradh ionscópacha d'ailse luath (ag baint úsáide as teicnicí Athghearradh Múcóis) ag éirí níos deireanaí agus feictear a éifeachtach ó thaobh mionghalarachta de i gcomparáid le máinliacht. Ar an iomlán, rinneadh 400 scrúdú EUS thar an mbliain imithe tharainn.

Cheannaigh an Ospidéal Córas Halo 360 le heisídiú radaimhnicíochta chun cóireáil a chur ar dhaoine le hÉasafagas Barrett. Is gnáthamh ionscópach deaghlachta a sholáthraíonn cóireáil ghníomhach, chomh maith le gnáthfhairéachas, d'othair le metaplasia stéigeach (dysplasia de ghrád íseal, dysplasia ardghráid agus carcinoma inmhúcóis luath). Fuair An tUas. N. Ravi, an Dr. Dermot O'Toole, an Dr. Cian Muldoon agus altra ionscópach Carla Flanagan oiliúint sa teicnic seo mar chuid de chúrsa creidiúnaithe eagraithe ag an Ionad Liachta Acadúil de Amsterdam.

Rinneadh an líon seo a leanas de ghnáthaimh ionscópachta san aonad

Gnáthamh	Líon
Ionscópacht ar an drólann	4393
Cisteascópacht	864
ERCP	443
Bithóipse Trus	251
Ionscópacht ar an siogmóideach	285
Broncascópacht	940
OGD	6199
Ileoscopy	23

Aonad Feidhme Gastraistéigeach (GI)

Tá athruithe móra tagtha ar an bhfoireann san Aonad Feidhme Gastraistéigeach (GI) i mbliana. Ceapadh Teicneoir GI nua san Aonad, ag tabhairt leibhéal na foirne teicnicúla go 3 teicneoir lán-aimseartha. D'imigh an Dr. Patrick Byrne ar scor mar stiúrthóir an aonaid i mí na Nollag 2008 tar éis an-chuid bhliain de sheirbhís. Tá an tAonad ar an t-aon aond le creidiúnú iomlán, mar sheirbhís agus mar aonad traenáil in Éirinn, creidiúnaithe ag an BSG.

Lean an t-éileamh ar staidéir Fhiseolaíochta GI Uachtar ag leathnú le méadú de 31% thar leibhéal 2007. Rinneadh iniúchadh ar 2017 othar le linn 2008, 48.6% acu mar atreoruithe ón taobh amuigh. Tháinig 80% den ualach oibre ó othar a bhfuil galar aife Gaistraí-éasagagach (GORD) orthu. Leann fairsingiú ar thástáil anasach-reicteach le madú de 22% ar ár n-atreoruithe. Thosaigh GIFU ar an tseirbhís Tástála Anála Hidrigine arís in 2007 agus tá fairsingiú cuisitheach ar an tseirbhís le linn 2008. Bhí méadú de 200% ar líon na n-atreoruithe chuig an tseirbhís seo in 2008.

Máinliacht Gastraistéigeach (GI)

Tá an tseirbhís Máinliachta Gastraistéigeach Uachtar mar chuid den tseirbhís máinliachta ginearálta. D'fhorbair soláthar Athghearradh Múcóis Ionscópach (EMR) go mór le linn 2008 tar éis dó a bheith tugtha isteach ag deireadh na bliana roimhe. Le EMR, is féidir cóireáil a chur ar aisli luath mar ghnáthamh lae. Ceadaíonn seo cóireáil a chur ar othair gan tabhairt faoi mháinliacht oscailte, próiseas ina mbaintear úsáide as acmhainní ganna téatar agus dianchúram, chomh maith le fanacht faidreiseach tar éis na hobráide, agus cóireáil a chur orthu mar chás lae.

I gcomhpháirtíocht leis an roinn gaistrentreolaíochta, bunaíodh clárann éasafagas Barrett in 2008. Le éasafagas Barrett athchuirtear an líneáil eipitéiliam squamous den éasafagas le heipitéiliam colúnach mar gheall ar damáiste de thoradh aife gastrai-éasafagas. Tá an-dhóchúlacht ann go dtiocfaidh athrú urchóideach ar an eipitéiliam. Ceapadh bainisteoir bunachar sonraí chun bainistiú a dhéanamh ar an clárann agus gach sonra a bhaineann le héasafagas Barrett.

Bunaíodh clinic coicise d'othair seachtracha le Barrett san fhómhar 2008. Is iarracht tras-dhisciplíneach é a bhunaigh an tUas. N. Ravi, an fhoireann máinliachta GI uachtar agus an Dr. Dermot O'Toole, an fhoireann Ghaistrentreolaíochta, ag obair le chéile chun an tseirbhís seo a sholáthar.

Máinliacht Chalaireicteach

Tá an tseirbhís mháinliacht chalaireicteach mar chuid den tSeirbhís Mháinliacht Ghinearálta. Lean an tseirbhís Chalaireicteach ag forbairt in 2008. Níos tábhachtaí arís, ainmníodh Ospidéal Naomh Séamas mar ionad ailse faoin gClár Náisiúnta um Bainistiú Ailse. Tugadh fáthmheas ailse chalaireicteach do 152* othar in 2008. Tháinig feabhas ar íomháu laparascópach tar éis do stáca laparascópach uasghrádaithe a bheith ceannaithe do théatar 11 agus cuidigh sé lenar ról leanúnach i máinliacht ailse chalaireicteach laparascópach a mhúineadh trí máinliacht bheo agus trí léiriú físeáin mháinliachta.

*is figiúir sealadach é seo ag 04/08/09

Neartaíodh ár nasc fhoirne ildhisiplíneach le hOspidéal Thulach Mhór leis an Uas. Dermot Hehir anois ag déanamh athghearraidh reicteacha d'othair Thulach Mhór san Ospidéal, ag méadú líon na gcomhleoirí chalaireicteacha go trí. D'éascaigh an cúram foireann-bhunaithe d'othair chalaireicteach ceannródaíthe in Ospidéal Naomh Séamas an próiseas seo. Cheadaigh an tAonad Calaireicteach don chlártheoir traenáil speisialtacht is airde i gCalaireicteolaíocht ag an gComhlachas Calaireicteolaíocht na hÉireann agus an Ríocht Aontaithe. Áitíonn Ospidéal Naomh Séamas don iniúchadh ailse inne de chuid an chomhlachais agus tá sé mar cheann den t-aonad creidiúnaithe ACPGI a dhéanann é. Ar an ábhar go bhfuil fáil ar saineolas maidir le steinteáil chalaireicteach ag teacht chun tosaigh, ní gá d'othair le bacainn mhór inne colastóime a bheith acu ach steinteáil a úsáid mar bheiriste do mháinliacht. Leanann an altra ailse chalaireicteach, Delia Flannery, ag soláthar cúram fócasaithe ar an othar ó fháthmheas, go máinliacht agus ceimiteiripe agus ar aghaidh go cliniciúil ailse leantacha faoi stiúir altraí. Soláthraíonn an altra géineolaíochta, Michael Farrell, seirbhís chomhairliú géinitigh agus is éard a chuidigh go mór leis ná tús a chur le tástáil gnáthamh do mharcóirí móilínigh d'aipse Chalaireicteach Neamh Polyposis Dúchasaigh ar ár slaisirí athghearraidh.

An tSeirbís Dhuánach

Haemodiafiltration Ar Líne (HDF)

Cheannaigh an Roinn Neifreolaíochta 5 meaisín Gambro AK 200 Ultra. Bhí tréitheanna breise acu nach raibh ag na meaisín scagdhealaithe roimhe, Haemodiafiltration ar líne agus bunarchar sonraí comhtháithe do bhailiú sonraí san áireamh. Tá an tAonad Scagdhealaithe in Ospidéal Naomh Séamas ar an gcéad aonad HDF Gambro ar líne i bPoblacht na hÉireann.

Oibríonn forbhealach cúram comhtháithe do Sceagdhealú Duánach i gcomhpháirtíocht leis an gcóras ríomhaireachta seo. Tá taifid chóireála ar líne agus sonraí oidis do gach cóireáil ar fáil, ag soláthar anailís chlaonaigh do gach uile chóireáil.

Thosaigh an fhoireann scagdhealaithe, idir Altranais agus Liachta, ar oiliúint teorice agus phraiticiúil do Haemodiafiltration ar líne le Gambro Idirnáisiúnta agus bhí ár gcéad chóireáil HDF ar líne beo Dé Máirt, 21 Deireadh Fómhair 2008. Le cóireáil HDF ar líne is féidir 50 lítear nó níos mó de leann steiriúil ar líne a thabhairt don othar i ngach cóireáil - is uisce steiriúil fíor-gheal atá anseo ón bplanda cóireáil uisce scagdhealaithe a éascaíonn an próiseas comhiompar nádúrtha. Rinneadh an próiseas scagdhealaithe trí leathadh i ngnáth Haemo-scagdhealú.

Seo a leanas na buntáistí a bhaineann le Haemodiafiltration ar líne i gcomparáid le gnáth haemo-scagdhealú:

- Cobhsaíonn HDF ar líne an brú fola ag baint úsáide as an bpróiseas réamh-thanú – m.sh. ag soláthar leann ar líne don othar ar bhonn leanúnach roimh an scagdhealaitheoir. Cruthaíonn sé cobhsaíocht cairdiach níos fearr - a chiallaíonn go bhfuil sé feilliúnach don othar fotheannasach neamhsheasmhach, fothvolaemic/éidéime scámhógach, nó othar in ICU. Baintear úsáid as próiseas iarthanú in othair chardashoithíocha atá níos cobhsaí. Ní raibh an próiseas seo ar fáil i ngnáth haemo-scagdhealú, m. sh. baineadh an leann tríd an bpróiseas leata agus ní raibh cobhsaíocht chairdiach chomh cobhsaíocht céanna.
- Ceadaíonn sé níos mó glanta fola d'Úiré agus de Chrítínín mar gheall ar iompar comhiomprach in HDF i gcomparáid le hiompar leathaidh in haemo-scagdhealú.
- Glanadh de mhionghlóbailín Beta 2 a dhíbríonn/laghdaíonn siondróm tolláin charpaigh agus amyloidosis in CRF
- Laghdaíonn sé gníomhachtú comhlánaithe – taispeánadh go dteastaíonn suimeanna laghdaithe de theiripe EPO ó othair ar HDF i gcomparáid le haemo-scagdhealú.
- Díbríonn sé úsáid NaCl 0.9% agus leann ionadaíochta infhéitheacha eile don othar a bheadh in úsáid in haemo-scagdhealú.

Oideachas Réamh Scagdhealú

Déanann an Fhoireann Altranais Scagdhealú Duáin a dícheall an tseirbhís réamh-scagdhealaithe is fearr a soláthar d'Othair Réamh-Scagdhealaithe Duán. Tagtar ar na hothair chun páirt a ghlacadh ar an gclár seo trí chur i bhfeidhm GFR (ráta scagacháin ghlomarúlach measta) m.sh. pointe Theipeadh Duáin Phoainte Dheireanach 3-5.

Cuirtear oideachas réamh-scagdhealaithe ar fáil dóibh d'fhonn iad a chumasú cinneadh feasach a dhéanamh maidir leis an gcineál cóireáil scagdhealaithe a bheadh feilliúnach dóibh m.sh. Haemoscagdhealú nó scagdhealú Peireatóiném Vacsaíniú Heipitíteas B, Foirmiú fíostúl arteriovenous réamhghabhálach agus obair thrasphlandú réamh-scagdhealaithe. Tá 252 othar ar an gclár Réamh-scagdhealaithe agus Trasphlandaithe faoi láthair.

Gníomhaíocht Scagdhealaithe

In 2008, rinneadh scagdhealú ar 97 othar agus rinneadh 456 cóireáil ghéar-haemoscagdhealú ar an iomlán. Rinneadh 138 cóireáil Haemodiafiltration ar líne.



Oideachas/Oiliúint

D'fhreatail RGN, Mairead Murphy Doyle ar chomhdháil Chumann Scagdhealaithe/Transphlandaithe Neifreolaíochta na hEorpa in Pargue i mí Meán Fómhair 2008.

D'fhreastal RGN, Tatiana Castro ar chomhdháil de Chumann Banaltraí Neifreolaíochta Mheiriceá in Chicago in Aibreán 2008.

Comhordaitheoir Ainéime

I mí na Nollag 2008, ceadú maoiniú chun Speisialtóir Altra Cliniciúil chun ról an chomhordaitheora Ainéime a líoadh. Éascóidh ceapadh Speisialtóir Altra Cliniciúil in ainéime dhuánach an athleanúint chuimsitheach de gach othar ar ESAí, ag laghdú an riosca go bhforbróidh othair leibhéal Hb ró-ard agus ag laghdú rioscaí cliniciúla gaolmhara.

An tSeirbhís Úireolaíochta

Thug an tUas. Thomas Lynch agus Comhairleoir ar chuairt, An Dr. Rehder faoi ghnáthamh Crocháin Ilbhliantóige in Ospidéal Naomh Séamas d'othar atá neamhchoinneálach tar éis Próstaiteachtóime Aisphúbasach Fréamhaí

Is féidir le neamhchoinneálacht fualach strus tar éis máinliacht phróstatach cur isteach ar cháilíocht na beata an othair. Is éard atá sa Chrocháin Ilbhliantóige ná mogall sintéiseach greamaithe leis an rami púbasach. Tá ráta éifeacht mhaith ag

an gCrochán go cliniciúil le haimpléisí fosta. Is é an buntáiste is mó atá aige thar an iarchóireáil ná nach bhfuil ann ach aon ghnáthamh amháin agus ní gá é a dhéanamh in athuair, mar a tharla go minic leis an iarchóireáil.

Tháinig Lynne Casey Uas, Speisialtóir Altra Cliniciúil Úireolaíochta chun na foirne i mí Bealtaine 2008.

Sholáthair Marion O'Brien, Speisialtóir Altra Cliniciúil Úireolaíochta, roinnt cláir oideachasúla lena leathbhádóirí in Altranas Pobail ar an athrú rialta de thaomáin Úiréadracha agus Fhorpubasacha. Laghdaigh sé seo líon na n-othar ag freastal ar roinn na n-ithar seachtrach d'athruithe taomáin. Bhí tionchar aige seo ar chúram othar a fheabhsú sa phobal agus fadhbanna iompar agus airgeadas do dhaoine aosta a laghdú trí ligeant dóibh fanacht sa bhaile, nó áit níos goirre don bhaile, dá gcúram. Tá prótacail seiftithe ag Lynn Casey d'úsáid Taomáin Leatacha Balúin Úiréadracha agus mineastráil Mitomycin C.

Leathnú d'Ospidéal 7 aonad 6 (H7U6)

Osclaíodh leathnú nua chuig an Ospidéal 7 aonad 6 eiseach san Fhómhar.

Stiúrthóireacht Éigeandála



Patrick Plunkett
Uasal Stiúrthóir Cliniciúil

Noelle Wallace, Uasal
Bainisteoir Gnó

Caitriona McHale, Uasal
Bainisteoir Altraí

Réamhrá


Cuimsíonn an Stiúrthóireacht Éigeandála (ED) an Rannóg Éigeandála, an tAonad um Measúnú Pian Chliabhraigh (CPAU) agus an barda um Ghrinniú Éigeandála.

Is é misean an ED sárchúram a sholáthar d'othair a thagann chun na rannóige, ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil, ag baint feidhme as na hacmhainní atá ar fáil. Áirítear sa chúram a chuirtear ar fáil cúram díreach d'othair, seirbhísí tacaíochta, feidhmeanna riaracháin agus gníomhaíochtaí acadúla agus oiliúna.


Gníomhaíocht Seirbhíse sa Roinn Éigeandála

Iontráil agus Próifíl Aoise 2008				
Iontrálacha Iomlána ón RÉ	Faoi 65	65 - 74	75 +	Iomlán na nIontrálacha ONS
12342	7587(61%)	1577(13%)	3178 (26%)	54%


Freastail agus Iontrálacha in aghaidh na míosa 2008



Freastail nua in aghaidh na catagóire triáise in aghaidh na míosa 2008



Próifíl ama Iontrála in aghaidh na míosa 2008



Próiseáil othar

Iag cloí le treoir dhea-chleachtais, freagraíonn an roinn don mhéadú i ngéaracht na gcásanna a bhfreastlaíonn ar an Roinn Éigeandála trí fhreastal ar na hothair is criticiúla ar dtús.


Is minic a bhíonn moill fhada ar othair atá in ann siúl agus iad ag fanacht ar scrúdú agus cóir leighis, toisc gur i ndiaidh triáise go meastar go bhfuil siad cobhsaí agus nach glúdaítear a riocht ag scóp chleachtas Ardchleachtóirí Altraí.

Ar an eolas faoin mbrú a leagann sé seo ar an rannóg agus ar an bhfoireann, glacadh le cur chuige d'fhoireann ildisciplíneach shainithe leis na hothair seo a mheasúnú, a fháthmheas, a chóireáil go tapa agus iad a scaoileadh go sábháilte nó a ghlacadh san ospidéal.


De thoradh athbhreithniú ar chleachtas fheidhmiúcháin a rinneadh i gcomhpháirtíocht leis an bhfoireann tacaíochta riaracháin, déantar bainistiú gníomhach trí chur chuige fhoirne ildisciplíneach ar aistear an othair tríd an ospidéal. Cinntíonn sé seo go mbíonn aistear an othair tríd an roinn chomh éifeachtach agus chomh feidhmiúil agus is féidir. Leanann an fhoireann riaracháin ag cinntiú go mbeirtear ar an gcaighdeán is airde de shonraí i dtaifid na n-othar. Tá na sonraí seo thar a bheith tábhachtach do Chlár Táscaire Gníomhaíochta an ospidéil agus Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte. Cuireann na sonraí seo ar a cumas ag an Stiúrthóireacht pleanáil a dhéanamh a dhéanamh dá díotha seirbhíse.

An tAonad um Measúnú Pian Chliabhraigh (CPAU)


Meán-mhéad ama caite in CPAU (uaireanta)



Aois/Inscne na n-iontrálacha do CPAU 2008



Freastal ar chlinic athbhreithnithe CPAU



Leanann an tAonad um Measúnú Pian Chliabhraigh (CPAU) ag feidhmiú measúnú struchtúrtha 24/7 d'othair a thagann chun na Rannóige Éigeandála le pian chliabhraigh a d'fhéadfadh bheith cairdiach. Is iad na Rannóga Leigheas Éigeandála agus Cairdeolaíochta a fheidhmíonn an tseirbhís seo i gcomhar lena chéile. Téann othair faoi mhonatóireacht um einsímí cairdiacha srathacha, teascán ST & aimhrithim mar aon le tástáil struis luath-aclaíochta agus scaoiltear go luath iad mura dtagtar ar aon rud neamhghnách sna scrúduithe seo. Scaoileadh 64% d'othair laistigh de 24 uair an chloig. Tógann sé níos mó ama othair lena mbaineann measúnuithe neamhghnácha a ghlacadh isteach san ospidéal, ach an buntáiste a bhíonn acu ná go bhfaigheann siad angagrafaíocht dhiagnóiseach luath agus cúram iomlán. Ba cheart cuimhneamh, sular cuireadh tús leis an tseirbhís seo, ba é 4.7 lá an meánfhad fanachta d'othair a glacadh isteach in Ospidéal Naomh Séamas, tríd an Rannóg Éigeandála, le Pian Chliabhraigh.

Cuirtear gach othar ar aghaidh go dtí clinic athbheithnithe an CPAU atá treoraithe ag na haltraí, áit a dtugtar faoi mheasúnú agus oideachas duine le duine um thoisic riosca maidir le laghdú toisc riosca, mar aon le hathbheithniú siomptóm. Faoi láthair, tá an ráta DNA don tseirbhís athbheithnithe seo níos lú ná 5%.

Feabhsú na seirbhíse CPAU in 2008

In 2008, tugadh angagrafaíocht chorónach CT isteach le haghaidh othair roghnaíocha, arna treorú ag an Dr Ross Murphy, Cairdeolaí Comhairleach, i gcomhar le Leigheas Éigeandála agus an Rannóg um Íomháú Diagnóiseach. De thoradh air seo, tá laghdú suntasach i líon na ngnáthamh ionrach angagrafaíochta a theastaíonn do na hothair seo.

Sainoiliúint do Dhochtúirí Neamh-Chomhairleacha Ospidéal

Is clár oiliúna trí bliana é rothlú SHO Ospidéal Naomh Séamas i Leigheas Éigeandála le haghaidh NCHDanna a bhfuil i gceist acu tabhairt faoi shainoiliúint i Leigheas Éigeandála. Cuimsíonn an rothlú poist i Leigheas Éigeandála in Ospidéal Naomh Séamas, i dTráma agus Ortaipéidic ag Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge agus in Ainéistéise in Ospidéal Naomh Séamas. Treisíodh an rothlú sa bhreis i mbliana nuair a cuireadh tús le post oiliúna i Leigheas Éigeandála Péidiatraiceach ag Ospidéal Naomh Muire um Leanaí, Cromghlinn. Ullmhaíonn sé oiliúnaithe chun scrúdú Ballraíochta an Choláiste um Leigheas Éigeandála a dhéanamh, atá ina cháilíocht iontrála anois le haghaidh Ard-Sainoiliúna i Leigheas Éigeandála. Ceapadh duine de chéad iontrálaithe an rothlaithe seo, an Dr Jean O'Sullivan, le déanaí mar Chomhairleach i Leigheas Éigeandála dár gcomh-ospidéal i dTamhlacht.

Oideachas Altraí

Forbriodh Bunchúrsa na Rannóige Éigeandála in 2008 agus tá sé ar fáil anois do gach altra nua foirne a thosaíonn ag obair sa rannóg. Ghnóthaigh an cúrsa faomhadh Chatagóir 1 de chuid an Bhoird Altranais in 2008.

Leanadh ar aghaidh leis an gclár Oiliúna i Scileanna Athbheochana i rith 2008. Díríodh an clár ar bhaill foirne nua agus reatha, le heolas agus scileanna a fhorbairt atá riachtanach chun cúram éifeachtach a thabhairt d'othair ag a bhfuil tinnis agus gortuithe atá bagrach don bheatha nó do ghéag. D'éirigh le gach altra foirne sa rannóg nach bhfuil an Diplóma larchéime acu i sain-altranais an clár seo a chur i gcrích i mbliana.

Leanadh ar aghaidh le hoideachas nuabheirthe le hOspidéal an Choim agus chríochnaigh 18 d'fhoireann altranais an clár Oiliúna um Athbheochan Nuabheirthe.

Cuireadh an Diplóma larchéime in Altranais Timpistí agus Éigeandála i gcrích go rathúil i mbliana. Leanadh ar aghaidh le naisc le comhghleacaithe in Ospidéal Adelaide agus na Mí agus in Ospidéal Uí Chonghaile i mbliana le comhoibriú thar dhá shuíomh don Diplóma larchéime. Chuir éascaitheoirí oideachasúla agus cliniciúla Ospidéal Naomh Séamas sainléachtaí i láthair ar an dá champas.

Oideachas Cúntóirí Cúram Sláinte

Chríochnaigh triúr de Chúntóirí Cúram Sláinte cúrsa leibhéal 5 FETAC agus críochnaíodh Modúl Éigeandála FETAC go rathúil i Meán Fómhair 2008. Is é an chéad mhodúl éigeandála a cuireadh i bhfeidhm in Éirinn. Chríochnaigh ceathrar de Chúntóirí Cúram Sláinte an modúl seo agus bronnadh marcanna le gradam agus le tuillteanas orthu.

Bainistíocht Feidhmíochta Fhoireannbhunaithe

Ghlac an Stiúrthóireacht Éigeandála i gcomhar le comhghleacaithe SCOPE páirt i dtionscadal um Bainistíocht Feidhmíocht Fhoireannbhunaithe. Sainithníodh na trí phríomhréimse feidhmiúcháin. An chéad cheann ná go ndéanfaí an t-athrá neamhriachtanach don othar a laghdú le linn an mheasúnaithe thosaigh ag bail na foirne ildisciplíní agus freisin go mbainfí leas ní b'éifeachtaí as am gairmiúil leis an othar. Moladh go mbainfí triail as chomhfhóirm mheasúnaithe ar bhonn píolótach agus go ndéanfaí a éifeachtúlacht a iniúchadh tar éis tréimhse trí mhí. Ina theannta sin, ba é an dara réimse feidhmíochta ná go méadófaí próifíl an MDT le foireann na Stiúrthóireachta. Tá obair ar siúl chun an láithreán inlín agus leabhrán faisnéise a fhorbairt. Toisc go bhfuil an Stiúrthóireacht tiomanta do theagasc agus d'oideachas, ghlac an grúpa páirt sa chlár oiliúna inseirbhíse

don MDT ar bhonn rialta i rith na bliana. An aidhm atá leis ná na baill a chur ar an eolas mar gheall ar ról ar leith in ED agus oideachas a chur ar an bhfoireann ar chlár chóireála nó ar mheasúnuithe a bhaineann lena gcleachtas.

Seirbhís Ardchleachtóirí Altranais

Leanann Seirbhís na nArdchleachtóirí Altranais ag cur cúram cliniciúil dírithe ar fáil do líon cás discréideach othar ag freastal ar an rannóg éigeandála le riochtaí cliniciúla géire idir meán agus íseal.

Cé go bhfuil méadú tagtha ar ghéire na n-othar laistigh de líon cás an ANP, déantar iarrachtaí comhbheartaithe eipeasóid iomlán chúraim a bhainistiú ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla agus is féidir.

Mhéadaigh seirbhís an ANP an t-idirchaidreamh le foirne pobalbhunaithe mar an Fhoireann um Idirghabháil Phobail, Dochtúirí Ginearálta, Altraí Sláinte Poiblí agus gníomhaireachtaí mar Homeless agus Ionaid um Chóireáil Drugaí.

Tá iniúchadh ar leith ar bun faoi láthair ag na ANPanna le himscrúdú a dhéanamh ar na príomhthosca a bhaineann le hothair a thagann chun na rannóige le díobháil cheirde agus ionsaí.

Tá oideachas agus oiliúint don fhoireann ildisciplíneach ag dul ar aghaidh agus bíonn na hArdchleachtóirí Altranais ag treorú agus ag múineadh ar líon clár oideachas inseirbhíse do gach grád gairmithe altranais, leighis agus comhghaolmhara.

Is modúl é an clár 'Scileanna Diagnóiseacha Cliniciúla le haghaidh Ardchleachtóirí Altranais (Éigeandáil)' [Clinical Diagnostic Skills for Advances Nurse Practitioner (Emergency)] ar an MSc in Altranais i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus is é Valerie Small (ANP) atá i gceannas air. Leantar le soláthar an oideachais theoriciúil agus chliniciúil go heisiach sa Rannóg Éigeandála, áit a ndéanann na ANPanna agus an fhoireann ildisciplíneach cleachtas cliniciúil maoirsithe a éascú.

I mbliana bhí trí iarrthóir ANP ó rannóga éigeandála sa Tulach Mhór, i gCorcaigh agus i mBaile Bhlainséir, ag tabhairt líon na n-iarrthóirí go 28 a fuair oideachas agus oiliúint le cleachtadh ag leibhéal ANP laistigh de rannóga éigeandála ar fud na tíre.

Gníomhaíocht Othar do sheirbhís ANP 2008

Ean.	Feab.	Márt.	Aib.	Bealt.	Meith.	Iúil
558	548	481	531	581	568	519
Lún.	MFómh.	DFómh.	Samh.	Nollaig	Iomláin	
577	561	538	488	419	6369	

Ionchur Náisiúnta i Leigheas Éigeandála

Is é an Dr Geary Cisteoir Chumann Leigheas Éigeandála na hÉireann (Irish Association for Emergency Medicine), agus bhí sí ina ball tábhachtach den choiste eagraíochta do Chruinniú Eolaíochta an Fhómhair de chuid an Choláiste um Leigheas Éigeandála, a bhí ina chomhchruinniú idir an Coláiste agus Cumann Leigheas Éigeandála na hÉireann agus an Cumann um Leigheas Éigeandála Péidiatraiceach. I measc théamaí na Comhdhála bhí an teicneolaíocht i Leigheas Éigeandála, Leigheas Éigeandála Daonnúil agus Cúram Criticiúil.

D'fhreastail breis agus 400 toscaire ar an gcomhdháil a mhair trí lá, agus a bhí ar siúl i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath 23 – 25 Meán Fómhair 2008, an tinreamh ba mhó ag a leithéid de chomhdháil go dtí seo. Fuarthas aiseolas fíor-dhearfach ó na toscairí.


Ba mhór an onóir don Uasal Plunkett Léacht David William a chur i láthair, léacht dar teideal "If Emergency Medicine didn't already exist, it would have to be invented", léacht a cuireadh fáilte mhór roimhe, go háirithe ag an Uachtarán Bunaitheach den (iar) Dámh Leigheas Timpistí agus Éigeandála, an Dr David Williams é féin, a bhí sa lucht éisteachta.

Reáchtálann an Chónaidhm Idirnáisiúnta um Leigheas Éigeandála (The International Federation for Emergency Medicine) comhdháil idirnáisiúnta gach re bliain. Ó bunaíodh í sa bhliain 1986, rothlaíodh an chomhdháil idir na ceithre thír bhunaidh den Chónaidhm, eadhon an Ríocht Aontaithe, SAM, an Astráil agus Ceanada. Reáchtálfar ICEM 2010 i Singeapór i Meitheamh 2010, an chéad uair di imithe go próiseas tairisceana. Beidh Baile Átha Cliath ina óstach do ICEM 2012, agus táimid ag súil go mbeidh baint mhór againn ina phleanáil agus ina chur i láthair.

Toghadh an tUasal Plunkett ina chathaoirleach ar Bhord Náisiúnta na hÉireann ag an gColáiste um Leigheas Éigeandála. Tá sé ina bhall de Chomhairle an Choláiste um Leigheas Éigeandála, a fuair a Chairt Ríoga i mbliana. Bhí sé ina Ardeagarthóir ar an European Journal of Emergency Medicine dá cheathrú bliain, agus le linn an ama sin glacadh leis an iris isteach sa Science Citation Index.

Agus é ina bhall deonach de Bhriogáid Otharsheirbhíse Naomh Eoin in Éirinn ó 1966, ceapadh an tUasal Plunkett mar Choimisinéir na Briogáide i mí Iúil Tá sé freagrach anois as bheith i gceannas ar eagraíocht na n-oibríthe deonacha seo, a chaitheann éide aitheanta dhubh agus bhán. Tá seirbhís gharchabhrach arna soláthar ag an mBriogáid do mhórán imeachtaí poiblí i mBaile Átha Cliath ó bunaíodh í sa bhliain 1903, agus beidh sí ina hóstach ar an gCruinniú Réigiúnach den Ord Cásach d'Ospidéal Naomh Eoin d'Iarúsailéim i mí Bealtaine 2009 i mBaile Átha Cliath.

Stiúrthóireacht Omega



Patricia Eadie, Uasal
Stiúrthóir Cliniciúil

Shona Schneemann, Uasal
Bainisteoir Gnó

Dympna St. John Coss,
Uasal Bainisteoir Altraí

Réamhrá

Cuimsíonn Stiúrthóireacht Óimige na saincheirdeanna seo a leanas

- Máinliacht Phlaisteach agus Atógálach
- An tAonad Náisiúnta Dónna
- Máinliacht Ortaipéideach
- Máinliacht Mhascaille agus Bhéil
- An tAonad Ortadóntach/Próisteadóntach Scoilte
- Saotharlann Mhascaille agus Bhéil

Príomhfhorbairtí in 2008

- An cinneadh chun Stiúrthóireacht nua a bhunú a dhéanfaidh saincheirdeanna tráma roimhe seo a ionchorprú
- Bainisteoir Gnó a cheapadh
- Dílárú/aistriú foireann rúnaíochta (ó Thaifid Mhíochaine) chuig an stiúrthóireacht nua

Máinliacht Phlaisteach agus Atógálach

Leanann an Rannóg Máinliachta Plaistí agus Atógálaí ag cur máinliacht ghinearálta phlaisteach agus atógálach ar fáil le comhairligh a bhfuil saineolas acu sna réimsí seo a leanas:

- Dónna
- Ailse Chraicinn
- Atógáil Chinn agus Mhuiníl
- Máinliacht agus atógáil chíche
- Fadhbanna Láimhe
- Máinliacht Chluaise
- Bearna mhíl agus carball scoilte

Tá cur chuige ildisciplíneach ag an rannóg. Cuirtear Fisiteiripe agus Teiripe Shaothair ar fáil sna clinicí agus cuirtear cóireáil agus athshlánú ar fáil d'othair. Tá foireann thiomanta altranais sa rannóg a chuireann cóireáil agus clinic chóirithe ar fáil d'othair. Tá seirbhís chliniciúil ghrianghrafadóireachta ar fáil chomh maith le haghaidh coimeád taifead.

An tAonad Náisiúnta Dónna

Is áis shaintógtha é an tAonad Náisiúnta Dónna, lonnaithe in aice leis an Rannóg Éigeandála, rud a éascaíonn aistriú tapa agus éifeachtach othar. Tá 14 leaba san aonad, leapacha ICU tiomanta iad 4 chinn acu, 8 seomra leithlise agus barda ina bhfuil 6 leaba.

Tá obrádlann san aonad atá tiomanta do mháinliacht dónna agus is laethanta tiomanta obrádlainne iad an Mháirt agus an Aoine. Cloíonn an tAonad Dónna le mórán de na caighdeáin agus na treoirlínte leagtha amach ag an gcoiste athbheithnithe um Chúram Dónna Náisiúnta agus tá sé mar chuid den bhiúró náisiúnta um leapacha dónna do Phoblacht na hÉireann agus don Bhreatain Mhór. Is é ról an bhiúró um leapacha dónna faisnéis láithreach a sholáthar maidir leis na leapacha is cóngaraí atá ar fáil i gcás timpiste mhór.

Cuireann an t-aonad seirbhís náisiúnta ar fáil d'othair atá os cionn 14 bhliain d'aois. In 2008 tugadh isteach 150 othar san aonad dónna ó mhionghortuithe go gortuithe bagracha don bheatha. Is é aidhm an aonaid an beatha a chaomhnú agus seirbhís ardchaighdeáin a chothú, a fhreastalaíonn ar riachtanais gach othar ar leith, ní hamháin don ghéarghortú ach don phróiseas iomlán téarnaimh agus athshlánaithe, áit a mbíonn luach agus meas ar an obair a dhéanann gach ball den fhoireann ildisciplíneach. Tá disciplíní éagsúla ar an bhfoireann ildisciplíneach le saineolas acu agus iad tiomanta do chúram dónna a fheabhsú. Reáchtáiltear cruinnithe ildisciplíneacha gach seachtain, agus le linn na gcruinnithe sin déantar measúnú agus meastóireacht ar an sainchúram dónna a thugtar do gach othar ar leith, chomh maith leis an gcúram sin a phleanáil. An tacaíocht a theastaíonn ón othar le teacht chuige nó chuici féin go hiomlán i dtéarmaí cneasú créachta, cumas feidhme agus téarnamh síceolaíochta.

Tá an fhoireann ildisciplíneach tiomanta do chaighdeán an chúraim d'othair a fheabhsú agus in 2008 d'fhreastail baill na foirne ildisciplíní ar an 41ú cruinniú bliantúil den British Burns Association i mBriostó. Is é aidhm an chruinnithe eolas a chothú ar an gcóireáil agus an t-athshlánú is fearr atá ar fáil tar éis gortú dó. Ghlac an t-aonad páirt san athbheithniú náisiúnta réamheolaire de sheirbhísí cúraim chriticiúil do dhaoine fásta i bPoblacht na hÉireann.

Tar éis dóibh a bheith scaoilte ón ospidéal faigheann othair cúram leantach i gclinicí dónna gach coicís, agus déantar measúnú orthu maidir lena dtéarnamh feidhme agus síceolaíochta, cneasú créachta agus tréithe aeistéitiúla an chraicinn i ndáil le dath, uigeacht agus dathú an chraicinn.

Máinliacht Ortaipéideach

Pléann an rannóg ortaipéideach le hualach oibre suntasach tráma mar aon le sainobair sna réimsí seo a leanas:

- Seirbhís ortaipéideach haemaifilia
- Máinliacht ilchasta cos agus rúitín

Cuimsíonn rannóg na n-othar seachtrach ortaipéideach seomra plástair agus cóireála, bainistithe ag Sainbhainisteoir Altraí le cúnamh ó theicneoir plástair a chuireann raon cóireáil othar seachtrach ar fáil d'othair.

Bunchúrsa in Altranas Ortaipéideach

Is é is aidhm leis an gcúrsa altraí cláraithe, atá ag obair in Altranas Ortaipéideach faoi láthair, a chumasú le scrúdú a dhéanamh ar na bunteoiricí agus na coincheapa atá mar bhonn agus taca ag bainistiú an othair a bhfuil cóireáil Ortaipéideach agus/nó idirghabháil mháinliachta ag teastáil uathu. Tá an cúrsa roinnte i gcomhchuid theoiriciúil agus chliniciúil. Chríochnaigh ceathrar altraí ár gcéad bhunchúrsa in Altranas Ortaipéideach.

Máinliacht Mhascaille agus Bhéil

Is aonad tánaisteach/treasach/náisiúnta atreorúcháin é an t-aonad náisiúnta Mascaille agus Béil a phléann le:

- Tráma aghaidhe
- Ceartú míchumaí broinne agus faighte aghaidhe agus carbaill
- Ailse bhéil agus máinliacht atógála
- Ailse bhéil agus máinliacht atógála
- Paiteolaíocht dhéid-aibheolach agus oro-aghaidhe
- Mínormáltachtaí ó bhroinn

Cuireann Comhairligh agus Saineolaithe Mascaille agus Béil, Ortadóntacha agus Próisteadóntacha clinicí ar leith gnáthaimh agus athbheithnithe ar fáil mar aon le comhchlinicí gnáthaimh agus ionchlannáin d'othair.

An tAonad Próisteadóntach

Feidhmíonn an tAonad Próisteadóntach mar ionad treasach atreorúcháin do bhainistíocht Phróisteadóntach othar ag a bhfuil riachtanais bhearna mhíl agus charbaill agus cuimsíonn sé seirbhís theoranta um athshlánú inbhéalach próistéiteach othar ailse chinn agus mhuiníl ó Ospidéal Naomh Séamas agus ó Ospidéal Naomh Muire um Leanaí Breoite, Cromghlinn. Tá an tseirbhís seo arna soláthar faoi láthair ag aon Chomhairleach amháin i bhFiactóireacht Aisiríoch.

An tAonad Ortadóntaice Scoilte

Is seirbhís threasach atreorúcháin é an tAonad Ortadóntaice Scoilte um bainistiú ortadóntaice leanaí agus daoine fásta a rugadh le bearna mhíl, carball scoilte agus iomrall cráinia-éadanach.

Reáchtáiltear clinicí ildisciplíneacha scoilte rialta in Ospidéal Naomh Séamas, in Ospidéal Ollscoile na Leanaí Shráid Temple agus in Ospidéal Mhuire na Leanaí mar chuid d'ionad scoilte mhórchéantar Bhaile Átha Cliath. Reáchtáiltear comhclinicí chomh maith le comhghleacaithe i Máinliacht Mhascaille agus Bhéil, i bPlaistigh agus i bhFiactóireacht Aisiríoch.

The Cleft Coordinator maintains the cleft database and co-ordinates the patient's individual care pathway.

Seirbhís Othar Seachtrach

Cuireann saincheirdeanna laistigh den Stiúrthóireacht Óimige raon leathan seirbhísí othar seachtrach d'othair go náisiúnta. Cuimsíonn siad seo clinicí tráma 5 lá a chinntíonn seirbhís thapa d'othair le Tráma Ortaipéideach, Máinliachta Plaistí agus Mascaille agus Béil. Atreoraítear othair go díreach ó ospidéal eile laistigh de na ceantair éagsúla. Feictear othair thráma agus cuirtear cóireáil orthu ag na saincheirdeanna ábhartha ar an lá céanna má chuirtear in iúl go cliniúil sin. Tugtar faoi ghnáthaimh i rannóg na n-othar seachtrach agus tá an stiúrthóireacht ag cur isteach faoi láthair ar cheantair thiomanta chúram lae le haghaidh gnáthaimh mhascaille agus bhéil, ortadóntacha agus phróisteadóntacha.

Saotharlann Mhascaille agus Bhéil

Cuireann an tSaotharlann Mhascaille agus Béil sainseirbhísí ar fáil do Chomhairligh Mhascaille agus Bhéil lena n-áirítear:

- Pleanáil Ortagnatach & Máinliacht Mhionsamhlach
- Próistéitic Mhascaille agus Bhéil
- Athchóiriú Próistéiteach
- Tacaíocht theicniúil um Mhíchumaí Scoilte/Cráinia-éadanacha
- Maisc Bhrú d'Othair le dónna aghaidhe

Ortadóntaice Scaoilte/An tSeirbhís Phéidiatraiceach

Soláthraíonn an tsaotharlann tacaíocht theicniúil d'Ortadóntóir Comhairleach, Ortadóntóir ar chuairt ó Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath agus Speisialtóir Ortadóntóir do chóireáil othair scaoilte.

Máinliacht Ortagnatach

Cuireann an tsaotharlann mhascaille agus bhéil ard-sainseirbhís ar fáil do na Comhairligh Mhascaille agus Bhéil i bpleanáil ortagnatach agus máinliacht mhionsamhlach le haghaidh othar a dteastaíonn obráid oistéatóime uathu. Faigheann an tsaotharlann boghanna aghaidhe, loirg agus pleananna um dhéanamh cléithíní ar bhonn leanúnach agus cuirtear na nithe seo a leanas ar fáil inti:

- Máinliacht mhionsamhlach agus tógáil cléithíní máinliachta
- Fearais Ortaipéideacha; cléithíní greama le haghaidh neamhoird cráinia-mhandabail, arna úsáid i gcóireáil pian alt tempero-mhandabail, pian aghaidhe agus tinnis chinn.
- Steintíní réamh-mhánliachta agus iar-mhánliachta
- Athshlánú Próisteadóntach agus stopthóirí
- Moulages aghaidhe, réamh-mhánliachta agus iar-mhánliachta

Athchóiriú Próistéiteach

Cuireann an tSaotharlann Mhascaille agus Bhéil Athchóiriú Próistéiteach ar fáil do gach othar a dteastaíonn a leithéid de shainchóireáil uathu. Teastaíonn saineolas cliniúil agus teicniúil araon ón tsainseirbhís seo. Cuireann an tSaotharlann próistéis chluaise, súile, shróine agus mhéire ar fáil d'othair mar aon le cúram leanúnach thar mhórán blianta.

Máinliacht Soithíoch agus Ionsoithíoch



An tUasal Dermot Moore

Ceann Roinne

An Uasal Prakash Madhavan

Máinlia Shoithíoch

An Dr. Mary Paula Colgan

Léachtóir Sinsearach

Réamhrá

Tá trí ról lárnacha ag an Roinn Máinliachta Soithíche taobh istigh den ospidéal. Soláthraíonn sé measúnú agus bainistiú d'othair a bhfuil galar artaireach ag gabháil leo; ceirbreashoithíoch agus forimeallach araon. Ina theannta sin, soláthraíonn sé seirbhís chuimsitheach fhéitheach agus ar an tríú dul síos, soláthraíonn sé measúnú soithíoch neamhionsaitheach do na Ranna go léir san ospidéal seo agus do go leor ospidéal sheachtracha eile.

Ba bhliain bhrónach don roinn 2008 ar an ábhar gur éirigh an tOllamh Gregor Shanik, a d'oibrigh go dothuisithe chun an roinn a fhorbairt ón uair a bunaíodh é in 1977, as a phost. Bhí an tOllamh Shanik ar an gcéad dhuine a chuir tús le saotharlann soithíoch in Éirinn agus lena leathbhádóirí d'oscail sé an chéad théatar obráide máinliachta ionsoithíocha sa tír. Mhóthóidh a threallús, a dhíograis agus a cheannaireacht go mór uainn ach tá an tUasal Dermot Moore, mar cheann roinne, tar éis glacadh leis na buaitisí.



Leanadh ar aghaidh le húsáid na nóduithe steintíne do bhainistiú ainearas aortacha agus do ghalair aorta-iallach le linn na bliana, agus bhí laghdú suntasach i mbásmhaireacht i gcomparáid le deisiú oscailte. Neartaíodh na naisc idir an roinn chairdeolaíochta, chardatórasacha agus raideolaíochta trí Aonad Chóireáil Aortaigh a bhunú i gcomhpháirtíocht lena chéile. Cuireadh cóireáil rathúil ar othair le hainéarais thórasacha ag baint úsáide as teicnicí ionsoithíocha. Ina theannta sin, bhí baint ag an Uasal Sean O'Neill leis an gcéad ghnáthamh ahchuir chomhla thréachraicneach in Éirinn le cairdeolaíocht agus máinliacht chairdiach.

Bhí dara bhliain rathúil ag an gClár Scagtha Ainéarais faoi stiúir Nicola Fay agus leathnaíodh amach ón gceantar Lár-Tíre chuig ár dobharcheantar i mBaile Átha Cliath. Rinneadh scagadh ar 1030 othar ar an iomlán agus aimsíodh 85 ainéarais; ní theastaíonn ón gcuid is mó ach monatóireacht agus scan gach bliain nó dhá uair sa bhliain. Bhí cúig ainéarais suntasach ag seachtar agus theastaigh idirghabháil uathu. Deisíodh na fadhbanna go rathúil. Cuirtear scagadh ar fáil do theaghlach na n-othar a thagann chuig an Ospidéal le hainéarais agus go dtí seo, rinneadh 36 scan ar shiblíne othair.

Lean an líon othras coise a ndearnadh frestal orthu san Aonad Féitheacha ag ardú agus bhí rátaí cneasaithe den scoth ann. Ghlac an t-aonad páirt i gcruinnithe oideachais chun cabhrú

le húsáid cheart chóiriú comhbhrú a chur chun cinn. Tá eisídiú féitheach ag baint úsáide as scléirí-teiripe léasair agus cúir anois mar ghnáthchuid den ualach oibre laethúil. Éascaíonn sé seo cóireáil i suíomh othar seachtrach a chuireann leapacha ospidéal ar fáil.

Tá an tsaotharlann soithíoch an-ghnóthach go fóill le fairsingiú ar an ról d'íomháu déphléacsach imeallach maidir le hothair a roghnú do bhainistiú ionsoithíoch agus le deisiú ainéarais ionsoithíche a leanúint, ag laghdú an gá do leantach CT agus a dháileog ardghathú. Bronnadh M.Sc. ar Colette Choiseul agus chríochnaigh Joanne Boyce a scrúdaithe AVT go rathúil. Cuireadh ceardlanna Doppler ar fáil d'altraí sláinte poiblí, altraí cleachtaidh agus coslianna go míosúil.

Ba bhliain thorthúil do thaighde 2008 le cur i láthair ag péire de na cruinnithe soithíocha is suaitheanta. Chuir an tUasal Brian Manning páipéar i láthair ag an cruinniú bliantúil an Cumainn Mháinliacht Soithíoch agus chuir an tUasal Neil Cloete páipéar ag cruinniú bliantúil an Cumainn Theicneolaíocht Soithíoch, a bhí ar siúl in San Diego i mí an Mheitheamh. Chuir Paul Carroll páipéar i láthair ag an gCruinniú Freyer agus chuir na Dr. Hanley, Ali Alsaleh agus Attah páipéir i láthair ag Cruinniú na Tríonóide. Glacadh le go leor coimirthe eile le haghaidh cur i láthair ag cruinnithe in 2009.



An tOllamh Brian Lawlor
Stiúrthóir Cliniciúil

An tUasal Oliver Claffey
Stiúrthóir Altranais

Réamhrá

Tá cuidithe ar leith ag Síciatracht in Ospidéal Naomh Séamas. Tá an tseirbhís phobail mar chuid de Sheirbhísí Sláinte Intinne Chathair Theas Bhaile Átha Cliath.

I measc na seirbhísí tá;

- Cúram othar cónaithe sa Chlinic Jonathan Swift
- Síciatracht Phobail atá earnáilbhunaithe agus roinnte idir an chathair istigh (An Chamóg agus Droimeanach) agus ceantar fho-uirbeacha (An Dothra Bheag)
- Síciatracht na Seanaoise
- Soláthraíonn an tSeirbhís Mhíochaine Síceolaíocht, atá lonnaithe san ospidéal ginearálta, seirbhís Chomhairliúcháin-Idirchaidrimh don ospidéal ginearálta agus í ag obair go dlúth le seirbhísí pobail ag Clinic Jonathan Swift

Bhí 461 iontráil don chlinic Jonathan Swift in 2008. Ba iontrálacha nua 193 acu agus coinníodh 45 othair faoi Achtanna Sláinte Intinne 2001. Rinneadh measúnú ar 334 othar seachtrach nua taobh istigh de Shíciatracht Aosach Ginearálta agus d'fhreastal 4021 ar an OPD arís. Rinneadh measúnú ar 328 othar seachtrach nua taobh istigh de Shíciatracht na Seanaoise agus bhí 584 atreorú idirchaidrimh nua.

Forbairtí in 2008

- Thosaigh an Dr. Veronica O'Keane ina post mar Chomhairleach in Síciatracht Aosach Ginearálta don eanáil CAMAC in Eanáir 2008. Ba phost athchuir é seo don Dr. Shanley a d'éirigh as in 2005
- Thosaigh an Dr. Bernadette Cullen ina post mar Chomhairleach in Síciatracht Aosach Ginearálta i mí Meán Fómhair 2008 san eanáil CAMAC. Ba phost nua é seo.
- Ath-tharraingíodh teorainneacha na earnála chun ualaí oibre a athchothromú do na foirne earnála éagsúla. Tá monatóireacht á dhéanamh ar na leibhéil ghníomhaíochta ar bhonn leanúnach agus déanfar athbhreithniú ar theorainneacha earnála más gá ag brath ar staisticí gníomhaíochta.
- Ardaíodh an Dr. Veronica O'Keane go gOllamh Cliniciúil le Síciatracht de thoradh a múinte agus a aschuir acadúil.
- Cuireadh aistriú coraíochtaí ó Ospidéal Naomh Pádraig chuig FSS i gcrích in 2008 agus tá an fhoireann uile sa seirbhís fostaithe ag an FSS nó Ospidéal Naomh Séamas.
- Lean an tionscnamh i gCeannasaíocht Chomhoibrithe i Sláinte Intinne le DCU ar a n-áirítear gafacht trípháirteach de chúramóir, d'úsáideoir seirbhíse agus de sholáthraí seirbhíse ar aghaidh in 2008. Tá sé mar aidhm ag an gclár Ceannasaíochta an bhaint atá ag úsáideoirí seirbhíse le planáil sheirbhíse a neartú. In 2008 de thoradh an chláir seo, rinneadh forbairt ar cheistneoir shásaimh a scapadh chuig úsáideoirí seirbhíse agus an fhoireann. Baineadh úsáid as torthaí an tsuirbhé seo chun athruithe a bhrath ar an gcaoi a gcuirtear an tseirbhís ar fáil d'othair.

Síciatracht na Seanaoise

Bhí bliain ghnóthach eile ag Síciatracht na Seanaoise in 2008. Tosaíodh ag baint úsáide as an gcóras atreoraithe leictreach Psych EL in Ospidéal Naomh Séamas agus chuidigh sé seo le luathú na seirbhíse Idirchaidrimh.

Tháinig an Dr. Trudy Meehan, Síceolaí, chun na foirne ildhisiplínigh seanaoise in Aibreán 08.

Lean gníomhaíocht thaighde ag fás in 2008 le taifead foilseacháin ghníomhaigh agus leathnú ar na Clinicí Staidéara Cuimhne, Sláinte Inchinne agus Cognáíoch. Bhuaigh an Clinic Taighde TRIL duais nuálaíochta. Bronnadh tuilleadh tacaíocht maoinithe do staidéar ar chostas cúraim i ngalar Alzheimer (staidéar ECAD) don ghrúpa taighde Neamhord Cuimhne.

Síceolaíocht

Lean an Roinn Síceolaíochta agus Síciteiripe ag forbairt agus agus ag leathnú amach, ag soláthar réimse measúnaithe síceolaíochta agus idirghabhálacha síciteiripeach ag leibhéal aonair agus grúpa lena n-áirítear Measúnaithe Néarsíceolaíochta, Cognáíochta agus Pearsantachta, Teiripe Theaghlaigh, Teiripe Iompraíochta Cognáíoch, Bitshintéis, Teiripe Iompraíochta Dhialachtaiciúil, Síciteiripe Daonnachaíochta agus Imeascthacha. Cuireadh straitéis liosta feithimh i bhfeidhm agus bhí éifeacht nach mór aige in am an liosta feithimh a laghdú go mór d'úsáideoirí seirbhíse; le linn an tréimse ama céanna, áfach, bhí méadú de 67% ar atreoraithe chuig an Roinn i gcomparáid leis an mbliain roimhe gan riantlach seifte. I measc na n-éachtaí eile bhí maoirseacht, i gcomhpháirtíocht le Teiripe Saothair, cur i gcrích an gharraí teiripeacha in Naomh Martha (le maoiniú ón gCiste Cuntasáí Codlatacha) agus forbairt agus cur i bhfeidhm Cúrsa Réamhoiliúna i Síciteiripe do bhaill foirne ildhisiplíneacha.



An Roinn Acadúil Síciatrachta

Mhéadaigh an Roinn Síciatrachta faoi cheannasaíocht an tOllamh Michael Gill a gníomhaíocht thaighde le linn 2008 leis an bhfoilseachán de bhreis agus 50 páipéar. Bhí baint ag baill lán-aimseartha na roinne leo agus baint ag baill fhoirne páirt-aimseartha le foilseacháin eile nach iad. Ó thaobh ioncaim agus aschuir thaighde de in aghaidh FTE, tá an chéim is airde ag an Roinn taobh istigh den Scoil Liachta. Tá baint ag an Roinn i dtaighde sna réimsí seo a leanas; Géineolaíocht Néarasíciatrachta, Aosú, Galar Alzheimer, Dúlagar, ECT, Néara-íomháu, Uathachas, Síciatracht Fhóirínseach agus Néarasíceolaíocht. I measc na mbuachpointí ó 2008 tá foilseacháin in irisleabhair ardhurraing ar nós New England Journal of Medicine and Nature, maoiniú tábhachtach leanúnach agus faomhadh de chúrsa MSc nua i dTeiripe Iompraíocht Chognaíoch ar a nglactar leis na céad mic léinn in 2009.

An tSeirbhís Mhíochaine Shíceolaíochta

Soláthraíonn an tSeirbhís Mhíochaine Shíceolaíochta measúnú agus cúram síceolaíochta agus síciatrachta d'othair san ospidéal ginearálta. Tá n tseirbhís lonnaithe san ospidéal ginearálta agus cóireálann sé othair le fabhbanna síceolaíocht agus liachta coimpléasc, dúlagar, easordú strus iarthrámacha agus féin-ghortú righne. Soláthraíonn sé seirbhís chuig gach ceantar den ospidéal ginearálta, bardaí liachta agus máinliachta agus an Roinn Éigeandála ina measc.

Cuireann an tseirbhís cúram ildhisiplínigh ar fáil – síceolaíocht chliniciúil, altranas shíciatrach agus síciatracht. I measc na n-eochairscileanna tá measúnú tapa agus idirghabhálacha síceolaíochta leanúnacha ar nós síciteiripe anailíseach cognaíoch agus iompraíocht-cognaíoch. Chomh maith le cúram cliniciúil a sholáthar, tá ról á fhorbairt ag an tseirbhís in oideachas agus oiliúint fhoirne chun scileanna na bhfoirne liacha agus máinliachta i measúnú agus bainistiú tapa d'anacair síceolaíochta.

In 2008, reáchtálaíodh teiripe iompraíocht-chognaíoch grúpa aireachais bhunaithe sa seirbhís faoi stiúir ag an Dr. Sonya Collier agus an Dr. Tara Kingston. Tá clár oiliúna iarchéime leathnaithe ag an tseirbhís Sícea-Oinceolaíochta in sícea-oinceolaíocht do bhaill fhoirne cliniciúla sínsearacha. I measc na dtionscadal reatha tá staidéir ar thuirse bainteach le hailse; an tionchar síceolaíochta de mháinliacht cinn agus muinéal agus an tionchar atá ag cur i bhfeidhm cúraim. Cuireadh comhthraenáil ar fáil i soláthar gearr-idirghabhálacha d'fhadhbanna alcóil ar fáil i gcomhpháirtíocht leis an roinn um obair shóisialta. De thoradh seo rinneadh srathú ar fhadhbanna alcóil bunaithe ar ghéaracht agus soláthar gearr-idirghabhálacha fianaise bunaithe atá feiliúnach d'othair ag freastal ar Ospidéal Naomh Séamas.

Stiúrthóireacht LabMed



An Dr Brian O'Connell
Stiúrthóir Cliniciúil

An tUasal John Gibbons
Bainisteoir Saotharlainne

Réamhrá

Tagann na Ranna Saotharlainne seo a leanas faoin Stiúrthóireacht LabMed: Bithcheimic Chlinice, Imdhíoneolaíocht, Haemaiteolaíocht, Liacht Aistriú Fola, Micribhitheolaíocht, Saotharlann Tagartha Miceabhaictéir na hÉireann (IMRL), an Saotharlann Tagartha MRSA Náisiúnta (NMRSARL), Diagnóistic Mhóilíneach Ailse (CMD), Críobhitheolaíocht, an Lárionad Náisiúnta maidir le Neamhord Dúchasach Téachta (NCHCD) agus Fleibeatóime.

Tá Stiúrthóireacht LabMed freagrach as an mbainistíocht agus as an bhforbairt ghinearálta ar na Seirbhísí Saotharlainne maidir le Paiteolaíocht Chlinice d'Ospidéal Naomh Séamas, do dhochtúirí ghinearálta (DGí), d'ospidéal eile agus d'áisinteachtaí seachtracha agus feidhmíonn sé mar shaotharlann tagartha don iliomad réimse míochaine speisialtóra ar fud na tíre.

Creidiúnú/Ceadúnú

Le linn 2008, chuaigh gach disciplín taobh istigh den saotharlann faoi chigireacht chreidiúnú reathúil. Theastaigh anchuid iarracht agus profisiúntacht ó fhoireann na saotharlainne chun é seo a chur i gcrích. D'éirigh leis na saotharlanna seo a leanas Creidiúnú Paiteolaíochta Chliniciúla iomlán (CPA, RA) tagarmharcaithe go ISO 15189 (Medical Laboratories: Particular Requirements for Quality and Competence) in 2008:

- Micri-bhitheolaíocht
- An tSaotharlann Náisiúnta Tagartha MRSA (NMRSARL)
- Saotharlann Tagartha Myco-Baictéir na hÉireann (IMRL)
- Histeapaiteolaíocht (ag ionchorprú Citeapaiteolaíochta)
- Haemaiteolaíocht (an tSaotharlann Téachta den Ionad Náisiúnta do Ghlaire Théachta Oidhreachtúla san áireamh (NCHCD))
- Imdhíoneolaíocht
- Bithcheimic
- Diagnóisic Mhóilíneach Ailse
- Fleibeatóime

Ghnóthaigh Liacht Fuilaistrithe, ag ionchorprú Haemaifhaireachais, stádas creidiúnaithe iomlán go caighdeán ISO 15189 agus AML-BB (SI 360 de 2005) ó Bhord Creidiúnú Náisiúnta na hÉireann (INAB).

Fuair Bunaíocht Fíocháin an Ospidéil, ag ionchorprú na Saotharlainne Críobitheolaíochta, a ceadúnas a ligeann di feidhmiú mar Bhunaíocht Fíocháin ó Bhord Míocháine na hÉireann (IMB) tar éis cigireachta de réir treoir an AE 2004.23. EC; 2006/17/EC agus 2006/86/EC (SI 598 de 2007 agus SI 158 de 2006). Faoi láthair tá sé ar an t-aon ospidéal sa tír le ceadúnas chun gaschealla fuilghinte a bhailiú agus a phróiseáil.

Forbairtí/Tionscadail

Ionstraimíocht Nua

Cheannaigh an tsaotharlann an córas anailíseach iomlán uathfheidhmeach Roche do Bhithcheimic. Déanfaidh sé go leor próisis réamh-anailíseacha a uathfheidhmiú chomh maith le hacmhainn an t-ualach oibre ardaithe a mhéadú.

I measc acmhainní eile a cheannaíodh tá Crómatagraíocht Leachta Ardghníomhaíocht do Haemaiteolaíocht, Próiseálaithe Immunocytochemistry do Histeapaiteolaíocht agus córas anailíseach-íomhá ríomhairithe do mhoirfeolaíocht ceallóga fola do Haemaiteolaíocht.

I measc na n-áiseanna eile a ceannaíodh tá High Performance Liquid Chromatography do Haemaiteolaíocht, próiseálaithe Immunocytochemistry do Histeapaiteolaíocht agus córas anailíseach íomhánna ríomhairithe do mhoirfeolaíocht chealla fola do Haemaiteolaíocht.

Forbairtí Infreastruchtúrtha

Rinneadh cúpla roinn a athchóiriú in 2008 agus leanfaidh an clár seo ar aghaidh go hincrimintíúil sna blianta amach romhainn.

Plean Straitéiseach:

Chuir an Stiúrthóireach LabMed a Phlean Straitéiseach d'fhorbairt seirbhíse thar na 3-5 bliana amach romhainn. Ghlac Bainistíocht an Ospidéil leis an bplean. I measc na bpríomhscúipóirí tá:

- Foráil córas saotharlainne go hiomlán uathoibríche d'íomhán-mheas bithcheimic, imdhíoneolaíocht agus cúpla córas séireolaíocht mhiocróbach.
- Forbairt agus daingniú de shaotharlann paiteolaíochta móilínigh.
- Athdhearadh d'Fháiltiú na Saotharlainne
- Athshuí de Théactadh agus Haemaiteolaíocht Ghinearálta taobh le hImdhíon-mheas agus Bithcheimic
- Tógáil fairsingíú taobh istigh de na clóis chun freastail ar na saotharlainne Téachtaidh, Haemaiteolaíochta, Imdhíon-mheasa agus Bithcheimice.
- Forbairt de bhunachar sonraí amháin d'Eolaíocht Fola (Bithcheimic, Haemaiteolaíocht agus Imdhíoneolaíocht) ó na trí cinn reatha
- Forbairt den Healthlink OCM do DGí. Ciallóidh seo go mbeidh DGí in ann cur isteach ar thástálacha saotharlainne go leictreonach. Is iad na buntáistí breise go dtabharfar MRN do gach othar DG ó chóras PAS an ospidéil agus beidh comhairlín in ann athbhreithniú a dhéanamh ar gach toradh, fad is atá an othar lena DG féin

Cuirfidh gnóthú na gcuspóirí seo an Stiúrthóireacht LabMed i staid láidir chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhainfidh le ualach oibre leathnaithe agus chun ár n-ábaltacht tástálacha móilíneacha nua a sholáthar chun tacú le cóireáil othair ar bhealach costéifeachtach.

Ualach oibre:

Lean an t-ualach oibre ó thaobh istigh den ospidéal agus ó DGí ag ardú in 2008. Fuarthas iomlán de 2.1milliún d'eiseamail, a bhí mar breis agus 7 milliún toradh scrúduithe intuairiscithe. Léiríonn an t-ardú ar 2008 méadú de 7% i líonta eiseamal. Tá ranníocaíocht Ospidéal Naomh Séamas don ualach ag 64% agus tugann DGí 26% leis an gcuid eile ag teacht ó ospidéal eile ar fud na tíre agus i mBaile Átha Cliath freisin. Tá na figiúirí ón ualach oibre 2008, bunaithe ar iarratais saotharlainne, imlínithe i dTábla 1.

Oideachas agus Oiliúint:

Is ionad oideachais atá sa saotharlainn don MRCPPath agus an BSc in Eolaíocht Bithleigheis. Tá baint nach mór aige le taighde agus le tionscadail fhorbartha a threoraíonn daoine i dtreo cáilíochtaí foth-chéime agus iarchéime suas go MD agus leibhéal PhD agus foilsíodh go leor acu in irisleabhair athbhreithnithe piaraí. Tá gealltanais iontach ó gach ball foirne phroifisiúnta d'fhoghlaim agus d'fhorbairt agus tá baint ag an-chuid acu i gcláir fhorbartha phroifisiúnta leanúnacha chomh maith le múinteoireacht in Ollscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta. Is é bunról an tseirbhís saotharlainne cliniciúla páirt ghníomhach a ghlacadh i dtaighde aistritheach, leis an toradh de mharcálaithe agus de rialléimeanna feabhasaithe do bhainistiú othair le galair ar leith agus chun páirt a ghlacadh i bhfoirne ildhisiplíneacha chun bainistiú éifeachtach othair a uasmhéadú.

Iarratais na Stiúrthóireachta LabMed 2008

Roinn	2007 Iomlán Tiom.	2008 Iomlán Tiom.	% Incr/Decr 07/08
Haemaiteolaíocht	477,645	516,613	8%
Téachtadh	171,806	177,441	3%
Fuilaistriú	33,610	34,948	4%
Bithcheimic	724,884	768,446	6%
Micri-bhithleolaíocht	340,960	361,794	6%
Hista – blocanna *	67,129	71,640	7%
Cíteolaíocht	16,622	15,119	-9%
Imdhíoneolaíocht	114,022	134,737	18%
CMD	3,934	4,226	7%
Iomlána in aghaidh an ospidéal	1,950,612	2,084,964	7%

Tábla 1 * Is éard is Histo-Blocanna ann ná meá de ghníomhaíocht ualach oibre Histeapaiteolaíochta

Saotharlann Haemaiteolaíochta

Cuireann an Roinn Haemaiteolaíochta seirbhís chuisitheach saotharlainne diagnóise ar fáil d'Ospidéal Naomh Séamas, d'ospidéal cheantar Bhaile Átha Cliath agus do dhochtúirí ghinearálta.

Faigheann sé cásanna atreorúcháin i gcomhair imscrúduithe speisialta. Tá obair taca saotharlainne chun trisiú leis an Stiúrthóireacht HOPE, an Lárionad Náisiúnta Trasphlandaithe Fola agus Smeara do Dhaoine Fásta agus an Lárionad Náisiúnta maidir le Neamhord Dúchasach Téachta (NCHCD) san áireamh, ina chuid lárnach d'obair na roinne. Tán Roinn lonnaithe taobh istigh de trí ceantar san ospidéal, an tSaotharlann Paiteolaíochta Lárnaigh (CPL), an Lárionad Náisiúnta maidir le Neamhord Dúchasach Téachta (NCHCD) agus an Fóntas Gaschealla Críobhithleolaíochta lonnaithe i bhfóntas seomra ionghlan coigiltis ar chíos san fhoirgneamh IBTS. Taobh istigh den Saotharlann Paiteolaíochta Lárnaigh tá an phríomhsaotharlann diagnóiseach, an tsaotharlann diagnóiseach speisialta agus an tsaotharlann monatóireachta drugaí trasplandú agus haematinicí.

Ardáíodh an t-ualach oibre Haemaiteolaíochta ó thaobh eiseamail de ar 2007 de 8%, ach i gceantair shainfheidhmeach den roinn bhí an méadú níos mó ná sin. Mar shampla, bhí méadú de 24% ar thástáil Haemoglóbine agus méadú de 30% d'immunophenotyping do leicéime agus do liomfóma; dhá cheantar ina soláthraíonn an tsaotharlann seirbhís náisiúnta chomh maith le réigiúnach. Bhí méadú ar ghníomhaíocht de 14% in 2007 sa saotharlann monatóireachta drugaí trasplandú agus haematinicí.

Forbairtí in 2008:

Forbraíodh cur chuig immunophenotyping nua do shiondróim mhiaillidiospláiseacha mar chuid de thionscadal MSc agus déanfar é a chomhtháthú leis an ngnáthseirbhís. Déanfaidh tionscadal MSc eile staidéar ar chanúint Ghliceapróitéin Pláitíne in macrothrombocytopenia. Le linn 2008, shínigh cúpla ionad nua comhaontuithe leibhéal seirbhíse leis an tSaotharlann agus anois tá siad ag baint úsáide as ár seirbhís Immunophenotyping. Tá an modh lorgaireachta ghalar iarmharach íosta (MRD) sé-dhath do Leicéime Géarlímficíteach (CLL) anois mar chuid lárnach de thriail náisiúnta CLL ICORG (Grúpa Taighde Oinceolaíochta Cliniciúil na hÉireann), le measúnú MRD lárnaithe in Ospidéal Naomh Séamas. Cuireadh an forbairt i láthair i bpáipéar a bhuaigh duais ag cruinniú de Chomhlachas Haemaiteolaíochta na hÉireann, 2008.

Sa seirbhís Haemaiteolaíochta, tá anailíseoir HPLC nua faighte againn agus tá sé ag dul faoi bhailíochtú ar an suíomh agus beidh sé réidh le húsáid go luath. Aimsíodh athraithigh Haemaglóbine annamhale linn 2008 agus cuireadh i láthair iad i bpáipéar ag an gcruinniú bliantúil HAI in Ard Mhaca. Thoraídh comhoibriú leis an tsaotharlann Diagnóisc Mhóilíneach Ailse cur i láthair páipéar eile ag HAI ar PNH.

Lean an tsaotharlann monatóireachta drugaí trasplandú agus haematinic le hionadaí ar an gcoiste eolaíochta/stiúrtha UK NEQAS (haematinic). Leanann comhoibriú na saotharlainne leis na hIonaid um Ghalair a Chosc (CDC), Atlanta agus leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. Sholáthair sé oiliúint saotharlainne mar chuid de chomhoibriú le WHO agus leis an Eagraíocht Sláinte Pan-Mheiriceánach (PAHO) le haghaidh staidéir ar stádas fóláite i bPeiriú, agus fuair sé cuideadh ó UNICEF chun páirt a ghlacadh mar chomhairleoir i staidéar idirnáisiúnta sa Chirgeastáin.

An tSaotharlann Téachta den Ionad Náisiúnta do Ghalair Théachta Oidhreachtúla (NCHCD)

Soláthraíonn an Roinn Théachta sa Saotharlann Paiteolaíochta Lárnach seirbhís scrúduithe saotharlainne d'neamhoird théachta d'othair chónaithe agus d'othair seachtracha chomh maith le do dhochtúirí ghinearálta. Déanann an tsaotharlann ag an NCHCD scrúduithe ar shamplaí ó othair taobh istigh den ospidéal agus ó atreoirithe náisiúnta chomh maith le neamhoird amhrasta bainteach le fuiliú agus le trombóis. Tá fáthmheas de neamhoird faighte agus ó oidhreacht, monathóireacht de theiripe agus scagthástáil do neamhoird ghéiniteach mar chuid den stór scrúdú sa saotharlann seo.

Leanann an t-ualach oibre ag méadú bliain i ndiaidh bliana le méadú de 21% i méid iomláin oibre thar chúig bliana. Tá an méadú taobh istigh den tréimhse chúig bliana seo le feiceáil go sonrach in imscrúdú fuiliú (méadú de 46%) agus neamhoird trombóis (méadú de 34%) agus i líon na ngnáth-thástálacha a tháinig isteach (méadú de 19%). Tháinig 52% den obair ar fad a rinneadh sa saotharlann dhiagnóisic in 2008 ó eagraíochtaí seachtracha. Scrúdaítear an chuid is mó de na samplaí seo ó eagraíochtaí seachtracha do neamhoird mhóilíneacha agus fheidhmiúla gaolta le staideanna trombóise.

Bhí tuilleadh fairsingithe den stór tástáil do dhiagnóisic saotharlainne géinitigh agus féinitopa d'fhuiliú agus neamhoird trombóise. Chinntigh sé seo leathnú agus leanúint de sheirbhís dhiagnóisic chuimsitheach.

Bhí fairsingiú sa saotharlann mhóilíneach in 2008 nuair a athshuíodh an tseirbhís scrúduithe mhóilíneach chuig áiseanna athchóirithe níos mó taobh istigh den NCHCD. Rinneadh Líonra Saotharlainne Géiniteacha Haemaifíla an RA iniúchadh ar an tsaotharlann.

An tSeirbhís Saotharlainne Crióbhitheolaíochta

Tacaíonn an tSaotharlann Crióbhitheolaíochta leis an gClár Náisiúnta Trasplandú Gaschealla ó Dhaoine Fásta Náisiúnta in Ospidéal Naomh Séamas agus Clár Deontóirí Neamhghaolta Smeara na hÉireann.

Tá an tsaotharlann crióbhitheolaíochta lonnaithe in áis GMP ar chíos ón Ionad Náisiúnta Fola. Cuireann sé an cuidí saotharlainne chuig an mBunaíocht Fíocháin, a tacaíonn an gClár Náisiúnta Trasplandú Gaschealla (daoine fásta) san Ospidéal.

Rinneadh níos mó ná 1000 trasplandú gaschealla ón uair a bunaíodh an clár in 1984.

In 2008 fuair an tSaotharlann Crióbhitheolaíochta ceadúnas GMP ó Bhord Míocháine na hÉireann mar chuid den Bhunaíocht Fíocháin chun Gaschealla siblíne allataigineacha a sholáthar ó Smior agus Fuil Imeach slógtha, Gaschealla uathlógacha ó smior nó fuil imeallach slógtha, Limfocítí Deontóra agus Gaschealla Neamhghaolta ó Smoir nó Fuil imeallach slógtha. Clúdaíonn an clár neamhghaolta Tuaisceart na hÉireann freisin. Oibríonn an tSaotharlann i gcomhpháirtíocht leis an tsaotharlann seirbhíse tíopáil fíocháin agus Clár Deontóirí Neamhghaolta Smeara na hÉireann san IBTS.

I measc foireann na saotharlainne tá ochtar eolaí liachta, bainisteoir cáilíochta agus Stiúrthóir Liachta. Rinneadh 53 trasplandú gaschealla allataigineacha agus 68 trasplandú gaschealla uathlógacha in 2008. Tá méadú tagtha ar líon na dtrasplandaithe gaschealla neamhghaolta agus rinneadh 17 acu in 2008. Tá an fhéidearthacht ann smior deontaithe nó fuil imeallach slógtha a bhailiú anois tar éis d'fhoireann eolaíochta ón gcrióbhitheolaíocht taisteal chuid tíortha Eorpacha, SAM agus an Áise Thoir Theas chun na gaschealla a bhailiú.

Déantar gach táirge gaschealla a phroiseáil sa saotharlann crióbhitheolaíochta d'úsáid láithreach (allataigineach) nó caomhnaithe i nítrigine leachtach. Tá an clár saotharlainne iomlán mar chuid lárnach de chóras bainistithe cáilíochta ina ionad sa Bhunaíocht Fíocháin.

Diagnóisic Mhóilíneach Ailse

Tá an tSaotharlann Diagnóisic Mhóilíneach Ailse (CMD) an t-aon cheann den chineál sin sa tír, mar chuid den Stiúrthóireacht LadMed ag Ospidéal Naomh Séamas. Soláthraíonn CMD seirbhís tastála móilíneach do shainnaint d'iomrall faighte in ailse, leicicéime agus liomfóma ach go háirithe. Má tá sé feiliúnach, déantar ath-thástáil chun teacht ar ghalar iarmharach íosta (MRD), a d'fhéadfadh cuidiú i mbainistiú othair le urchóideachtaí haemateolaíochta roghnaithe.

Fanann na tástálacha gnáthphrognóiseacha órga in CLL stádas anailíse FISH agus luacháil de stádas hipearshócháin sómaigh. Is tástáil mhóilíneach chasta atá sa dheireanach soláthraithe ar othair roghnaithe in CMD agus tá sé anois mar chuid lárnach de thriail náisiúnta CLL ICORG (Grúpa Taighde

Oinceolaíochta Cliniciúil na hÉireann). Leanann soiléiriú ar chomharthaí do thástáil clonality do shamplaí paiteolaíochtaí agus haemaiteolaíochta, maidir le galar céiliach, liomfóma bainteach le céiliach agus liomfóma craicinn, ceantar atá faoi stiúir ag an Dr. M McMEnamin, Dermatopathologist Comhairleach. Insealbhaíodh Anailíseoir Géiniteach ABI 3130 in Eanáir 2009 agus tá sé á chomhtháthú faoi láthair chuig gnáth-úsáid do thástáil chimerism tar éis trasphlandú smeara agus measúnachtaí clonality.

In 2008 ghnóthaigh an tsaotharlann CMD Caighdeánú Idirnáisiúnta chun monatóireacht a dhéanamh ar an ngéin-ghaolta BCR-ABL le CML agus rinneadh lárshaotharlann d'fhregairt monathóireachta triail cliniciúla idirnáisiúnta an ICORG de do dhruaí nua úsáide do chóireáil an ghalair seo. Tá próifil idirnáisiúnta fós a choinneáil ag an tsaotharlann i scéimeanna rialaithe cáilíochta agus i bhforbairt ábhair thagartha domhanda do thástáil ghéiniteach mhóilíneach in CML. Tá taighde agus forbairt mar ról lárnach na saotharlainne, rud atá le feiceáil trí fhoilseacháin agus go leor cur i láthair ag comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Roinn na Bithcheimice

Soláthraíonn an Roinn Bithcheimice seirbhís tacaíochta diagnóisic chuimsitheach d'Ospidéal Naomh Séamas, cúpla institiúid cúraim sláinte seachtracha agus ionad bunchúraim fhairsing. Glacann foireann liachta na saotharlainne páirt i mbainistiú galair mheitibileacha, Diaibéiteas, Neamhoird Inchríneacha, bainistiú toisce riosca CVD, Oistéapóróis san áireamh agus feidhmíonn siad clinici saineolaithe do Ghéar-Porphyrías agus Familial Hypercholesterolaemia. Tá an tsaotharlann ar an ionad tagartha náisiúnta de facto d'fháthmheas neamhoird mheitibileachtaí porphyrin. Tá éisteachas ag an roinn a tacaíonn do thaighde & d'fhorbairt, d'oideachas agus d'fhoghlaim taobh istigh d'Ospidéal Naomh Séamas agus in institiúidí acadúla gaolmhara.

Ceann de na heochairfhorbairtí is mó sa Roinn Bithcheimice in 2008 ná an insealbhú de chóras anailíseach agus réamh-anailíseach uathoibríoch. Tugann sé deis don saotharlann roinnt den stór thásáil a dhaingniú, chun éifeachtacht seirbhíse na saotharlainne a mhéadú, chomh maith le hinniúlacht bainistiú a dhéanamh ar an méadú ar an ualach oibre a thagann isteach chuig an roinn a fheabhsú. Ar an iomlán, ba cheart go gcuirfeadh sé seo le héifeachtacht chliniciúil mhéadaithe de sheirbhís míocháine na saotharlainne.

Baineann luathú teicneolaíochta tábhachtacha eile leis an aicseam de Speictriméadar Mais Teaindim a bheidh in úsáid faoi Aibreán 2009. Ar dtús, bainfear úsáid as an ngléas seo chun seirbhís anailíseach Vitimín D costéifeachtach agus chuimsitheach

a sholáthar, agus de réir a chéile déanfar é a fhorbú chun anailís analytes eile a chuimsiú, téististéarón, metanephries agus b'fhéidir drugaí imdhíon-sochtacha san áireamh.

Tá an clár Tástáil Pointe Cúram (POCT) ag leanúint ar aghaidh agus rinneadh é a measúnú le linn a gcigireachta de sheirbhísí Bithcheimice i mí na Samhna 2008, le tráchtanna dearfacha. Cé go raibh fócas ar na gléasanna meitibilít/Leictrilít Gás Fuil agus Glúsósa fheabhsú ó thaobh dearbhaithe cáilíochta de, táthar ag dul sa tóir ar cheantar eile leis an dlús céanna. Seo a leanas na cinn is tábhachtaí; tástáil le haghaidh toirchis, anailís céatóin agus úranailís chun a chinntiú go bhfuil siad ag comhlíoadh Polasaí POCT an Ospidéil. Tá ranníocaíocht suntasach déanta ag baill fhoine na roinne d'fhorbairt coistí POCT na stiúirtheachta agus corparáideacha, atá bunaithe anois chun rialachas san ospidéal a maoirseacht.

Lean gníomhaíochtaí taighde taobh istigh den roinn, le tionscadail chomhoibritheacha le hInchríneolaíocht agus Diaibéiteas an Ospidéil, An Roinn Máinliachta TCD, Clinic Cosaint Cnáimh an Ospidéil. Tá an roinn mar gheallsealbhóir sna Saotharlanna SPD Céim 1 nua-athchóirithe. Bhí baint ag foireann na roinne le roinnt foilseacháin in 2008 agus chuir siad obair i láthair ag cruinnithe náisiúnta agus idirnáisiúnta i bhfoirm béalaithrise agus póstaer. Ina theannta sin, lean páirteachas in iniúchadh cliniciúil leis an Dr. Silke, AMAU, an tOspidéal in 2008 le an-fhócas ar luach prognóiseach agus cliniciúil NT-proBNP.

Seirbhís Saotharlainne Imdhíoneolaíochta

Is ionad do thástáil, bainistiú agus cóireáil d'othair a bhfuil neamhoird den chóras imdhíonachta orthu é an Roinn Imdhíoneolaíochta. Ina theannta sin, bíonn an roinn ag iarraidh tuiscint ar an gcóras imdhíonachta agus a ról i sláinte agus galair a spreagadh agus a chur chun cinn i measc othar, cliniceoirí, eolaithe agus an phobail i gcoitinne.

Seirbhís Saotharlainne

Tá méadú suntasach fós ag teacht ar ualach oibre na saotharlainne. Bhí méadú de 18% i líon samplaí in 2008 thar 2007. I gcomhairliú leis an Stiúirtheach Lab-Med, tá an roinn i mbun pleananna a forbairt, a gcuirfidh ar a gcumas acu bainistiú a dhéanamh ar an méadú san ualach oibre ar bhealach níos feidhmiúla. Beidh sé seo bunaithe ar an aicseam de níos mó teicneolaíochtaí uathoibríocha do bhainistiú ualach oibre.

Seirbhís Cliniciúil

Ó ghalair athlastach, ailléirge agus easpa indhíonachta den chuid is mó a bhíonn othair a fheictear ag clinici d'othair seachtracha agus trí chomhairle othar cónaithe ag fuilaint.

Leanann an Roinn ag glacadh páirte i mbeartaíocht staidéir idirnáisiúnta ilionaid ar othair a bhfuil neamhord ar an gcóras imdhíonachta orthu.

Oideachas agus Foghlaim:

Cuireann sé ríméad ar an Roinn a fhógairt gur cheapadh an Dr. Derek Doherty mar Léachtóir le hImdhíoneolaíocht Chliniciúil. Thosaigh Derek sa phost i mí Iúil 2008 agus breacfaidh sé scileana múinteoireachta agus taighde suimiúla chun na roinne. Tá spéis ar leith ag Derek i mbitheolaíocht cille T agus sláinte dhomhanda. Tá clár foghlaim iarchéime substaintiúil ag an roinn le triúr mic léinn sa tóir ar chéimeanna iarchéime taighdeacha faoi láthair. Cuireann an roinn le roinnt cláir mhúinte iarchéime MSc agus cláir liachta iarchéime eile. Le déanaí, bhunaigh sé clár in indhíoneolaíocht do mheabhránaithe speisialtóra liachta. Ina theannta sin, cuireann sé go mór le múineadh fothchéime in Leigheas, in Eolaíocht Bithleigheis, Micribhitheolaíocht Chliniciúil, Liacht Spóirt agus Taighde. Anuas air sin, tá roinn mic léinn ag an roinn in oiliúint inseirbhíse in Eolaíocht Bithleigheis. Cuireann sé le comhdhála paiteolaíocht-cliniciúil agus “Grand Rounds” an Ospidéal.

Leanann an roinn Indhíoneolaíochta le ról gníomhach a imirt i dtaighde le tionscadail mhóire i ngalar céiliach agus an rialachán de bhealaí athlastacha. Tá na cláir thaighde comhtháithe go maith leis na seirbhísí cliniciúla agus múinteoireachta. Trí na tionscadail seo, cuireann an roinn lenar dtuiscint comónta ar ghalair éagsúla ag baint leis an gcóras imdhíonachta. Bronnadh Ánracht Oiliúint PhD ar an Dr. Niall Conlon, atá ag tabhairt faoi oiliúint speisialtóra in Imdhíoneolaíocht agus tosaigh sé ina phost sa Roinn Imdhíoneolaíochta i mí Iúil 2008. Lean an roinn ag cur le cruinnithe idirnáisiúnta agus litríocht idirnáisiúnta a bhfuil piarmheasúnú déanta air anuraidh.

An Roinn Mhíochaine Aistrithe Haemafhaireachas san áireamh

Tairgeann an roinn Mhíochaine Aistrithe seirbhís chuimsitheach aistrithe d'Ospidéal Naomh Séamas, lena n-áirítear an tSeirbhís Thrasphlandaithe Ghaschealla Náisiúnta do Dhaoine Fásta, an tIonad Náisiúnta do Neamhoird Téachta Oidhreachtúla agus aonad máinliachta cardatóracsach. Bronnadh creidiúnú go Caihdeáin ISO 15189 ar an roinn in 2008.

Bhí méadú breise san ualach oibre sa saotharlann fuilaithe in 2008. Mhéadaigh iarratais de 3% agus méadaigh úsáid cuidí fola freisin. Méadaigh úsáid eiritricíte de 1.5% agus pláitín de 18%. Ba iad na húsáideoirí is mó ná haemaiteolaíocht/oinceolaíocht agus máinliacht chardatóracsach.

Cuireadh córas leictreonach chun stóráil agus bogadh eiritricíte a bhainistiú i bhfeidhm in 2008. Cuireann úsáid an chórais seo, i gcomhpháirtíocht le córas páipéar bunaithe trína aischiureann foireann chliniciúil daingniú do gach fuilaithe chuig an tsaotharlann, inrianaitheacht iomlán d'fhuil i ngéilliúlacht leis na riachtanais de Threoir Fola an AE 2002/98/EC.

Tuairiscíodh foireann chliniciúil 65 imoibriú aistrithe amhrasta. I ndiaidh imscrúdaithe, cinntíodh 23 acu mar imoibrithe bainteacha le haistriú (0.1%) de na comhpháirtithe fola aistrithe in Ospidéal Naomh Séamas. Tuairiscíodh imoibrithe aistrithe an-áibhirseacha agus ócáidí chuig an Oifig Haemafhaireachais Náisiúnta. Chomhlíon 17 imoibriú agus 10 n-ócáidí an critéar do thuairisciú in 2008.

Thosaigh an oifig harmafhaireachais ar chlár chun fianaise d'inniúlacht i gcleachtas fuilaithe d'fhoireann chliniciúil a léiriú le linn na bliana agus mar chuid den chlár seo, cuireadh an modúil ORASGold r-foghlaim d'fhuilaithe, www.learnbloodtransfusion.org.uk, forbartha ag Seirbhís Fuilaithe Náisiúnta Albain agus imdháilte ag Seirbhís Fuilaithe na hÉireann, ar fáil do gach ball foirne.

Seirbhísí Saotharlainne Micribhitheolaíochta

Cuireann an tSaotharlann Micribhitheolaíochta seirbhís dianóise, rialú ionfhabhtaíochta agus clinice ar fáil don Ospidéal, do DGÍ in Iardheisceart Bhaile Átha Cliath agus d'eagraíochtaí seachtracha.

Bhí méadú de 6% ar an ualach oibre in 2008. Tacaíodh leis an méadú seo trí aicseam de dhá anailiseoir nua – Architect i2000SR agus Abbott M2000.

Lean an tsaotharlann ar aghaidh le hobair fhorbartha tríd an tsaotharlann ar fad le roinnt céimeanna iarchéime agus anois tá sé in ann meastha nua a chur i feidhm d'fháthmheas virological. Lean obair fhorbartha Míceolaíochta ar aghaidh agus tá an tsaotharlann in ann tástáil so-ghabhálachta agus aitheantais feabhasaithe a chur i bhfeidhm do phataiginí fungasacha comónta. Dhírigh forbairt baictéareolaíochta ar imscrúdú a dhéanamh ar mhodhanna móilíneacha d'fháthmheas galrú dáiríre i measc othar atá an-tinn. Baineadh úsáid as sonraí faireachais frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh, curtha le chéile ag eolaí faireachais na saotharlanna, chun treoirínte frithmhiocróbacha eimpíreacha a leagadh síos don ospidéal.

Rinneadh obair shuntasach taighde sa roinn, go háirithe maidir le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh i measc baictéire Gram-diúltach, ionfhabhtú de bharr *Staphylococcus aureus* atá

frithsheasmhach do mheiticillin, *C. difficile*, ionfhabhtú *Aspergillus* agus *Clamaidia* chomh maith le víris Herpes, víris ghastraistéigeacha agus riospráide.

Seirbhísí Rialaithe agus Coisc Ionfhabhtaithe

Tá na Seirbhísí Rialaithe agus Coisc Ionfhabhtaithe (IPCS) mar chuid den roinn Mhicribhitheolaíochta Cliniciúil, atá faoi shainchúram na Stiúrthóireachta Lab Med. Lean na Seirbhísí Rialaithe agus Coisc Ionfhabhtaithe ar aghaidh in 2007 le cláir a chur i bhfeidhm chun tionscnaimh nua Náisiúnta a chuimsiú agus rátaí infhabhtaithe a bhaineann le cúram sláinte a laghdú.

Is iad seo a leanas na príomhthionscnaimh in 2008:

- Iniúchadh ar chomhlíonadh de shláinteachas láimhe
- Feachtais thuisceana do shláinteachas láimhe
- Rannpháirtíocht de IPCS le scéim mheasúnaithe seirbhísí sláinteachais
- Leanúint d'fhaireachas sruth na fola a bhaineann le Cataitéar agus leathnú den fhaireachas le faireachas ar an suíomh deiridh máinliachta a chur san áireamh
- Forbairt ar mhodhanna caighdeánacha oibríochta do stervigance agus iniúchadh ar scóipa "out of hours"

Seirbhísí Histepaiteolaíochta

Tuairisceoireacht Fospeisialtóireachta

Bhog an Roinn chuig tuairisceoireacht fospeisialtóireachta le linn 2005 d'fhonn níos mó saineolais fhospeisialtóireachta agus leanúnachas níos fearr a cheadú chomh maith le rannpháirteachas i gcomhdhálacha cliniciúla a éascú. Díróinn Histepaiteolaithe comhairleacha aonair ar líon teoranta ceantar fospeisialtóra. Theastaigh athriaradh an ualach oibre chomh maith le athruithe i dtascanna NCHD agus saotharlainne chun é seo a dhéanamh.

Rinneadh tuilleadh forbartha ar thuairisceoireacht fospeisialtóireachta le linn 2007 agus 2008 agus rinneadh é a chomhtháthú le comhdhálacha foirne ildhisiplínigh. De thoradh athbhreithniú ar ábhair do na comhdhálacha seo, tháinig méadú suntasach ar an ualach oibre, go háirithe ó thaobh athbhreithniú ar ábhar diagnóiseach seachtrach.

Forbairt Sheirbhíse:

Thacaigh an roinn Histepaiteolaíochta leis an tSeirbhís Máinliachta Miceagrafaice Mohs nua, a thosaigh i mí Iúil 2006 agus atá thar a bheith rathúil anois. Tá ionchur eolaí liachta chuig an tseirbhís cúram lae seo dianiarrthach, tógann sé am agus caitear an-chuid dabhaideanna fócháin mhicreascópaigh a ghearradh chun a chinntiú go bhfuil an máinlia tar éis an fócháin siada ar fad a bhaint amach.

Bithbhanc Ailse Ospidéal Naomh Séamas

Bhunaigh an tOllamh Eoin Gaffney agus an Dr. Blanaid Mee ón roinn Histepaiteolaíochta Bithbhanc Ailse Ospidéal Naomh Séamas i Lúnasa 2008, le cúnamh ó Fhondúireacht Vodafone na hÉireann, Iontaobhas Bithbhanc na hÉireann agus Fondúireacht Ospidéal Naomh Séamas.

Is reoiteoir ar theocht ultra-íseal do thaighde atá sa bhithbhanc. Déantar fíochán ailse, gnáthfhíochán agus samplaí fola a chódú ar maithe le rúdacht agus le cosaint sonraí, agus cuirtear isteach ar bhunachar sonraí an bhithbhanc iad. Caomhnaíonn samplaí reoite géinte agus próitéiní an siada, a choinníonn an eochar do thuiscint ar an gcaoi a fhásann agus a scaipeann ailsí. Le haghaidh tuilleadh eolais téigh chuig: www.biobankireland.ie

Baineann an áis ospidéil nua na treoirlínte idirnáisiúnta de chuid an NCI agus ISBER agus ionchorpraíonn sé na príonsabail othar-fócasaithe atá le fáil sa Tuarascáil Ghrúpa Shaineolaí do Mary Harney, An tAire Sláinte agus Leanaí, a foilsíodh i mí na Samhna 2008.

Braitheann an bithbhanc ar chomhoibrí iomlán altraí, máinlianna, taighdeoirí, aistírí, eolaithe liachta, paiteolaithe, agus foireann IMS. Tá an fhorbairt droimscríofa go láidir ag an tUasal Ian Carter, CEO. Roinneann bithbhanc ailse Ospidéal Naomh Séamas an "honest broker" céanna is atá ag Beaumont agus Gaillimh agus comhdhéanann na trí chinn seo an chéad chéim de Líonra Bithbhanc Ailse na hÉireann a bhunú, iad ar fad ag bailiú samplaí cíche agus drólanna le lántoil. Tabharfaidh bunachar sonraí ar líne rochtain do thaighdeoirí ar shonraí cliniciúla agus sampla-srianta, má tá formheas eolaíochta agus eiticíúil ag tionscadail le loafacht chomhoibritheach. Trí uasmhéadú a dhéanamh ar acmhainní agus ar shaineolas na hÉireann, tiocfaidh athrú ar ábaltacht thaighde ailse aistritheach, ag ceadú comhoibríthe móra (idirnáisiúnta) agus tuilleadh rannpháirtíocht tionscal-acadúil.

Déanann bithbhanc ailse Ospidéal Naomh Séamas leas do thaighdeoirí (ag samplú lóistíochta, caighdeán sampláil, slánchodanna iolracha agus ardán bith-fhaisnéisíochta comónta), agus cuirfidh sé le trialacha cliniciúla ailse. Mar chuid eisintíúil de Líonra bithbhanc ailse na hÉireann, cuirfidh sé go mór le héifeachtacht níos fearr in luacháil bithmharcálaí agus cuirfidh sé le dlús a chur taobh thiar den phróiseas fada de thaighde ábhartha a aistriú chuig cóireála nua, níos éifeachtaí dóibh siúd le hailse.

An tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Staphylococcus aureus Meiticillin-Fhriotaíoch

Soláthraíonn an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Meiticillinfhriotaíoch (NMRSARL) seirbhís náisiúnta do:

- Tíopáil eipidéimeolaíochtuil ar aonraigh MRSA (d'fhonn cuidiú le himscrúdú i gcás breiseadh amach)
- Friotaíocht antaibheathach a bhrath {go háirithe deimhniú ar mheticillinfhriotaíocht/ocsaicillinfhriotaíocht agus imscrúdú faoi fhriotaíocht ionchais ghlicipeiptíde (vancomycin)}
- Gnáthmhonatóireacht ar shaothrán fola aonraíoch MRSA ó ospidéal de chuid na hÉireann atá páirteach i gCóras Faireachais Friotaíochta Frighmhiocróbaigh na hÉorpa (EARSS)
- Comhairle maidir le cóireáil ar othair a bhfuil MRSA ag baint leo tríd an Stiúrthóir Míochaine
- Comhair maidir le rialú ionfhabhtúcháin trí Mheitheal Rialú Ionfhabhtúcháin Ospidéal Naomh Séamas
- Comhairle mar gheall ar cheistanna MRSA i saotharlanna trí fhoireann eolaíochta agus clinice an NMRSARL

I measc na mórfhorbairtí in NMRSARL le linn 2008 bhí:

- Creidiúnú Páirtí Paiteolaíochta Cliniciúil (CPA) a ghnóthú
- Carachtracht d'aonarain MRSA roghnaithe trí thíopáil phróitéine staphylococcal A (spa)
- Comhoibriú i dtionscadal Taighde Aistriúcháin MRSA leis na hOllaimh Davide Coleman (Coláiste na Tríonóide) agus Hilary Humphreys (Coláiste Ríoga Máinlianna in Éirinn agus Ospidéal Beaumont), imscrúdú de mhodh tíopáil eipidéimeolaíochta móilínigh nua agus meastóireacht chliniciúil den trealamh Xpert-MRSA™ do lorgaireacht ghasta de MRSAHosting, dara chruinniú eolaíochta idirnáisiúnta den NMRSARL i gcomhpháirtíocht leis an Ollamh Hilary Humphreys san áireamh

In 2008, rinne NMRSARL próiseáil ar:

- 383 aonarán curtha isteach faoin scéim EARSS (is figiúir sealadach é seo go dtí go bhfuil gach aonarán ó 2008 curtha isteach chuig NMRSARL)
- 32 iarratas ar eolas saotharlainne maidir le saotharlainne maidir le MRSA
- 177 iarratas ar imscrúdú aonarain (ar 432 aonarán a áiríonn 20 iarratas imscrúdaithe breiseadh amach)

Saotharlann Tagartha Míceabhaictéire na hÉireann (IMRL)

Réamhrá

Sholáthair an IMRL seirbhís atreoraithe eiseamail ar shaothrán TB do roinnt ospidéal ar fud na tíre.

Ualach oibre

Ba bhliain ghnóthach 2008 don IMRL le breis agus 6,000 eiseamal saothraithe. Rinne an IMRL scrúduithe aithint agus so-ghabhálachta ar 166 othar a raibh eitinn orthu, 50% acu a bhí atreoruithe chuig an IMRL ag na hospidéal mhóra eile i réigiún Bhaile Átha Cliath. Sainaitníodh 112 othar eile a raibh ionfhabhtú orthu mar gheall ar ionfhabhtú neamh-eitinne. Is é seo an líon is mó d'othair aonarain sainaitheanta in aon bhliain go dtí sin agus léiríonn méadú de 50% go neasach ar 2006 agus méadú de 95% ar 2005.

Forbairtí Seirbhíse Nua in 2007::

- Tástáil Móilíneach Díreach (ar aonarain riospráide) chun teacht ar láithreach M. eitinn agus sócháin ag tarraingt friotaíochta do na drugaí frith-eitinne, isoniazid agus rifampicin.
- D'ullmhaigh na Stiúrthóireachtaí CREST agus an IMRL aighneacht don FSS maidir leis an bhforáil eatramhach de seirbhísí feabhasaithe i gcomhair cur i bhfeidhm seirbhísí eitinne. Ba dhíotha prionsabail maoiniú don phost mar eolaí liachta sinsearach agus maoiniú do sholáthar Meas Scaoileadh Gáma Inteirféaróin.

Taighde agus Forbairtí in 2008:

- Cuireadh tús le comhthionscadal tíópála idir an IMRL agus an tSaotharlann Taighde Tréidliachta in Back Weston. Baineadh úsáid as teicníochtaí Spoligotyping as MIRU/VNTR chun comparáid a dhéanamh idir aonarain M. bovis a tugadh ó dhaoine agus aonarain a thugadh ó speicis ainmhí. Rinneadh Philomena Raffery, mar pháirtchomhlíonadh dá cúrsa MSc, an tionscadal.
- Fuarthas maoiniú ón Ionad Faireachais Chosaint Sláinte chun staidéar a dhéanamh, i gcomhpháirtíocht leis an Stiúrthóireach GUIDE, ar dhá Mheas Scaoileadh Gáma Inteirféaróin chun teacht ar eitinn neamhfollas i ndaoine imdhíon-shochta agus daoine sláintiúla. Déanfaidh baill fhoirne ó gach stiúrthóireacht an obair.
- Cuireadh tús leis an obair ar na díotha dearaidh don ionad tagartha eitinn nua ag cuimsiú an tSaotharlann Náisiúnta Eitinne leis na haitirí ainmnithe, Moloney O Beirne. Chuathas ar chuairt in éineacht leis na haitirí chuig an tSaotharlann Thaighde Tréidliachta nua-thógtha in BacWeston, Leamhcán.
- Thosaigh cruinnithe ildhisiplíneacha idir baill fhoirne éagsúla ó na Stiúrthóireachtaí CREST, GUIDE agus DiagIM, in éineacht le baill fhoirne ón IMRL agus Sláinte Poiblí ar bhonn míosúil sa seomra seimineár John Houston.

Stiúrthóireacht Diaglm



An Dr M. Keogan
Stiúrthóir Cliniciúil

Suzanne Dennon Uas.,
Bainisteoir Seirbhísí Radagrafaíochta (A)

Paula Corby Uas.,
Bainisteoir Gnó

Réamhrá

Cuireann Stiúrthóireacht Diaglm seirbhís íomháithe diagnóisigh ar fáil d'othair agus cliniceoirí Ospidéal Naomh Séamas. Cuirtear seirbhís ar fáil do dhochtúirí ginearálta sa dobharcheantar freisin mar aon le cúram treasach d'ospidéal lasmuigh den dobharcheantar.

Forbairtí in 2008

PaRIS/EPR

Tá rath leantach ar thionscadal PaRIS/EPR. Le linn na bliana seo caite cuireadh uasghráduithe leis an gcóras. Leis na huasghráduithe seo cuirfeadh íomhánna radagrafaíochta chun na deisce i bhfad níos tapúla ná mar a d'fhéadtaí roimhe seo agus, mar sin, beidh tuairiscí le haghaidh íomháu réidh leis an móill is lú agus is féidir.

Tá íomhánna ón scanóir nua-oscailte TAP/TR mar chuid anois de Chartlann PACS agus is féidir iad a fheiceáil ar fud an Ospidéal tríd an nGréasán ProVision.

I mí Mheán Fómhair, d'éirigh Keith Morrissey as a phost mar Bhainisteoir PACS agus ceapadh é chun Tionscadal Náisiúnta NIMIS do FSS. Is í Áine Quinn a bhfuil a phost mar Bhainisteoir PACS d'Ospidéal Naomh Séamas glactha aici anois.

TAP/TR

Rinneadh an tionscadal nua scanadh TAP/TR atá maoinithe ag FSS a chur i gcrích i mí na Nollag 2008. Tá an scanóir suite ar bhunlár Ospidéal 1. Rinneadh mór athchóiriú ar an iar bharda seo agus tá ceamara TMR TAP/TR GE Discovery ann a bhfuil inniúlacht TR 64-sceall aige. Ciallaíonn sé seo, chomh maith le clárú na n-íomhánna TAP agus TR a chlárú go beacht, gur féidir le hothair dul faoi scanadh lán-diagnóiseach TR ag an am céanna. Laghdaíonn na teicnící seo ar fad iomlán na dáileoige radaíochta don othar.

Is faoi stiúir an Dr Ciaran Johnston, Raideolaí Comhairleach, atá an t-aonad TAP/TR. Rinne an Dr Johnston staidéar i leith a Chomhaltachta tríd an scéim Oiliúna Raideolaíochta anseo in Ospidéal Naomh Séamas agus bhí poist aige i mBostún, SAM agus in St Bartholomew's Hospital i Londain, RA. Cuirtear fáilte mhór roimhe ar ais agus tá méadú tagtha cheana féin ar scóip agus ar chastacht na bparaiméadar scanta atá ar fáil. Is í Helen Ryder Uas. an Sainradagrafaí Cliniciúil atá i gceannas ar an bhfoireann radagrafach TAP/TR.

Cuirfear an tseirbhís TAP/TR ar fáil lasmuigh d'Ospidéal Naomh Séamas chomh maith, sna hospidéal FSS. Tabharfaidh sé seo, an t-aon TAP/TR atá maoinithe go poiblí, leas iontach cliniciúil d'othair ar fud na hÉireann a bhfuil ailse orthu.

Raideolaíocht Musculo-Skeletal

In 2008 ceapadh raideolaí speisialaithe matánchnámharlaigh. Fairsingíodh an tseirbhís níos mó le gnáthaimh raideolaíochta matánchnámharlaigh diagnóiseacha agus teiripeacha, lena n-áirítear íomháu speisialaithe athshondais mhaighnéadaigh, bithóipsí agus instealladh faoi threorú TR fluarascópach. Tá níos mó dlúth chomhoibríthe leis an tseirbhís um raideolaíocht idirghabhálach, rud a chuir le méadú I líon agus castacht na gcásanna vertebroplasty.

Raideolaíocht Idirghabhálach

Tháinig fairsingiú breise i seirbhísí um Raideolaíocht Idirghabhálach in 2008. I gcomparáid leis an mbliain roimhe cóireáladh 10% níos mó othar i raideolaíocht idirghabhálach agus seirbhísí á gcur ar fáil, ní hamháin d'othair laistigh den dobharcheantar, ach fosta d'othair ar fud na hÉireann arna gcur ar aghaidh le cúram treasach Raideolaíochta Idirghabhálacha. D'éirigh go maith le fairsingiú sa tSeirbhís um Thrombalú Géarstróc Inartaireach i gcomhar leis an Dr Harbison agus an Dr Doherty thug leasa na n-othar le tuiscint go soiléir gur dóchúil go mbeidh éileamh agus fairsingiú náisiúnta den tseirbhís seo amach anseo. Léiríodh rath leantach na seirbhíse sna teiripí siada mion ionracha, ar nós siada ae eambólachta cáithnín eambólacha a ionlann drugaí, a raibh baint ag an Dr Ryan, an Dr Guiney agus an

Dr McEniff lena luath-thrialacha cliniciúla. Tháinig méadú freisin le linn 2008 ar líon na siadanna a gcóireáladh othair ina n-aghaidh trí eisídiúchán radaimhnicíochta, agus rinneadh cóireáil in aghaidh ailse scamhóg phríomhúil trí eisídiúchán radaimhnicíochta don chéad uair in Ospidéal Naomh Séamas le linn 2008.

Fairsingiú Seirbhísí Mamagrafaíochta/Ultrafhuaimé Cíoch/Bithóipse

Cuireann Raideolaíocht Cíche seirbhís ardchaighdeán ar fáil fós d'othair Ospidéal Naomh Séamas agus tá ról lárnach aici san fhoireann um Chúram Cíche Ildisciplíneach. In 2008 tháinig méadú gníomhaíochta i ngach cuid den raideolaíocht cíche.

Chun loit cíche a dhiagnóisiú, chun a bhforbairt nádúrtha a aicmiú agus chun iad a aimsiú roimh obráid, teastaíonn a lán modhanna raideolaíochta, lena n-áirítear mamagrafaíocht, ultrafhuaim speisialaithe cíche, ÍAM, leigheas núicléach agus TR. Tháinig méadú sna modhanna seo ar fad in 2008 (féach tábla), rud a léiríonn an méadú gníomhaíochta sa Chlinic Cíche. Anuas air sin, agus bithóipse chroileacáin faoi threoir íomhá á úsáid anois mar chaighdeán réamhobraíde, méadaíodh úsáid an ghnáthaimh seo faoi thrí in 2008 i gcomparáid le figiúirí 2007.

Ba iad seirbhísí do shiomptóim cíche ar fud na tíre na chéad sheirbhísí a cuireadh faoi iniúchadh ag an UFCS le linn 2008. Fuarthas gur chomhlíon an tseirbhís raideolaíochta cíche in Ospidéal Naomh Séamas caighdeán ghlactha idirnáisiúnta.

Tá méadú ag teacht ar an ról atá ag raideolaíocht cíche in aschur acadúil na Seirbhíse Cíche, agus ag an gcruinniú cáiliúil San Antonio i mí na Nollag cuireadh taighde i láthair ar bhithóipse nód ascailleach faoi threoir ultrafhuaimé.

Scanóir Thaighde ÍAM

Osclaíodh doirse an Ionaid Ard-Íomháithe Mhíochaine (IAÍM) an 1 Deireadh Fómhair 2008. Tá scanóir speisialaithe ÍAM san ionad seo, ionad a chosain €4M agus atá maoinithe go hiomlán ag an mBord Taighde Sláinte (BTS). Is é an chéad ionad íomháu taighde lán aimseartha dá leithead in Éirinn. Ar dtús, díreoidh an taighde ar bhainistiú galar cardashoithíoch, ailse agus neamhord néareolaíoch trí dhiagnóisí fheabhsaithe. Feidhmíonn an scanóir ar ard dhéine mhaighnéadach (3T, 200% de dhéine ghnáthscanóirí diagnóiseacha), rud a thugann caoi dó íomháu is sonraí agus diagnóis is fearr a dhéanamh. I measc an lucht foirne tá an Dr Meaney, an stiúrthóir cliniciúil, an Dr Gerard Boyle, Stiúrthóir Eolaíochta, an Dr Andrew Fagan, Fisicí i gceannas agus Aiz Tacaks, Radagrafaí Sinsearach.



CLAONTA SEIRBHÍSE

Anailís Ghníomhaíocht Chomhchiallach de réir Módúlachta

Módúlacht Íomháithe	2007	2008	Difríocht
Raideolaíocht Ghinearálta	107,632	109,229	8%
Aghaidhe Maxillo	5,724	4,766	-20%
G.I.	1,474	1,614 (incl IVP)	
I.V.P	123		
Mamagrafaíocht	2,926	3,429	15%
Ultrafhuaim	11,373	13,094	13%
C.T.	20,941	22,595	7%
Raideolaíocht Idirghabhálach: Treapeolaíoch	2,560	2,511	-2%
Raideolaíocht Idirghabhálach: Diagnóiseach	447	513	13%
Leigheas Núicléach	3,274	2,770	-18%
M.R.I	4,934	4,952	0%
Angagrafaíocht Corónach	4,415	4,483	2%
Iomlán	165,823	169,956	2%

Stiúrthóireacht ORIAN



An Dr. Jeanne Moriarty
Stiúrthóir Cliniciúil

Cora Keary Uas.,
Bainisteoir Gnó

Fiona Murphy Uas.,
Bainisteoir Altranais

Réamhrá

Is é atá i Stiúrthóireacht ORIAN Seomraí Obráide, Ainéistéise, an tAonad Dianchúraim (ADC), an tAonad Ardspleáchais (AAS), an tSeirbhís Mhíochaine Phéine, Aonad LASER agus Ionsoithíoch agus Soláthairtí Steiriúla, agus soláthraíonn sí ainéistéise, obrádlann, cúram criticiúil, míochaine phéine agus seirbhísí steiriliúcháin don ospidéal.

Forbairtí in 2008

- Bhog an Roinn Ainéistéise, an tAonad Dianchúraim agus an tAonad Míochaine Phéine go dtí áit shaintógtha ar an dara hurlár, ina bhfuil oifigí, seomra TF agus seomra seimineáir chun forbairt an Aonaid Dianchúraim a éascú agus chun freastal ar 23 comhairleach agus oiliúnaí.
- Sa tionscadal ADC, atá faoi stiúir Úna Healy Uas., tá ceithre sheomra eile leithlise ar na súiomhanna ar fhág lucht foirne na n-aonad Ainéistéise, Dianchúraim agus Cúraim Chorónaigh, foirgneamh coimhdeach ar thrí stór ar mhaithe le spás oifige agus stórais le haghaidh Dianchúram, ceardlann nua Leighis agus Bith innealtoireachta agus áiseanna feistis agus scíthe do lucht foirne an ADC agus an ACC. Táthar fós ag fanacht le maoiniú a fháil don 3 leaba breise san ADU in 2007.

- Tá soilse obrádlainne agus boird obrádlainne á n-athsholáthar mar chuid den chlár ath-threalmhaithe obrádlainne trí bliana. Ceannaíodh tuilleadh trealamh ionscópáigh mar aon le córas Sterilox ar mhaithe le hacmhainn is fearr a sholáthar agus éascaíocht thabhairt ar shiúl an chórais Steris i gcomhlíonadh dea-chleachtas i bróisis steiriliúcháin. Cuireadh an pholasaí WHO “Time Out” do mháinliacht sábháilte in Iúil 2008.
- Tionscnaíodh an beartas “Time Out” de chuid an EDS le haghaidh máinliachta sláine i mí Iúil 2008.
- As 21 teicneoir in ASSO, tá Leibhéal 5 an Chúrsa Fetac Skillvec déanta ag 5 acu. Tá beirt tar éis dul ar aghaidh go dtí an cúrsa Leibhéal 6 agus tá an cúrsa Leibhéal 5 tosaithe ag 6 eile
- Fuair an tseirbhís Míochaine Phéine deontas ón bhFondúireacht as an clár Mindfulness a threalmhú
- Thug 232 iarrthóir faoi gcúrsa ALERT, buíochas le Sacha Clifton Uas., CNMII AAS, agus 44 iarrthóir seachtrach
- Chríochnaigh 6 altra an bunchúrsa san altranas Dianchúraim
- Chríochnaigh 6 altra an Diplóma Iarchéime san Altranas Dianchúraim
- Tá 3 altra ag tabhairt faoin Diplóma Iarchéime san Altranas Imobráide
- Tá na cúrsaí seo ar fad á ndéanamh i bpáirtíocht le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- Reáchtáladh an lá staidéir deimhnithe bliantúil Léasair de chuid an Bhoird Altranais (catagóir 1) agus 40 duine ag glacadh páirt ann
- Chríochnaigh beirt altra foirne (as Obrádlann 5) an clár forbartha inniúlachta léasair, modúl 6 seachtaine, faoi stiúir agus maoirseacht Mary Kilmurray Uas., ASC Léasair
- Ghlac 21 as 23 comhairleach sa Roinn Ainéistéise agus Míochaine Dhianchúraim an conradh nua do chomhairligh, rud a éascóidh forbairt leantach na seirbhíse

An Roinn Ainéistéise, Míochaine Péine agus Dianchúraim

Soláthraíonn comhairligh agus foireann leighis faoi oiliúint ORIAN ainéistéis, seirbhísí dianchúraim agus bainistithe péine ar fud an ospidéal. Aithníonn coláistí iarchéime uile na hÉireann mar aon le Dámh Míochaine Dhianchúraim na hAstráile agus na Nua-Shéalainne an Roinn as an oiliúint a thugann sí san ainéistéis, i míochaine dhianchúraim agus míochaine péine. Is é an Dr Peter Vaughan Cathaoirleach na Roinne.

Tá triúr teagascóir Coláiste ainmnithe agus glacann comhaltaí na Roinne páirt ghníomhach sa mhúinteoireacht ar fud an ospidéal.

Obrádlann

Úsáideann gach speisialtacht mháinliachta, míochaine péine, gaistrentreoleaíocht, heipiteolaíocht agus cairdeolaíocht na háiseanna agus na seirbhísí obrádlainne. Soláthraíonn an obrádlann seirbhís ionscópachta le haghaidh gnáthamh roghnach agus éigeandála, agus 2,147 eipeasóid athphróiseála ionscópice aici. Cuireadh isteach 186 gléas inrochtaineachta na bhféitheacha lár d’othair neamh-mháinliachta. In 2008 rinneadh 8,199 gnáthamh san obrádlann, 6,338 ceann roghnach agus 1,861 ceann éigeandála.

Rinneadh 109 gnáthamh in Obrádlann Dónna in 2008. Rinneadh 225 gnáthamh san Obrádlann Ionsoithíoch.


Ceapadh an tUas. Norman Jones mar CNMII sa Roinn Téarnaimh, Florence Osiadi Uas. mar Éascaitheoir Cliniciúil Gníomhach agus Ann Murphy Uas. mar Éascaitheoir Fetac (0.5).

An tAonad Máinliachta Lae

Tugadh leapacha do raideolaíocht idirghabhálach agus máinliacht shoithíoch san Ionad Máinliachta Lae agus tugadh tuilleadh seisiún do Mhíochaine Phéine idirghabhálach.

Rinneadh 5,540 gnáthamh máinliachta san Ionad Máinliachta Lae. Rinneadh 344 gnáthamh deirmeolaíochta i gClinic Mohs.

Gníomhaíocht




ICU agus HDU

Bhí an 15 leaba san ADC go hiomlán oibríochtúil in 2008. Bhí áitíocht leapa ar 98%. Tháinig 699 othar isteach (7.5 AVLOS). Tháinig 616 othar isteach san AAS a bhfuil ceithre leaba ann.


Soláthraíonn an ADC agus an AAS cúram leighis d’othair a bhfuil tinneas criticiúil orthu, a bhfuil riocht orthu ar féidir cóireáil ina aghaidh agus a dteastaíonn tacaíocht orgáin uathu. Mar gheall ar bhrú ar leapacha tá níos mó othar a bhfuil tinneas criticiúil orthu á n aeráil san AAS (67). Mar gheall air seo, rinneadh obráidí roghnacha a dteastaíonn an AAS lena n aghaidh tar éis na hobráide a chur ar ceal. Anuas air sin, cuireadh cóireáil ar 45 othar ADC/AAS i seomra téarnaimh na hobrádlainne.

Cuireadh cóireáil ar othar amháin san ADC leis an NovaLung, gléas cúnata aerála seachtrach, rud a laghdaigh baol an bharatráma ó aeráil mheicniúil i ndianghortú scamhóg. Ceapadh an Dr Jeanne Moriarty mar an chéad Déan ar an gComhdhámh Míochaine Dianchúraim a bunaíodh i mí na Nollag 2008. Is í Mary O’Connell Uas. a ghineann sonraí gníomhaíochta trí CareVue. Tá an córas reatha ar toilleadh iomlán anois agus teastaíonn uasghrádú uaidh chun leapacha breise an ADC agus leapacha uile an AAS (nach bhfuil ar an gcóras faoi láthair) a chur san áireamh.


Sonraí gníomhaíochta do ICU




Speisialtachtaí ICU Specialities cóireálte in 2008




Seabhú Iomlán




Úsáid Leaba % GICU 2008




Am scaoileadh amach othar ó ICU Ean 08 - Ean 09



Aistrithe ó GICU




Idirghabhálacha Altranais taifidte in 2008




Gá le haonrú

Fáth Aonrú	Líon Othar 2008	% iomlán de shealbhú GICU	Laethanta Leaba Sealbhaithe	Líon RIP	% den ghrúpa RIP
MRSA	108	15.5%	1468	28	26%
Cdiff	34	4.8%	813	14	41%
VRE	23	3.2%	383	8	35%
Immunosuppression	33	4.7%	505	17	51.5%
TB	5	0.7%	116	0	0%


GICU: Fáth Aonruithe 2008



GICU Modes of Ventilation 2008




Aeráil agus CRRT in GICU 2008




Míochaine Phéine

Ó bunaíodh Míochaine Phéine Idirghabhálach in Ospidéal Naomh Séamas in 2004 tá méadú tagtha ar atreuithe othar cónaitheach ó 116 in 2004 go 1499 in 2008. Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú breise ar ghníomhaíocht le hathchóiriú na seirbhísí ailse.

Gníomhaíocht Bhlantúil na Seirbhíse Phéine



Gníomhaíocht Sheirbhíse Phéine 2008



Cuireann an tseirbhís saineolas ar fáil sna cóireálacha seo a leanas: riseatóime-ceirbeacsach-tóracasach-lumbach, spreagadh chord an dromaigh, teiripe radaimhnicíochta bíogaí néaróige agus néarfhréimhe, néareisídiúchán trígheimineach, teiripe intéiceach agus bainistiú péine ailse idirghabhálach, chomh maith le teiripe anailgéise faoi stiúir an othair agus eipeadúrach, teiripí péine idirghabhála, clinicí comhairleacha othar seachtrach, clinic aireachais agus clinic oideachais faoi stiúir altráí.

Ceapadh Lynn Robb Uas. chun na Foirne Péine mar ionadaí do Carmel Daly Uas.

Is é an Dr Connail McCrory Ionadaí na hÉireann i gCumann Néarmhodhnúcháin na RA agus na hÉireann, Cumann Idirnáisiúnta Néarmhodhnúcháin.

Aonad Léasair

Is aonad aonair é an tAonad Léasair a bhfuil 2 sheomra cóireála ann atá á rialú ag léasair mar aon le seomra feithimh agus seomra téarnaimh agus 5 meaisín léasair Aicme IV agus cuireann sé cóireáil léasair ar fáil le hainistéisigh ghinearálta nó logánta do 1 Comhairleach Deirmeolaíochta agus 4 Comhairleach Máinliachta Plaistí.


Bainistíonn Altraspeisialtóir Léasair (oifigeach um shlándáil léasair) an tseirbhís agus is é an duine seo príomhoibreoir na meaisíní léasair. Cuireadh 1,385 cóireáil san Aonad in 2008.

Seirbhísí Steiriúla an Ospidéil

Lean Aonad Sheirbhísí Steiriúla an Ospidéil den leas a bhaint as infheistíocht an ospidéil in 2008.

Tá dul chun cinn déanta ag an Roinn ina bainistíocht agus ina freagairt ar theagmhais dhíobhálacha nó ar ghearáin ag éirí as athphróiseáil feistí leighis ionracha ath-inúsáidte. Sa tábla thíos achoimrítear an sé chineál agus chainníocht teagmhas a tuairiscíodh le linn 2008.

Tarlú Riosca Foirmeacha Tuarscáilte de réir Catagóire



Catagóir	Cur Síos	Cainníocht
1.	Foirne Gléasanna athphróiseáilte gan aon phota is cuí do stóráil drugaí, gan ghabhdán, gan chrúscín srl.	8
2.	Foirne Gléasanna athphróiseáilte gan gléas áirithe atá ag teastáil.	29
3.	Foirne Gléasanna athphróiseáilte a bhfuil gléasanna curtha le chéile go mícheart iontu.	37
4.	Foirne Gléasanna athphróiseáilte agus amhras faoi shláine na foirne – tar éis steiriúcháin.	7
5.	Foirne Gléasanna athphróiseáilte a bhfuil feistí iontu nár glanadh nó nár díghalraíodh i gceart.	12
6.	Foirne Gléasanna athphróiseáilte agus gléasanna breise iontu.	5

Cuireadh 98 foirm eachtra príacail isteach mar sin le linn 2008.

Táirgeadh 16,308 foireann ghléasanna máinliachta ath-inúsáidte 16,308.

Aonad Bainistíochta SCOPE



Philomena Flood,
Bainisteoir

Patricia Reilly,
Riarthóir

Gina O'Donohue Uas.,
Bainisteoir Teiripe Urlabhra agus Teanga

Claire Browne Uas.,
Bainisteoir Cothúcháin Chliniciúil

Angela Keane Uas.,
Bainisteoir Oibre Shóisialta

Niamh Merriman Uas.,
Bainisteoir Theiripe Shaothair

Niamh Murphy Uas.,
Bainisteoir Síctearipe

Réamhrá

Cuimsíonn SCOPE Teiripe Urlabhra agus Teanga, Cothúcháin Chliniciúil, Teiripe Shaothair agus Fisiteiripe.

Forbairtí Nua/Tionscnaimh Cháilíochta 2008

- Athbhreithníodh Ráiteas Misin agus Luachanna SCOPE agus dréachtaíodh Plean Straitéise 5 bliana le linn 2008
- Bhain cúig fhoireann Bhainistíochta Feidhmíochta Fhoireannbhunaithe (BFFB) a spriocanna amach arna ndírú ar fheabhas a chur ar cháilíocht sholáthar seirbhíse do chliant agus obair ildisciplíneach a chothú
- Bronnadh deontas ó Fhoras Ospidéal Naomh Séamas ar lucht foirne SCOPE a bhí ag obair leis an bhfoireann ildisciplíneach Dónna le caoi a thabhairt dóibh freastal ar Chomhdháil Bhliantúil Chumann Dónna na Breataine i mí Aibreáin 2008.

Treochtaí Seirbhíse

Roinn an Choathúcháin Chliniciúil

- Tháinig méadú 1.5% ar ghníomhaíocht othar cónaitheach in 2008 i gcomparáid le 2007 agus tháinig méadú 12% ar ghníomhaíocht othar seachtarach
- D'éirigh le tuilleadh tionscnamh chun tinreamh is fearr a bhaint amach i gclínici othar seachtarach laghdú de nach mór 10% a bhaint amach i gcomparáid le 2007

Forbairtí Nua/Tionscnaimh Cháilíochta 2008

- Fuarthas maoiniú ó SKILL chun treoirthionscadal 12-mhí a mheasfaidh luach ról an chúntóra dhiaitéitigh in ospidéal ghéarmhíochaine na hÉireann
- Cuireadh comhghrúpa oibre ar bun idir Cothúcháin Cliniciúil agus Teiripe Urlabhra & Teanga chun cumarsáid idir roinneach agus ranna a fheabhsú agus chun comhthionscnaimh a chur i ngníomh
- Ceannaíodh samhlacha bia tríd an bhFondúireacht mar áiseanna amhairc múinteoireachta a chuireann le hoideachas othair. Rinne lucht foirne cothúcháin chliniciúil i rannóg na cairdeolaíochta athbhreithniú agus uasghrádú ar sheisiúin oideachais dhiaitéitice arna gcur ar fáil in athshlánú cairdiach
- Tá an roinn ag obair le comhghleacaithe sa phobal chun othair a roghnú atá cuí le tabhairt faoi athbhreithniú diaitéitice i gcúram príomhúil
- Agus úsáid á baint as na scileanna a forbraíodh trí oiliúint athraithe iompraíochta, cuireadh tús le 'hidirghabháil achomair' le hothair san Aonad Measúnaithe Pian Cliabhraigh agus, mar thoradh air seo, tháinig méadú 12.8% ar fhreastal ar na clinicí seo um chothúcháin cliniciúil d'othair
- Críochnaíodh suirbhé um shásamh othar seachtrach cothúcháin chliniciúil; thug 91% de fhreagróirí "go hanmaith" nó "go maith" mar rátáil sheirbhíse iomláine
- Leantar de thriail a iniúchann sábháilteacht agus éifeachtúlacht fhorlín chothaithí bhéil; tá an triail críochnaithe ag 38 othar go dtí seo. Táthar ag súil leis na torthaí in 2009
- Leantar d'anailís don staidéar BTS ar mhurtall, siondróm meitibileach agus ailse. Tá tuarascáil ar mhurtall agus baol ailse cíche tar éis an tsosa mhíostraithe le in The Breast
- Bronnadh PhD ar Aoife Ryan Uas. as a cuid taighde ar ailse uachtarach ghastraistéigeach

Roinn na hOibre Sóisialta Leighis

Forbairtí Nua/Tionscnaimh Cháilíochta 2008

- Mhéadaigh obair shóisialta leighis 'scaoiltí slána agus tráthúla' le haghaidh scaoiltí casta trí mhonatóireacht a dhéanamh ar chásanna ar bhonn indibhidiúil agus ar bhonn roinne agus trí acmhainní a chaibidliú ar bhonn measúnaithe riachtanas leis an Leas-Phríomhfheidhmeannach (LPP) agus le Bainisteoirí Sláinte Áitiúil
- D'éascaigh oibríthe sóisialta 1485 cruinniú teaghlaigh a sholáthair láthair aon ionaid d'othair/teaghlaigh agus foirne ildisciplíneacha chun cinntí tráthúla a dhéanamh maidir le scaoiltí casta. Eagraíodh 140 pacáiste cúraim bhaile agus cabhraíodh le 212 othar/teaghlach le hiad a aistriú go dtí cúram tí altranais
- Chuir an fhoireann feabhas ar inniúlacht 'chomhairliúcháin' oibre sóisialta ospidéal ar aon dul le caighdeán ón Institute for Clinical Excellence (NICE) agus tuarascáil Chiste an Rí
- Cuireadh ceistneoir maidir le sásamh othair i gcrích. Sna torthaí bhí sásamh 93% le seirbhísí oibre sóisialta
- Cuireadh tús le clár 'Look Good Feel Better' d'othair oinceolaíochta, maoinithe ag Cumann Ailse na hÉireann. Pléann an clár seo le ceisteanna fisiciúla agus mothúcháin agus cuireann sé tacaíocht ghrúpa ar fáil
- Rinneadh clár 'Mindfulness-Based Stress Reduction' (MBSR) d'othair athshlánaithe chairdiach agus is cuid lárnach anois é den chlár athshlánaithe
- Cuireadh socrúcháin ar fáil do 10 mac léinn agus éascaíodh socrúcháin 'oiriúnaithe' do neamhnáisiúnaigh atá ag iarraidh creidiúnaithe. Le méadú ar líon na n-oibríthe sóisialta as cultúir éagsúla, tá líofacht anois ag an roinn i dteangacha an Bhéarla, na Gaeilge, na Fraincise agus na Polainnise
- Chuir comhairligh agus oibríthe sóisialta GUIDE treoirsheirbhís chomhairliúcháin shíctearipe d'othair a dteastaíonn obair dhomhain theiripeach uathu
- Chuir Oibreoirí Sóisialta Liachta léachtaí ar fáil do chúrsaí altranais iarchéime, mic léinn liachta agus don chlár scileanna FETAC

Roinne Teiripe Shaothair

Treochtaí Seirbhíse

Tháinig méadú 4.4% ar líon na dteagmhálacha othar seachtrach Teiripe Shaothair in 2008 agus méadú 7.5% ar líon na dteagmhálacha othar cónaitheach

Forbairtí Nua/Tionscnaimh Cháilíochta 2008

- Ag obair le comhghleacaithe Teiripe Shaothair Phobail i gceantair OSA 3, 4 & 5, éascaíodh d'othair ar theastaigh trealamh cumasúcháin uathu lena scaoileadh gan moill ar bith
- Anuas air sin tá Teiripeoirí Saothair in Ospidéal Naomh Séamas agus OSA 3 i mbun seirbhís a fhorbairt i measc an phobail d'othair a dteastaíonn cruinniú leantach uathu le haghaidh chleithíneachta neamhchasta i ndiaidh a scaoilte
- D'éirigh leis an roinn feistí saincheaptha a chlárú le Bord Leigheasra na hÉireann in 2008
- Seoladh Leabhrán Falls Education in 2008 i gcomhar lenár gcomhghleacaithe fisiteiripe agus míochaine do dhaoine aosta. Tá an leabhrán ar fáil anois do gach othar ar fud an ospidéil & an phobail
- Rinne an tseirbhís Dónna agus Phlaistíci tiomsú airgid do theiripe shaothair chun éascú do thríú clinic bunaithe ar theiripe. Ina theannta sin mhéadaigh an post seo am teiripe arna sholáthar d'othair chónaitheacha a bhfuil dónna orthu le 28% agus tháinig méadú 25.4% ar an am arna sholáthar d'othair athshlánaithe a bhfuil dónna orthu
- Rinneadh prótacail nua ildisciplíneacha mhóiblithe sa mháinliacht phlaisteach a chur i láthair ag seimineár múinteoireachta i mí na Samhna 2008. In 2008 críochnaíodh iniúchadh cáilíochtúil ar an gclár maoirseachta gairmiúla teiripe shaothair

Chuir Fondúireacht Ospidéal Naomh Séamas maoiniú ar fáil do na tionscnaimh seo a leanas:

- Polatollán le haghaidh gharraíodóireachta lasmuigh d'othair i Seirbhísí Míochaine do Dhaoine Aosta le caoi a thabhairt dóibh taitneamh a bhaint as eispéireas céadfach na garraíodóireachta
- Turais lae d'othair chúraim shínte in Ospidéal 4 (Home from Home) in 2008. Chuaigh na cónaitheoirí ar thurais go dtí Stóras Guinness, Dún Uí Choleáin, Geamaireacht na Nollag agus ar an Dublinia Viking Tour

Roinn na Fisiteiripe

Treochtaí Seirbhíse

In 2008 tháinig méadú 7% ar ghníomhaíocht othar mar gheall ar iarrachtaí leantacha na foirne ar fad chun feabhas a chur ar phróisis agus éifeachtúlacht a mhéadú. Chuir an roinn fisiteiripe 100,776 cóireáil ar 6590 othar cónaitheach agus ar 5090 othar seachtrach.

Forbairtí Nua/Tionscnaimh Cháilíochta

- Bronnadh ceann de na deontais ardghradaim ánrachta BTS Teiripe ar Julie Walsh, Teagascóir Cliniciúil. Is é is teideal a tionscnaimh thaighde Novel Methods of Measuring Physical Activity in Patients with Cancer and the Role of Exercise Interventions. Seolfar an taighde seo i gcomhar le Scoil na Fisiteiripe agus le Stiúrthóireacht HOPE
- Cuireadh tús le soláthar measúnaithe fisiteiripe agus bainistíocht ríochtaí ortaipéideacha i gclinic bristeacha na n-othar seachtrach. Tugadh é seo isteach i gclinic an Uas. Hanif agus d'éirigh go han-mhaith leis
- Fairsingíodh seirbhís hidriteiripe othar seachtrach i nDroichead na hInse chun othair mhatánchnámharlaigh agus othair sheachtracha néareolaíochta a chur san áireamh
- In 2008 cuireadh tús le seirbhís othar seachtrach fisiteiripe matánchnámharlaigh ailse chinn agus mhuiníl agus ailse chíche agus d'éirigh go han-mhaith léi
- Ar na forbairtí seirbhíse MedEl tá clár siúil Slí na Sláinte d'othair fhadtéarmacha in Ospidéal 4. Forbraíodh clár traenála nirt d'othair in Ospidéal 2. Le solúbthacht is fearr na foirne ó thaobh uaireanta oibre de tá méadú tagtha ar an am cóireála cliniciúla a thugtar d'othair
- In 2008 tugadh faoi dhá thionscadal bainistithe athraithe Comhpháirtíochta faoi dhá fhoireann a raibh foireann sinsir iontu. Is é is aidhm leis an gcéad thionscadal riachtanais fhoghlama ghrád foirne ar glaoch a aithint agus tionscnaíonn an dara thionscadal cumarsáid fheabhsaithe agus ionadaíocht fheabhsaithe idir speisialtóirí. The department was awarded a number of bursaries to attend courses and to improve patient care from the St. James's Hospital Foundation
- Bronnadh sparánachtaí ar an roinn chun freastal ar chúrsaí agus chun feabhas a chur ar chúram othair ó Fhondúireacht Ospidéal Naomh Séamas

Roinne Teiripe Urlabhra agus Teanga

Treochtaí Seirbhíse

Níor tháinig athrú ar ráta atreoirithe othar cónaitheach ná ar ghníomhaíocht sa roinn. Tháinig méadú 9% ar atreoirithe othar seachtrach agus tháinig méadú 3.5% ar ghníomhaíocht.

Forbairtí Nua/Tionscnaimh Cháilíochta in 2008

- Líonadh post na teagascóra chleachtaidh, post a bhí folamh ar feadh bliana; cuireadh fáilte roimh an bhforbairt seo
- Cuireadh ‘Clár Scagthástála Phobail’ i bhfeidhm d’othair chúraim fhadtéarmacha
- D’éirigh le huainíocht bhunúsach ghráid le linn 2008
- Laghdaíodh liostaí feithimh agus bhí soláthar feabhsaithe seirbhíse i ngach réimse speisialtóra mar thoradh ar athchóiriú sheirbhísí na n-othar seachtrach chun éifeachta
- In 2008 d’éirigh le cur i gcrích treoirlár barda-bhunaithe comhoibríthigh oideachais arna chomhordú ag teiripeoirí urlabhra agus teanga agus altraí taca cliniciúla in dhá bharda ar bheathú, ithe, ól agus slogadh d’othair a bhfuil díosfaige orthu. Tá pleananna i bhfeidhm chun é seo a sholáthar i mbardaí eile in 2009
- Clár Rochtain ar na hEalaíona d’othair a bhfuil Afáise ainsealach orthu

Oideachas SCOPe/Forbairt Ghairmiúil

Leanúnach agus Gníomhaíochtaí Taighde SCOPe

- Chríochnaigh Riarthóir SCOPe Diplóma OÉ 2 bhliain i mBainistíocht Cúram Sláinte tríd an bhForas Riaracháin
- Ghlac bainistíocht agus teiripeoirí sinsir SCOPe páirt in Introduction to Lean Thinking
- D’fhreastail teiripeoirí sinsir ar Chlár Bainistíochta LEO le linn 2008

Cothúchán Cliniciúil

- Oileadh seachtar mac léinn Baitisiléir Eolaíochta (Onór.) sa Chothúchán Daonna agus Diatéitic in 2008. Chabhraigh Roinn an Chothúcháin Chliniciúil leis an gcéad ‘tréimhse oiriúnaithe’ de chuid na hÉireann le haghaidh dhiaitéitigh iasachta agus rinne an roinn maoirseacht ar mhac léinn as an Ísiltír a bhí i mbun socrúcháin thaighde ar feadh 12 de sheachtainí
- Fuair triúr den lucht foirne oiliúint sa mhaoirseacht chliniciúil neamhbhainistiúil agus fuair seisear eile den lucht foirne oiliúint leantach freisin
- Lean comhaltaí foirne an Chothúcháin Chliniciúil den pháirt a ghlacadh in oideachas na foirne agus na n-othar laistigh d’Ospidéal Naomh Séamas agus lasmuigh de. Cuireadh grúpa oibre ar bun sa roinn chun seisiúin oideachais a chomhordú arna réachtáil ag comhaltaí foirne cothúcháin chliniciúil

Obair Shóisialta Mhíochaine

- Ar an oiliúint fhoirne bhí Féinmharú a Chosc, Mí úsáid Dhaoine aosta, Laghdú Struis Aireachais agus Cúram Ailse
- Chuir an fhoireann 5 phóstaer i láthair ag comhdháil náisiúnta Chumann Oibríthe Sóisialta na hÉireann agus bhuaigh ceann amháin díobh (Seirbhísí Uatóipse agus Méala) gradam agus cuireadh i láthair é arís ag an gcomhdháil idirnáisiúnta ar Mhéala i gCúram Sláinte in Alban
- Chríochnaigh an Dr Úna Kennedy, Sinéad McGarry Uas., Oibrí Sóisialta Sinsir, an Dr Úna Geary agus Rhian Hayes, Oibrí Sóisialta Foghlama staidéar ar athbhreithniú comparáideach ar sheirbhísí Oibre Shóisialta Mhíochaine i Rannóga Éigeandála in Éirinn
- Ghlac ceathrar oibrí sóisialta míochaine páirt i gcomhdhála idirnáisiúnta: Comhdháil Dhónna na Breataine; Meala i gCúram Sláinte, Albain; Comhdháil Domhanda Haemaifilia 2008, an Tuirc; Comhdháil Chuibhreannais Haemaifilia na hEorpa, Baile Átha Cliath; Comhdháil Idirnáisiúnta DEBRA, an Bheilg
- Breisoideachas: Thug OSM amháin faoi chúrsa Diplóma Comhairleoireachta in DCC; chríochnaigh OSM amháin cúrsa 2 mhí in DCC, maoinithe ag Cumann Ailse na hÉireann; chuir Comhalta Cléireach Grád IV tús le Teastas 2 bhliain i mBainistíocht Chéadlíne



Teiripe Shaothair

- Chríochnaigh CTS amháin Cúrsa Scileanna Cúntóra Chúraim Shláinte de chuid FETAC
- Chríochnaigh cúigear teiripeoir clár oiliúna néarfhorbartha Bobath

Ghlac teiripeoirí saothair páirt sna himeachtaí seo a leanas:-

- Comhdhail bhliantúil Chumann Teiripeoirí Saothair na hÉireann i mí Aibreáin 2008 – ar na hábhair a cuireadh i láthair bhí Teiripe Spreagtha Cognáíoch agus Maoirseacht Ghairmiúil
- Comhdhail Athshlánaithe Néareolaíochta in Southampton – ábhar a cuireadh i láthair: “A study to explore the impact of caring for a person with a stroke on the primary carer” ag an gcur i láthair Teiripe Plaistící agus Dónna a cuireadh i láthair ag Comhdhail Bhliantúil Mháinliacht Láimhe, 2008

Fisiteiripe

- Tá gradam FETAC leibhéal 5 críochnaithe ag triúr cúntóir fisiteiripe
- Tá cláir Mháistreachta ar bun ag comhaltaí foirne. Ar na hábhair atá ar bun ag mic léinn tá traenáil mhatáin ionanáilaithe (TMI) in othair mháinliachta thóracsaí, othair TMI agus GSTA, leibhéil ghníomhaíochta in othair tar

éis bhristeacha cromáin, cleachtadh coirp agus GAI. Tá fisiteiripeoirí i mbun cúrsaí iarchéime a dhéanamh i gCórais Bharainneacha agus Ardchaighdeán i gCúram Sláinte mar ón le máistreachtaí cliniciúla

Teiripe Urlabhra agus Teanga

- Bhí an fhoireann bainteach le reáchtáil laethanta traenála do chomhaltaí foirne san ospidéal agus lasmuigh den ospidéal, lena n-áirítear lá traenála Afáise, Cumarsáid a dhéanamh go Muiníneach do chomhaltaí foirne SCOPe ag obair le hothair a bhfuil deacrachtaí cumarsáide acu agus cúrsa Slánaithe Mháinliachta Ghlóir a reáchtálann comhaltaí sinsir i speisialtacht na hailse cinn agus muiníl
- Ceapadh duine de theiripeoirí sinsir na roinne mar leaschathaoirleach an chomhlachta ghairmiúla (Cumann na hÉireann um Theiripeoirí Urlabhra agus Teanga)



Veronica Treacy Uas.

Stiúrthóir Seirbhísí Cógaisíochta

An tUas. Shaun Flanagan/Gail Melanophy Uas.

Sandra Conaty Uas.,

Bainisteoir Gnó

Réamhrá

Is í an Roinn Cógaisíochta a cheannaíonn, a fhodháileann agus a dháileann táirgí cógaisíochta agus parachógaisíochta san Ospidéal. Cuirtear seirbhís chógaisíochta chliniciúla ar fáil do gach barda agus d'áiteanna áirithe speisialtóra chun úsáid shlán, éifeachtach agus bhairinneach na dtáirgí seo a chinntiú.

Ar na seirbhísí eile tá seirbhís chumaisc aiseiptigh, faisnéis leigheasanna, dáiliúchán othar seachtrach go dtí Ospidéal 5 agus oideachas agus oiliúint d'othair agus comhaltaí foirne cliniúla aron. Ba í an Roinn Chógaisíochta a sholáthair gach seirbhís cógaisíochta d'Ospidéal Naomh Lúcas agus Ospis Mhuire. Bhí méadú gníomhaíochta i ngach réimse le linn 2008.

Forbairtí in 2008

- Ceapachán Veronica Treacy Uas. mar Stiúrthóir buan Cógaisíochta agus ceapachán Gail Melanophy Uas. mar Phríomh Chógaiseoir 1
- Cur i gcrích limistéir nua stórála agus sheachadta ar dhá stór do tháirgí cógaisíochta, rud a mhéadaigh an t achar urláir iomlán aon trian. Chuir an timpeallacht theochtrialaithe seo feabhas ar shlabhra soláthair bhainistíocht na cógaisíochta in Ospidéal Naomh Séamas

- Fairsingiú na seirbhíse cógaisíochta go dtí clinic eitinne; méadú ar sheisiúin na n othar seachtrach, comhairliú agus soláthar othar cónaitheach, cuairteanna barda comhairligh, oideachas othair agus comhairle chliniciúil ar ghairmithe sláinte
- Clárúchán Roinn Cógaisíochta Ospidéal Naomh Séamas le Cumann Cógaiseoirí na hÉireann faoin Acht Cógaisíochta 2007
- Ceapachán cógaiseora bhuaín fhrithmhiocróbaigh
- Bunú limistéir shainithe, shláin, aeiroiúnaithe mar shaoráid thrialach cliniciúla le haghaidh taighde, i gcomhlíonadh Dhea-Chleachtais Thrialach Cliniciúla


Seirbhísí Íoclainne agus Leithdháilte

Lean an Íoclann ar aghaidh le seirbhís bhreisithe a sholáthar don Ospidéal in 2008. Méadaíodh caiteachas drugaí an Ospidéil go suntasach in 2008 agus méadú de 3% ar an méid dáiliúcháin.

Le linn 2008 chuir an Chógaslann córas ordaithe ar líne i bhfeidhm don fhoireann altranais chun leigheasanna othair nua a ordú ar maidin ar an Satharn agus ar an Domhnach, nascaithe le huairteanna oscailte dualgais éigeandála. Leis an gcóras tháinig feabhas mór ar an sreabhadh oibre san íoclann. Laghdaíodh an fad ama arna chaitheamh ag an bhfoireann altranais ar theagmháil a dhéanamh leis an gcógaslann le linne uaireanta oscailte éigeandála.

Ach ó 2001 i leith tá méadú de 60% tagtha ar dháiliúchán deireadh seachtaine sa tSeirbhís Chógaslainne Dhualgais Éigeandála – a chuirtear ar fáil chun leigheasanna práinneacha nó faisnéis phráinneach a sholáthar do chomhaltaí foirne ag an ospidéal seo lasmuigh de na huairteanna oscailte. Cruthaíonn sé seo dúshláin shuntasacha d’fhoireann na Cógaslainne. In 2008, ba é seo 5% den ghníomhaíocht iomlán as 391,862 idirbheart.

Líon na n-iditbheart ag an deireadh seachtaine



Seirbhísí Aiseipteacha/Cumaisc

Déantúsaíonn an tAonad Cumaisc Aiseiptigh in Ospidéal 7 réimse leathan táirgí cíteatocsaineacha agus táirgí steiriúla eile d’othair cónaitheacha agus othair sheachtracha araon. Léiríonn an graf thíos figiúirí táirgíochta an ACA, bliain i ndiaidh bliana, don 5 bliana deireanacha.

Figiúirí Táirgíochta an Aonaid Chumaisc Aiseiptigh



In 2008 cuireadh grúpa oibre dialta phróisis ar bun. Is é is aidhm leis an ngrúpa oibre gach botún (nó neastimpiste) a tharla sa phróiseas déantúsaíochta a athbhreithniú agus a thaifead go rialta agus caithfidh sé a bheith eolach ar na bearta is gá a dhéanamh chun baol na mbotún a laghdú. Dhírigh an grúpa oibre ar réimsí tábhachtacha sa phróiseas déantúsaíochta agus d’éirigh go maith leis seo; tháinig laghdú ar rátaí botún le linn na tréimhse 12 mhí.

In 2008 cuireadh grúpa oibre rialaithe cáilíochta (RC) ar bun chun na torthaí RC a athbhreithniú, chun treochtaí a aithint agus chun éifeacht aon bheart a rinneadh ar na torthaí RC a rochtain.

Chuir an dá thionscnamh seo le forbairt an Chórais Rialaithe Cáilíochta san ACA.

Seirbhísí Cógaslainne Cliniciúla 2008

Tá páirtíocht Chógaslainne sna bardaí dírithe ar úsáid shlán, éifeachtach, bharrainneach drugaí a chur chun cinn Ar na seirbhísí seo:

- Páirtíocht i gcuariteanna barda faoi stiúir chomhairligh i réimsí áirithe speisialtóra
- Cuairteanna laethúla a thabhairt ar othair le cinntiú go n athbhreithnítear soláthar agus oideas drugaí
- Athbhreithniú Staire Mhíochaine ar iontráil. Forbairt leantach ar fhoirm chaighdeánaithe do chógaiseoirí cliniciúla a dhéanann stair mhíochaine othair a thaifeadadh. D’fhormhuinigh Tuairisc Madden é seo le déanaí. ‘Building a Culture of Patient Safety’, inar moladh gur chóir go mbeadh athbhreithniú staire mhíochaine ina ‘phróiseas foirmiúil, caighdeánaithe atá ionsuite sa chóras cúraim’ ionas go n éireoidh leis.

- Oideachas a chur ar othair chónaitheacha (agus ar othair sheachtracha más cuí) faoin míochaine roimh scaoileadh. In 2008 tháinig ann do leabhrán athbhreithnithe warfarin agus cárta práinne d'othair. Forbraíodh é seo i gcomhar le Cothúchán Cliniciúil agus Clinic Warfarin ONS. Ó 2008 i leith, coinnítear loga ar an Taifead Leictreonach Othair (TLO) d'oideachas othair cógaiseora ar warfarin
- Cártaí taifid mhíochaine agus bileoga eolais d'othair a sholáthar chun réimeanna casta cógas a chomhlíonadh ar shlí is fearr. Teagmháil a dhéanamh le Cógaiseoirí Pobail le cinntiú nach n-éiríonn aon fhadhb sholáthair ar scaoileadh
- Teagmháil a dhéanamh le speisialtóirí ó na foirne leighis agus altranais chun athbhreithniú a dhéanamh ar threoirlínte oidis don Ospidéal. I mí na Samhna 2008 rinneadh athbhreithniú inléiteachta oidis agus cuireadh tuairisc na dtorthaí faoi bhráid an Choiste Chógaslainne agus Threapeolaíochta.
- Páirtíocht leantach i dtrialacha cliniciúla sa stiúrtóireacht MedEI
- Rinneadh athbhreithniú iomlán ar na treoirlínte maidir le leithdháileadh cógas in 2008; eiseofar fillteáin nua i dtús na bliana 2009
- Cuireadh tús le forbairt an Prescribers Guide 2009 freisin

SEIRBHÍSÍ GUIDE

Cógaslann shatailíte ar an láthair is ea an Chógaslann GUIDe atá freagrach as soláthar cógaisíochta agus seirbhís chógaslainne cliniciúla a chur ar fáil do gach othar cónaitheach agus seachtrach a bhfuil VEID orthu. Tá cosúlachtaí idir seo agus an tseirbhís atá leagtha amach sna seirbhísí cógaslainne cliniciúla. Coinnítear taifid chógaslainne freisin do gach othar; taifeadtar réimeanna áirithe cógas, ceistanna comhlíonta, patrúin diúltaithe drugaí agus fó iarsmaí leigheasanna. Cuireann an tsaoráid ar an láthair le comhairle oidis agus seirbhís eolas míochaine a sholáthar.

Bhí fás leantach ag an gCógaslann GUIDe i líon na n-othar a fuair cógaisí fhrith aiséreasacha agus cógaisí eile gaolmhar le VEID, sna clinici VEID agus Co Infhabhtuithe VEID agus i líon na n-othar a fhaigheann leigheasanna eitinne sa chlinic seachtainiúil um ghlaire ionfhabhtaíochta. Maolaíonn ceapachán sealadach tacaíochta do theicneoirí cógaisíochta an t-ualach oibre breise atá ann leis an bhfairsingiú seirbhís.

MSc i gCógaisíocht Ospidéil

Cúrsa ar bhonn cleachtaidh is ea an MSc i gCógaisíocht Ospidéil a reáchtálar gach re bliain agus gabhann tionscadal taighde leis. Ceapadh é chun úsáid éifeachtach a bhaint as eolas agus scileanna cógaiseoirí ospidéil agus cur ar a gcumas páirt thábhachtach a ghlacadh i gcúram othair i ngach réimse de bhainistíocht leigheasanna. Tá measúnú ar bhonn inniúlachta creidiúnaithe go hidirnáisiúnta ceangailte leis an MSc Is i Scoil na Cógaisíochta agus na nEolaíochtaí Cógaisíochta, CTBÁC, a chuireann an cúrsa ar fáil i gcomhar le roinnt ospidéal oiliúna agus comhordaítear é ó Ospidéal Naomh Séamas. D'éirigh le 10 mac léinn an chéad bhliain den chláir 2 bhliain a chríochnú.

Gníomhaíochtaí Oideachais agus Taighde

Tá an Roinn bainteach le múinteoireacht leantach do mhic léinn cógaisíochta, altranais agus leighis ar leibhéal bunchéime agus ar leibhéal iarchéime.

Iarchéimithe rathúla in 2008:

- MSc Cógaisíocht Chliniciúil COC - Sinéad Kelly agus Emer Fogarty

Ionad d'Ard Teiripeacha Cliniciúla (IATC)

An Dr Mary Teeling

Stiúrthóir

An tOllamh John Feely

Stiúrthóir Liachta

Cuireann an tIonad cúrsaí oideachais forbartha leantáil gairmiúla (FLG) ar fáil le cur ar chumas gairmithe in earnáil an chúraim shláinte agus i seirbhísí gaolmhara a bheith ar an eolas faoi dhul chun cinn i réimse na cógaisíochta.

Le linn 2008 reáchtáladh roinnt cúrsaí gearra, lena n-áirítear modhanna taighde chliniciúil, faireachas cógas/sábháilteacht drugaí agus "Bunchúrsa san Ullmhúchán Aiseipteach" (i gcomhar le foireann an aonaid chumaisc sa roinnt cógaisíochta). Reáchtáil an tIonad gearrchúrsa i gcógaseacnamaíocht i gcomhar leis an Ionad Náisiúnta don Chógaseacnamaíocht agus saineolaithe ó Ollscoil York. Lean an tIonad ar aghaidh ag obair le Coláiste Rioga na Lianna in Éirinn agus ag eagrú bunchúrsaí agus ardchúrsaí staitisticí do Chláraitheoirí Speisialtachta.

Le linn 2008, lean an tAonad den chomhoibriú le Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath (an Diplóma Iarchéime/MSc sa Mhíochaine Chógaisíochta a reáchtáil) agus le Scoil na Cógaisíochta, Coláiste na hOllscoile Corcaigh i reáchtáil an MSc sa Chógaisíocht Chliniciúil (cúrsa cianfhoghlama).

Ionad Náisiúnta um Eolas Míochaine (INEM)

Claudine Hughes

Príomh-Chógaiseoir II

An Dr Mary Teeling/An Dr Mary Jo MacAvin

Comhairleoirí Leighis

An tOllamh John

Feely Stiúrthóir Liachta

Cuireann an tINEM eolas ar fáil trína sheirbhís fhreagartha fiosruithe ar aon ghné de theiripe drugaí lena n-áirítear tásca agus fritásca do leigheasanna, dáileogacht i gcás galair, idirghníomhaíocht drugaí, drochéifeachtaí agus úsáid drugaí le linn toirchis agus na lacht-tréimhse. Ba ó chúram príomhúil a tháinig os cionn 70% d'fhiosruithe i leith an INEM in 2008 agus eolas maidir le dáiliúcháin/dáileogacht leigheasanna, frithghníomhartha díobhálacha in aghaidh druga agus rogha teiripe ar an eolas ba chomónta a lorgaíodh.

Soláthraíonn an tINEM go réamhghníomhach eolas faoi leigheasanna trína dhá fhoilseachán, nuachtlitir mhíosúil thuisceana reatha "Therapeutics Today" agus bullaitín démhíosúil treapeolaíochta. Ar na n-ábhair a cuimsíodh in 2008 (Iml. 14) bhí Acne vulgaris, Airtríteas Réamatóideach, galar Parkinson agus Idirghníomhaíochtaí Drugaí.

Cuirtear gach foilseachán INEM chuig dochtúirí agus cógaiseoirí ar fud na tíre agus tá siad ar fáil ar www.nmic.ie

Ionad Náisiúnta don Chógaseacnamaíocht (NCPE)

An Dr Michael Barry

Stiúrthóir Cliniciúil

Rinneadh an tIonad Náisiúnta don Chógaseacnamaíocht (NCPE, www.ncpe.ie), atá lonnaithe in Ospidéal Naomh Séamas Bhaile Átha Cliath, a bhunú in Éirinn i 1998, maoinithe ag an Roinn Sláinte agus Leanaí. Cuireann an tIonad saineolas in Éirinn chun cinn ar mhaithe le forás an disciplín chógaseacnamaíochta trí chleachtadh, taighde agus oideachas. Ar na gníomhaíochtaí tá measúnú eacnamaíoch táirgí cógaisíochta agus forbairt ordaithe chost éifeachtúil. Seolann an NCPE taighde, a dhíríonn go príomha ar mheasúnú eacnamaíoch réimsí ard chostais, ar nós teiripe frith TNF don airtríteas réamatóideach. Cabhraíonn an NCPE le curaclam bunchéime na cógaseolaíochta agus le hoiliúint iarchéime.

Tá os cionn 50 measúnú déanta ag an Ionad d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus don Roinn Sláinte agus Leanaí. Ina measc le déanaí bhí: Rivaroxaban (Xarelto™), Dabigatran (Pradaxa™), Ambrisentan (Vollibris™), Meileatoinin (Circadin™), Sapropterin (Kuvan™) and Glucosamine (Dona™).

Rinne an NCPE an Measúnú Teicneolaíochta Sláinte ar an ról atá ag an vacsaín in aghaidh an tsineánomaivíris dhaonna maidir le baol na hailse ceirbheacs a laghdú ar son an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte. Chomhoibrigh an tIonad le déanaí leis an gClárann Náisiúnta Ailse chun measúnú a dhéanamh ar chost éifeachtúlacht mhodhanna scagthástála le haghaidh ailse calaireictí.

Is é an Dr Barry, Stiúrthóir Cliniciúil NCPE uachtarán nuathofa an Chumainn Idirnáisiúnta Chógaseacnamaíochta agus Taighde Torthaí.

Fisic Mhíochaine & Bith Innealtóireacht



An tOll. Neil O'Hare

Ceann Roinne

An Dr Geraldine O'Reilly Leas

Cheann Roinne

Réamhrá


Tá réimse leathan scileanna ag foirne lianna, teicneoirí agus innealtóirí na Roinne Fisice Míochaine agus Bith Innealtóireachta chun seirbhísí a sholáthar d'Ospidéal Naomh Séamas i mbainistíocht trealamh, tacaíocht chliniciúil, bainistíocht tionscadail agus sábháilteacht. Go hoibríochtúil oibríonn an roinn i ngrúpaí a shainfheidhmíonn i dteicneolaíocht íomháithe, cúram criticiúil agus trealamh ginearálta leighis, seirbhísí steiriúla agus córais optacha/ionscópacha. Soláthraíonn an roinn seirbhísí Comhairle Cosanta Radaíochta do chuid mhór institiúidí seachtracha chomh maith.

Forbairtí

- Ceapachán an Chinn Roinne nua, an tOll. Neil O'Hare agus an phríomhtheicneora innealtóireachta chliniciúil, An tUas. John O'Meara
- Oscailt an Ionaid TAP/TR. Bhí baint lárnach ag FMBI i ndearadh agus coimisiú an ionaid nua a críochnaíodh i samhradh 2008. Cruthaíodh post nua do Phríomh-Lia agus rinneadh an ceapachán i Meán Fómhair 2008

- Mórthionscadal athsholáthair trealamh idir Meán Fómhair agus mí na Nollag 2008. Athsholáthraíodh trealamh in áiteanna tábhachtach ar nós ORIAN, mar a gcuireadh infheistíocht shuntasach san ionstraimíocht. Chomh maith le hathsholáthair ionstraimíochta, chabhraigh an infheistíocht le tabhairt faoi roinnt moltaí ón tuarascáil díshalaithe. Ceannaíodh ionstraimíocht in Diaglm freisin, mar a gcuireadh seomra nua x ghathaithe isteach mar aon le córais shoithíochta agus ultrafhuaime ginearálta
- Cruthú 6 phost nua i gcomhar le FSS chun tacú le feidhm sheirbhísí seachtracha na roinne a sholáthraíonn seirbhísí fisice míochaine agus innealtóireachta cliniciúla do ghníomhaireachtaí seachtracha
- Cód cleachtais a chur i gcrích maidir le ‘Dearadh Áiseanna Leighis Diagnóiseacha a úsáideann Radaíocht Ianaithé’ ar son na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch (IECR)
- Lean an roinn dá chóras IT Bainistíochta Trealamh a fhorbairt agus gach rannóg ag úsáid an chórais ar mhaithe le bainistíocht sócmhainní agus logáil glaonna faoi dheireadh 2008. Faoi láthair tacaíonn an roinn do níos mó ná 3,400 sócmhainn ar chostas caipitil os cionn €45M. In 2008, freagraíodh timpeall 4,500 glao maidir le tacaíocht na bunáite sócmhainne seo

Briseadh síos Glaonna de réir chineáil trealamh




- Comhpháirtí sa Chonradh Eorpach chun doiciméad a dhéanamh ar ‘Critéir Inghlacthachta le haghaidh trealamh x ghathaithe’. Teastaíonn na critéir seo chun reachtaíocht reatha de chuid na hEorpa agus de chuid na tíre a chomhlíonadh
- Thug an Coimisiún Eorpach conradh dúinn maidir le ‘Medico Legal Exposures’. Mar chuid thábhachtach den chonradh seo reáchtálar siompóisiam idirnáisiúnta i mBaile Átha Cliath in 2009

- Lean comhaltaí foirne na roinne den bhaint atá acu le cuid mhór coistí agus tionscadail náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tugann an roinn a lán tacaíochta don ghníomhaíocht seo. Ar an ngníomhaíocht seo tá:
 - Comhalta Boird – Institiúid Éireann um Chosaint Raideolaíoch
 - Ceannaire Tionscadail – Córas Íomhaithe Míochaine Comhtháite Náisiúnta (NIMIS) Project (FSS)
 - Cathaoirleach – Tionscnamh na nEolaíochtaí Fisiceacha sa Leigheas
 - Comhalta Coister - Airteagal 31 Gasra Saineolaithe, (AE)
 - Ionadaí Fisice ar an gComhairle Fiaclóireachta

Oideachas/Gníomhaíochtaí Oiliúna

Ó bunaíodh é tá luach mór curtha ag FMBI ar oideachas, oiliúint agus taighde agus measann sé gurb iad na réimsí seo is mó a chuir leis an rath atá bainte amach aige mar Roinn fhorasach eolasbhunaithe.

- An MSc in Eolaíochtaí Fisiceacha sa Leigheas (CTBÁC) a chomhordú agus a chur i bhfeidhm
- An clár Fisice den Chomhaltacht Cuid 1 sa Raideolaíocht (CRME) a chomhordú agus léachtaí a chur ar fáil lena aghaidh
- Rinneadh comhordú air agus cuireadh léachtanna ar fáil do Chosaint Radaíochta, Modúil don Diplóma in Liacht Núicleacha, TCD
- Modúil san Fhísic Míochaine agus Íomháu a chur ar fáil i roinnt institiúidí acadúla lena n áirítear Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath
- D’fhorbair comhaltaí FMBI suíomh gréasáin na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta d’Fhuinneamh Adamhach (GIFA), eolas do ghairmithe sláinte agus othair do speisialtachtaí fiaclóireachta agus raideolaíochta DXA (2007/2008)
- Reáchtáil an Roinn cúrsa lae i gCosaint Raideolaíoch d’Fhiaclóirí. Cuireadh roinnt léachtaí gearra ar chosaint raideolaíoch i láthair do chomhaltaí foirne lasmuigh den roinn raideolaíochta in ospidéal sheachtracha a soláthraímid seirbhísí comhairle cosanta radaíochta dóibh
- D’éascaigh roinnt socrúchán taithí oibre lena n áirítear dhá shocrúchán 6 mhí de mhic léinn 3ú bliain as ITBÁC
- I gcomhar le 2 mhórsholáthraí d’eagraigh FMBI an chéad cheardlann um ionscópacht bhalúin dhúbailte in Éirinn. D’fhreastail pearsanra leighis as gach cearn den tír air seo



Gníomhaíochtaí Taighde

Leanann an roinn ar aghaidh le réimse tionscadal MSc agus PhD a mhaoirsiú agus tacú leo, tionscadail i réimsí mar seo a leanas: Íomháu Diagnóiseach, Cosaint Radaíochta, Forbairt Fheistí, Dáileogmhéadracht Radaíochta UV agus Íomháu Athshondais Mhaighnéadaigh.

E-Medi

Críochnaíodh an tionscadal ríomhfhoghlama íomháithe cíche seo atá maoinithe ag an gCoimisiún Eorpach in 2008. Chuir FMBI agus Íomháu Diagnóiseach saineolas ar fáil ar dhearadh ábhair mhúinteoireachta cliniciúil do chomhpháirtithe an tionscadail. Tá athbheithniú dearfach faighte ag an tionscadal ón ngníomhaireacht mhaoinithe agus táthar ag iarraidh sínte.

EMITEL

Chuir FMBI leis an tionscadal EMITEL atá maoinithe ag Clár Leonardo; tionscadal is ea é chun ciclipéid Fhísice Míochaine a fhorbairt ar líne.

IAÍM

(Ionad Ard Íomháithe Mhíochaine): Osclaíodh an córas ÍAM taighde 3T, atá maoinithe ag an BTS, in 2008 agus chuir FMBI go mór leis seo. Ceapadh fisicí taighde ÍAM lánaimseartha de chuid FMBI don ionad.

Taighde creatha shúile

Bhronn Fondúireacht Eolaíochta Éireann deontas taighde Frontiers ar fiú €128,000 é do ghrúpa taighde FMBI/MIRA chun maoiniú a thabhairt d'fhorbairt theicneolaíochta tomhais chreatha shúile. Chuir an grúpa taighde ar aghaidh maidir le modhanna próiseála comhartha do chreathadh súile agus athruithe cliniciúla i gcreathadh a imscrúdú. Ghlac beirt thaighdeoir ón ngrúpa páirt i gcomhshocrúcán leis an Martinez Conde Vision Laboratory in Arizona.

Taighde Medel/TRIL

Lean clinic taighde TRIL (MIRA) ar aghaidh ag déanamh measúnuithe ar dhaoine is sine le linn 2008 maidir le tosca riosca titime, comhcheangailteacht shóisialta agus feidhmiú cognaíoch. Thug FMBI tacaíocht don phróiseas measúnaithe mar aon le hanailís sonraí i roinnt tionscadal laistigh de TRIL. Chuir FMBI roinnt tionscadal nua trasdisciplíneach i ngníomh ar theicneolaíocht i gcúram daoine aosta i gcomhar leis an bhfoireann chliniciúil. Eascraíonn na tionscadail seo as comhoibriú atá ann le fada le MedEL ar fheidhmeanna na teicneolaíochta. Bhí tionscadail ar fhorbairt mhodh nua measúnaithe chothromaíochta, staidéar ar bhith aifhotha chun feabhas a chur ar choisíocht othar a bhfuil galar Parkinson orthu agus measúnú cluichí ríomhaire in athshlánú stróc. Lean obair iarchéime ar aghaidh chun tuiscint a thabhairt chun cinn maidir le hiompraíocht chórais chardashoithíoch an duine a thit; tá an obair seo ar siúl i gcomhar leis an Aonad Titime agus Sioncóipise.

Seirbhísí Tacaíochta Ginearálta



An tUasal Craig Roberston

Bainisteoir na Seirbhísí
Tacaíochta Ginearálta

Grace Rothwell Uas.

Ceann na Seirbhísí Sláinteachais

An tUas. Paul Byrne

Bainisteoir na Lónadóireachta

An tUas. Alan Buckley

Bainisteoir na Seirbhísí
Slándála agus Comhghuaillithe

An tUas. David Gregory

Bainisteoir na Seirbhísí
Doirseoireachta

An tAth. Brian Gough

Ceann na Séiplíneachta

Réamhrá

Is iad Seirbhísí Tacaíochta Ginearálta an grúpa de sheirbhísí tacaíochta neamhchliniciúla - ina measc, tá lónadóireacht, glantúchán, doirseoireacht, slándáil, séipilíneacht, neachtlann, cumarsáid, agus seirbhísí timpeallachta.

Eochairfhorbhairtí

- D'éirigh le hOspidéal Naomh Séamas rátáil 'Maith' a bhaint amach ón Údarás um Fhaisnéis agus Chailíocht Sláinte. Thaispeáin an rátáil sin feabhas suntasach le hais na bliana 2007 agus méid na rátálacha 'A' a baineadh amach sa bhliain 2008 tugtha san áireamh.
- Atreodh 19% de dhramhail neamhbhaolach ó líonadh talún mar gheall ar fheabhsuithe in athchúrsáil de shruthanna éagsúla dramhaíola.
- Rinneadh beartas nua neachtlainne a fhorbairt a raibh leithscaradh dathchódaithe ann mar chuid den Chlár Feabhsúcháin um Cháilíocht
- Díchoimisiúnaíodh The Rialto Coffee Shop agus athlonnaíodh in áiseanna sealadacha é taobh le The Garden Hill Restaurant ar mhaithe le síneadh H7U6 a éascú.
- Tá an clár athchóirithe do phantracha bardaí ar bun i gcónaí agus tógadh ceithre phantrach eile sa bhliain 2008



An Roinn Teileachumarsáide

Cuireadh an córas Arc in ionad an choráis bhainistíochta ar ghlaochanna ar mhaithe le feabhas ar theileafónaíocht IP (Prótocal Idirlín) laistigh den Ospidéal a leanúint – bíonn teacht ag oibreoirí agus ag bainisteoirí ar níos mó eolais de dheasca Arc.

Seirbhísí Timpeallachta

Chomh maith le tiomantas méadaithe maidir le hathchúrsáil, rinneadh 'Iniúchadh ar Bhaol Dramhaíola'. Tugann torthaí an Iniúchta tacaíocht d'fhorbairt agus do dhul chun cinn leithscaradh leantach na sruthanna éagsúla dramhaíola. Cuireann cruinnuithe rialta le soláthraithe seirbhíse caidreamh maith oibre chun cinn - cinntíonn siad peirspicíocht níos leithne maidir le laghdú leantach na dramhaíola neamhbhaolaí do líonadh talún agus leis an méadú comhfhreagrach dramhaíola d'athchúrsáil.

Seirbhísí Neachtlainne

Tá an Roinn Seirbhísí Neachtlainne i gceannas ar an tseirbhís éadaí leapa do na bardaí agus do na ranna ar fad san Ospidéal. Ina theannta sin, soláthraíonn an Roinn Neachtlainne seirbhís neachtlainne do na na nithe seo a leanas: éadaí d'othair fhadchónaithe, éidí agus cótaí bána, mapaí, cuirtíní agus éarraí ilchineálacha eile. Chomh maith le seoladh an Bheartais Nua Neachtlainne, rinneadh iniúchtaí le haird na gcomhaltaí foirne a dhírú ar an mbeartas nua agus ar é a chomhlíonadh.

Seirbhísí Fódóireachta

Bhí Ospidéal Naomh Séamas tiomnaithe don Ghradam Sláinteachais a bhaint amach sa bhliain 2008 i ndiaidh turascála de chuid an Údaráis um Fhaisnéis Sláinte agus Chailíocht sa bhliain 2007. Leasaíodh an Clár Feabhsúcháin um Chailíocht chun dáta ar bhonn leanúnach i rith na bliana le tionscnaimh shuntasacha a rinne na ranna éagsúla a bhí bainteach le seirbhísí sláinteachais. Cuireadh na tionscnaimh sin go léir ar bun chun cabhair a thabhairt don Ospidéal caighdeán sláinteachais a chothabháil ar son leas na n-othar, na gcomhaltaí foirne agus na gcuairteoirí ar aon rian. Le bheith cinnte d'aitheantas réamhghníomhach, d'fhorbairt agus de chur i bhfeidhm deiseanna um fheabhsúchán cáilíochta i leith ghnéithe na seirbhísí sláinteachais a thugtar, ghlac Ceann na Fónadóireachta le cúram breise na Roinne Seirbhísí Timpeallachta agus na Roinne Seirbhísí Neachtlainne – ceapadh mar Cheann na Seirbhísí Sláinteachais é chomh maith.

An Roinn Lónadóireachta

Soláthraíonn an Roinn Lónadóireachta biachláir roghnaíoch d'othair – is feiliúnach iad na biachláir sin d'othair a bhfuil aiste bia ar leith acu. Ullmhaíonn agus dáileann an Roinn beagnach milliún béile othar in aghaidh na bliana agus cuireann sí bialann agus caife ar fáil do chomhaltaí foirne san Ospidéal féin. Cuirtear monatóireacht chuimsitheach i bhfeidhm ar an gcóras lónadóireachta, bunaithe ar phrionsabail AGPRC, ionas go ndéantar seiceáil rialta ar nósanna imeachta oibriúcháin mar riachtanas.

Seirbhísí Altranais



An tUas. Paul Gallagher
Stiúrthóir Altranais

Réamhrá

Thaispeáin comhaltaí an Altranais agus an Chúraim Shláinte a dtiomantas maidir le cúram othair atá sábháilte agus ar ardcháilíocht a thabhairt i rith na bliana. Chuir an bhliain 2008 cuid áirithe dúshlán os comhair an phroifisiúin le sárú. Ina measc sin, bhí earcaíocht agus coinneáil chomhaltaí foirne agus leibhéal a raibh an meascán ceart de scileanna ann a chothabháil ar mhaithe leis an gcaighdeán is airde de chúram othair a thabhairt.

Staitisticí Eacraíochta

Líon Iomlán na gComhaltaí Foirne a Eacraíodh = 224

Miondealú de réir Náisiúntachta

- Éireannach = 156
- AE = 15
- Comhaltaí Foirne nach de chuid an AE iad = 53

Líon Iomlán a d'éirigh as = 197

Meánráta Míosúil Folúntas = 66

Athrúchán Foirne = 9.48% (15.4% in 2007)

Eochairfhorbhairtí na bliana 2008

Seachtain oibre 37.5 uair do chomhaltaí foirne altranais a thabhairt isteach

Bhí Ospidéal Naomh Séamas ar cheann de na chéad ospidéal a thug an tseachtain oibre 37.5 uair isteach do chomhaltaí foirne altranais. Ghlac gach grád de na comhaltaí foirne altranais le cur chuige comhaontaithe le bheith cinnte de go dtabharfaí an tionscnamh sin isteach. D'oibrigh na comhaltaí foirne altranais go mion leis na ceardchumainn altranais agus láimseáladh an dúshlán ar bhealach tacúil agus dearfach.

Banc Altra

Bunaíodh an Banc Altra i mí Mheán Fómhair na bliana 2007. Sa bhliain 2008, leagadh síos an próiseas láraithe chun áirithintí de na huairéanta breise ar fad a bhíonn de dhíth sa suíomh cliniciúil. Déantar anailís costais is tairbhe gach ráithe agus rinne an próiseas sin an tairbhe airgeadais a bhaineann leis an tionscadal seo a thaispeáint don eagraíocht.

Bainistíocht Altranais a Athchóiriú (Uaireanta taobh amuigh de na Príomh-Uaireanta)

I mí na Nollag 2008, athraíodh feidhm Bhainistíocht Altra an tSuímh ó phríomhuairéanta go huairéanta taobh amuigh díobh ar bhonn trialach. Ba é cuspóir an tionscnaimh sin ná díriú ar thacaíocht de bhainistíocht shinsireach altra ag leibhéal Stiúrthóir Cúnta an Altranais a sholáthar do chomhaltaí foirne a oibríonn san Ospidéal ina iomláine.

Taighde Altranais

Bunaíodh an Coiste Rochtana um Thaighde Altranais (CRTA) sa bhliain 2007. Tá maoirseoireacht agus bainistíocht á ndéanamh aige i gcónaí ar an rochtain a bhíonn ag taighdeoirí ar chomhaltaí foirne altranais agus ar chomhaltaí cúnta foirne i gcúram sláinte ar fud an tsuímh. Tá dlúthnais coinnithe ag an CRTA leis an Scoil Altranais agus Chnámheachais, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ar mhaithe le tacaíocht do thaighde altranais in Ospidéal Naomh Séamas a neartú. Rinne an CRTA an chéad seimineár bhliantúil a réachtáil i mí Feabhra 2007, freisin.

Oideachas

Tá Clár Dhiplóma Iarchéime ar fáil do na cineálacha altranais seo a leanas: Timpistí agus Éigeandáil, Obrádlann, Dianchúram agus Haemaiteolaíocht.

- Déantar clár oideachais um altranas, ar leibhéal fochéime agus iarchéime, i ndlúthpháirtíocht leis an Scoil Altranais agus Chnámheachais, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- SKILL (Eolas a dhaingniú trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil). Ghlac Ospidéal Naomh Séamas páirt sa tionscnamh

seo ón mbliain 2006. Tugann an clár deis riachtanach do chomhaltaí foirne tacaíochta filleadh ar an bhfoghlaim. Sa bhliain 2008, chríochnaigh 29 comhalta cúnta foirne sa Chúram Sláinte an clár seo agus thosaigh 36 eile é i mí Mheán Fómhair. Cuirtear na scileanna a fhoghlaimítear le linn an chláir seo i bhfeidhm sa suíomh cliniciúil chomh minic agus is féidir – déanfar é seo a mheas go foirmiúl sa bhliain 2009.

Oideasú Altranais le haghaidh Táirgí Míochaine:

Baineadh éachtanna suntasacha amach sa bhliain 2008 chun leanúint leis an tionscadal náisiúnta seo i gcomhair le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus le Coláiste Ríoga na Máinlianna. Táthar den tuairim go mbeidh líon áirithe de chomhaltaí sinsearach foirne altranais a oibríonn ar bhonn cliniciúil mar Oideasóirí Altra Cláraithe i mí Mhárta na bliana 2009.

Aonad Forbartha um Chleachtas Altranais (NDPU as Béarla)

Is é aidhm an NDPU ná feidhmiú cleachtas altranais atá ar bhonn fianaise a éascú do na hothair uile, dá dteaghlach agus dá gcúrmóirí in Ospidéal Naomh Séamas. Faigheann an Comh-Ordaitheoir Forbartha um Chleachtas Altranais tacaíocht uatha seo a leanas: Éascaitheoir Forbartha Cleachtas, Comh-Ordaitheoir Iníúchta agus Taighde, 4 Altra Tacaíochta Chliniciúla, 9.5 Comh-Ordaitheoir Socrúcháin Chliniciúla (CPSs as Béarla), Oifigeach Caidrimh um Leithdháileadh Mac Léinn agus Altraspeisialtóir um Inmharthanacht Fíocháin.

Oibríonn an NDPU ar mhaithe le haltraí agus le cleachtas altranais a fhorbairt trí dhúlthoibriú a dhéanamh le haltraí a oibríonn ar bhonn cliniciúil, le Bainisteoirí Altra Cliniciúla (CNMs as Béarla), le Bainisteoirí Altra na Stiúrthóireachta agus leis an Aonad um Foghlaim agus Fhorbairt. Le cois sin, comhoibríonn an NDPU le comhghleacaithe ó na réimsí seo a leanas: Míochaine, Cogaisíocht, Cothúchán Cliniciúil, Teiripe Urlabhra agus Teanga, Fisiteiripe, Obair Shóisialta agus Teiripe Shaothair – is ar mhaithe le dea-chleachtas i neart gnéithe de chúram othar a chur chun cinn é an comhoibriú sin.

Forbairtí sa bhliain 2008

Téann tacú d'fhorbairtí cleachtas trí struchtúr coiste go fóill agus/nó trí fhoghrúpaí oibre gearrthéarmacha ar a bhfuil ionadaíocht ó chomhaltaí foirne idirdisciplíneacha a oibríonn sa réimse cliniciúil. Cuireann an cur chuige comhoibríoch sin ar chumas altraí a gcleachtas a scrúdú agus a iniúchadh. Chomh maith leis sin, cuireann sé ar a gcumas athrú a chur i bhfeidhm agus a mheas, más gá, de réir na fianaise is fearr

atá ar fáil. D'fhabhraigh na coistí, na grúpaí oibre agus na tionscnaimh seo a leanas, nó d'fhorbair siad a thuilleadh, sa bhliain 2008 – bhí ról lárnach acu ag cur cleachtais ar aghaidh trí cháipéisí prótacail, treoirlíne agus inniúlachta a chur ar bun, trí laethanta staidéir agus oiliúint inseirbhíse a sholáthar agus trí mheasúnacht inniúlachta ag an leibhéal cliniciúil a dhéanamh:

- Grúpa Oideachais d'Inseirbhís Altranais – eagraíodh dhá lá do Scileanna Cliniciúla Altranais
- Feadáin shrónghastracha bheathaithe a chur isteach agus a bhainistiú
- Clár Féin-Chógais (Stiúrthóireacht MedEI)
- Dea-chleachtas cáipéisíochta a chur chun cinn trí iniúchadh cáipéisíochta a dhéanamh go ráithiúil, trí thacaíocht a thabhairt do nasc altraí cáipéisíochta agus trí Threoirlínte Ildisciplíneacha Giorrúcháin a fhoilsiú.
- Cleachtais um Inmharthanacht Fíocháin – bhí na nithe seo a leanas san áireamh iontu: athbhreithniú ar cháipéisíocht altranais i leith baoil de bhrú othrais agus measúnacht cneá, agus Lá Bliantúil Staidéir um Inmharthanacht Fíocháin le lucht freastail ó cheann ceann na tíre
- Forbairt ar inniúlacht altranais agus leasú chun dáta ar inniúlachtaí atá ann faoi láthair ar fud an ospidéil
- Athbhreithniú agus forbairt ar Nósanna Imeachta Altranais, ar Bheartais, ar Phrótacail agus ar Threoirlínte
- Bainistíocht Cógais (i bpáirt leis an Éascaitheoir Sábháilteachta Cógais)
- Cleachtais Infhéitheacha a raibh forbairt ar Phrótacail Ildisciplíneach san áireamh iontu maidir le Bainistíocht ar Ghléasanna Lár-Fhéitheacha Inrochtaineachta
- Oideachas agus Oiliúint maidir le Féith-Pholladh agus le Cannúlú
- Grúpa Iniúchta um Chleachtas Altranais
- Acmhainní a chur le chéile do chomhaltaí foirne ildisciplíneacha in ullmhúchán Póstaer agus Coimirthe chun taighde a leathadh agus torthaí a iniúchadh
- Rinneadh clár piolótach ina raibh ar altraí téip aistrithe a thaifeadadh – d'éirigh leis an gclár sin agus tá sé fós in úsáid ar fud an Ospidéil
- Altraí Tacaíochta Cliniciúla Lean na hAltraí Cliniciúla lena dtacaíocht do Bhainisteoirí Altraí Cliniciúla (CNMs) ina ról trí dhírú ar an bhforbairt leanúnach de gach altra míochaine/máinliachta in Ospidéal Naomh Séamas, agus trí chleachtas altranais a fhorbairt sa réimse cliniciúil.
- Altraí nach de chuid an AE iad – Clár Oiriúnaithe Sa bhliain 2008 chríochnaigh 54 altra breise an clár ionductaithe agus oiriúnaithe. Comhordaíonn altra tacaíochta cliniciúil an clár d'altraí nach de chuid an AE iad in Ospidéal Naomh Séamas. Éilíonn sé sin dlúthchomhoibriú leis an mBainisteoir um Acmhainní Daonna Altranais agus le Bainisteoirí Altranais na Stiúrthóireachta, le CNManna agus le comhaltaí foirne cliniciúla. Ní foláir an dlúthchomhoibriú sin lena chinntiú go gcomhlíonann na haltraí sin na critéir agus na hinniúlachtaí cliniciúla riachtanacha chun clarú leis an mBord Altranais agus go leanann siad orthu ag fobairt tuilleadh eolais agus scileanna chun freastal ar riachtanais a n-othar.
- Clár Fochéime BSc Tá an NPDU freagrach as comhordú na gcomhphárteanna cliniciúla den Chlár Fochéime.

Tá meániontráil bhliantúil de 85 mac léinn altranais ag Ospidéal Naomh Séamas. Comhoibríonn an tOspidéal go dlúth le comhaltaí foirne ón Scoil Altranais agus Chnámhreachais, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i gcomhordú, i measúnacht agus i bhforbairt leanúnach an Chláir Fochéime BSc agus i gcur chun cinn timpleallacht chliniciúil foghlamtha den chéad scoth. Déantar iniúchadh ar thairimí mac léinn i leith na timpeallachta cliniciúla foghlamtha faoi dhó i rith na bliana. Comhoibríonn na CPCanna go dlúth leis na CNManna agus le comhaltaí foirne cliniciúla ag freagairt d'aon ní a dteastaíonn forbairt bhreise uaidh. I mí na Nollag, bronnadh suaitheantais agus teastais Ospidéal Naomh Séamas ar an tríú grúpa d'altraí ón gclár fochéime BSc Altranais. Thug an Dr Anne-Marie Ryan, Príomh-Oifigeach Oideachais ag an mBord Altranais, léacht bhliantúil Chuimneachán Anne Young ag an searmanas bronnta sin.

Gníomhaíochtaí Oideachasúla



Ionad Iarchéime William Stokes



An Dr Finbarr O'Connell
Stiúrthóir Míochaine

Is ionad iarchéime neamhspleách suite ar shuíomh an Ospidéal é Ionad Iarchéime William Stokes. Déanann sé ionadaíocht ar chomhthionscnamh idir an Bord Míochaine agus Déidliachta Iarchéime, Ospidéal Naomh Séamas, an FSS, Dámh William Stokes de chuid Cholaiste Dhochtúirí Teaghlaigh na hÉireann agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Cuireann sé áiseanna agus acmhainní oideachais iarchéime atá nua-aimseartha ar fáil do dhochtúirí i gColáiste na Tríonóide agus in Ospidéal Naomh Séamas chomh maith leis na ceantair de Dheisceart agus d'Iar-Dheisceart Bhaile Átha Cliath. Tionóladh réimse leathan cruinnithe agus seimineár san ionad, lena n-airítear:

- Cuairteanna Móra
- Cruinnithe le Míochaine a leasú chun dáta
- Cruinnithe Haemalteolaíochta agus Oinceolaíochta
- Cruinnithe Inchríneolaíochta
- Cruinnithe Taighde Míochaine
- Cruinnithe Míochaine do Dhaoine Scothaosta
- Cúrsa MSc i gCairdeolaíocht
- Cúrsa MSc i dTeiripe Chognaíoch
- Cúrsaí ACLS
- Cruinnithe seachtainiúla oideachasúla de Dhámh William Stokes de Choláiste Liachleachtóirí na hÉireann
- Cúrsa Bliantúil Treoshuimh d'intéiríngh nua
- Clár oideachais leanúnaigh d'intéiríngh
- Comórtas Bliantúil Boinn d'Intéiríngh
- Cruinnithe Treoir Gairme

Chomh leis na nithe thuasluaite, cuireann an tIonad an fheidhm riaracháin ar fáil do scéim SHO Míochaine de Choláiste na Tríonóide, an scéim is mó den sórt sin in Éirinn a bhfuil 72 SHO inti atá faoi oiliúint i míochaine inmheánach. Déannann an tIonad réimse leathan de ghníomhaíochtaí oideachasúla a chur ar fáil agus a chomhordú do SHOanna míochaine ar an scéim sin.

Institiúid Haughton

Dara O'Mahony Uas.

Stiúrthóir (Gníomhach) Feidhmiúcháin

Marion Bruce Uas.

Rialtóir Airgeadais

Samantha Windrum Uas.

Riarthóir

Joan Philips Uas.

Riarthóir

Stádas Corparáideach/Rialachas

Is comhlacht corparáideach neamhspleách í Institiúid Haughton atá faoi úinéireacht iomlán ag a trí chomhalta, Coláiste na Tríonóide, Ospidéal Naomh Séamas agus Ospidéal Thamhlachta. Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta í Institiúid Haughton. Tá stádas carthanachta agus Bord de naonúr comhaltaí aici ar a bhfuil triúr ionadaithe ó gach ceann de na comhpháirtithe.

Cuspóirí

Is é cuspóir na hInstitiúide forbairt a dhéanamh ar agus barrfheabhas a bhaint amach do lánchumas Choláiste na Tríonóide agus Ospidéal Naomh Séamas agus Thamhlachta le chéile. Chomh maith leis sin, tá sé mar chuspóir aici cur le hoideachas iarchéime, le taighde, le forbairt seirbhíse agus le comhairleacht sna heolaíochtaí sláinte.

Cuireann an Institiúid ar chumas a gcomhaltaí a bheith níos éifeachtaí agus sármhaitheas á bhaint amach sna gníomhaíochtaí a bhfuil comhleas acu iontu. San áireamh iontu sin, tá;

Oideachas agus Oiliúint Iarchéime

Is mórchuid de ghníomhaíocht na hInstitiúide cláir oideachais agus oiliúna a thabhairt isteach agus a reáchtáil. San áireamh iontu sin, tá Mscanna agus Diplóimáí a ndearnadh iad a bhailíochtú go foirmiúil trí Choláiste na Tríonóide, ach a bhaineann úsáid as comhaltaí foirne agus áiseanna an Ospidéal go minic agus go forleathan.

Bainistiú agus Maoiniú Taighde

Dírítear na seirbhísí faoin teideal seo ar chomhaltaí foirne

an Ospidéal a bhfuil baint acu le conarthaí taighde agus le gníomhaíochtaí gaolmhara. Cuireann an Institiúid seirbhís ar fáil chun cistí taighde a bhainistiú atá comhlántach i leith na mbeartas taighde ar ghlac na hOspidéal agus an Coláiste leo. Déannann an Institiúid cuntais taighde a bhainistiú a bhfuil luachanna ó €1000 go €700,000 acu agus tá timpeall is €7 milliún á mbainistiú aici faoi láthair. Tá na scileanna a bhaineann le bainistiú a dhéanamh ar chonarthaí taighde cothaithe aici le gníomhaíochtaí tráchtála agus Comhlachtaí Idirnáisiúnta agus Náisiúnta araon, e.g. an AE. Soláthraíonn sé sin seirbhísí atá ar ardchaighdeán agus fuarasta le húsáid i riarachán agus i dtacaíocht conarthaí taighde atá ar fáil do chomhaltaí foirne agus do na gníomhaíochtaí a n-oibríonn siad leo.

Oifig Reigiúnach an Chláir

Oinceolaíochta

An 6ú Comhdháil Idirnáisiúnta ar Ailse - Ailse 2008

Tionóladh an 6ú Comhdháil Idirnáisiúnta ar Ailse i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ón gCéadaoin, 7 Bealtaine go dtí an Aoine, 9 Bealtaine. Ba é 'Striving for Success in Cancer Care' téama na comhdhála a mhair trí lá.

Ar lá oscailte na comhdhála, dhírigh ceardlann go príomha ar bhaint 'Cancer Clinical Trials in the 21st Century' agus 'Integrating International Research' i dtrialacha cliniciúla. Thug na speisialtóirí seo a leanas saineolas i rith an tséisiúin: An tOllamh Rick Kaplan ón Ríocht Aontaithe, an tOllamh Owen Smith ó Ospidéal na Leanaí, Cromghlinn, agus an tOllamh John Crown ó Ospidéal Ollscoile Uinsinn, Baile Átha Cliath. Ar an dara lá den chomhdháil, díródh go príomha ar 'Strategic Directions in Cancer', ar 'Cancer Prevention' agus ar 'Cancer Care'. I measc na bpríomhspeialtóirí a thug saineolas bhí an tOllamh Donal Hollywood, Ospidéal Naomh Lúcas, Baile Átha Cliath, an tOllamh John Reynolds, Ospidéal Naomh Séamas agus Coláiste na Tríonóide agus an tOllamh Patrick Johnston, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste ar bronnadh an 4ú Léacht air don Ghradam um Fhorbairt Straistéiseach ar Ailse dar teideal "The Future of Cancer Medicine". D'oscail an tAire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney, T.D. an chomhdháil go hoifigiúil.

Ar an tríú lá den chomhdháil, díródh ar "Defining Quality in Breast Cancer Care" agus ar "Understanding Biology - Understanding Cancer". Thug an Dr Scott Lippman ó na Stáit Aontaithe a spreagaitheasc dar teideal "The dilemma and promise of Cancer Chemoprevention" ar an Aoine chomh maith.

Dúirt eagraí na comhdhála, an tOllamh Mark Lawlor, Coláiste na Tríonóide "we had over 200 people at our conference all seeking an update on the latest developments and challenges on cancer



Professor John Reynolds, Regional Director, Cancer Services South West Dublin, Minister Mary Harney, Minister for Health and Children, Professor Donal Hollywood, Head of the Academic Unit for Oncology, TCD.



Professor Mark Lawler, Genetic Scientist and Conference Organiser, Professor Rick Kaplan, Leeds, UK, Minister Mary Harney, Minister for Health and Children, Professor Patrick Johnson, Queens University Hospital, Belfast winner of the Strategic Development Award.

prevention. treatment and care. The line-up of experts, from Ireland, US, UK and elsewhere, presented at the conference, ensure that all of us will learn from this event and that our patients will ultimately benefit". Eagraítear an chomhdháil i bpáirt le hOspidéal Naomh Séamas, le hOifig Réigiúnach an Chláir Oinceolaíochta, le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, le Cumann Ailse na hÉireann agus le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Is fearr an tsláinte ná an táinte – oíche eolais don phobal maidir le cosc agus le tabhairt faoi deara luath.

Reáchtáil Oifig Réigiúnach an Chláir Oinceolaíochta an oíche eolais don phobal ar Shráid Camden agus iad ag obair le duine de chomhordaitheoirí ACPIF (Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt – RAPID as Béarla) de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Rinneadh cúpla cur i láthair gearr ar chineálacha éagsúla ailsí, ar an gcaoi le hiad a chosc agus ar an gcaoi leis na siomptóim luatha a thabhairt faoi deara. D'éirigh go han-mhaith leis an oíche toisc go raibh go leor de na ceannairí áitiúla pobail i láthair agus iarradh ar na heagraithe tuilleadh oícheanta eolais a reáchtáil.

Thaispeáin na clár sin go soiléir an tairbhe a bhaineann le dlúthchomhoibriú idir gníomhaireachtaí poiblí atá drifíúil, de réir cosúlachta, óna chéile. Thaispeáin siad freisin an dea-éifeacht a bhaineann le cur chuige níos leithne a aithint agus feachtais eolais don phobal á bhforbairt. Saineolaithe míochaine ó na príomhionaid ag obair le rialtais áitiúla agus leis an éarnáil dheonach (ICS agus MKF) le tabhairt faoi deara luath a chur chun cinn.

Fís do líonra ailse tar éis cúig bliana

Chuir Oifig Réigiúnach an Chláir Oinceolaíochta a dtuarascáil cúig bliana le chéile agus sheol siad í ag taispeáint go bhféadfaí go leor leor a bhaint amach le fórbheagán áiseanna trí oifig réigiúnach lárnach don chlár oinceolaíochta. Thaispeáin an tuairisc eispéir agus ceachtanna a foghlaimíodh trí fhréamhshamhail de líonra um ailse a fhorbairt. Chumhdaigh an líonra sin cúram ar an mbonnleibhéil, ar an dara leibhéal agus ar an leibhéal treasach mar aon le tionscnaimh phobail. Is é comhoibriú an t-aon bhealach atá le leanúint don tochchaí – ní foláir go bhfanadh fáil den scoth agus torthaí cóireála mar an príomhdhírú.

Sheol an tUas. Bertie Ahern, T.D. an tuarascáil – ba é an Taoiseach ag an am.


Foirmeacha tarchurtha leictreonacha ailse a fhorbairt le Healthlink

Sa bhliain 2008, d'fhorbair Oifig Réigiúnach an Chláir Oinceolaíochta an chéad fhoirm tarchurtha leictreonach ailse i gcomhar le Healthlink. Tá áthas orainn a fhógairt gur féidir le Dochtúirí Ginearálta i gceantar Ospidéal Naomh Séamas atreoruithe Gaistrentreolaíochta a chur isteach anois ar HealthlinkOnline. Cuirfidh t-atreorú um Aisle Gl Uachtarach ar chumas an Ollaimh John Reynolds, Máinlia Comhairleach, in Ospidéal Naomh Séamas, an t-eolas rithábhachtach ar fad a bheith aige sula bhfreastlaíonn an t-othar ar an gclinic. Tá obair ar siúl faoi láthair chun an áis seo a leathnú amach ar mhaithe le suíomhanna ailse eile, ailse phróstatach go háirithe.



Professor Tom Keane, Interim Director, National Cancer Control Programme, Taoiseach Bertie Ahern, Dr. John Kennedy, Consultant Medical Oncologist and member of the Regional Oncology Strategy Group, Professor John Reynolds, Regional Director, Cancer Services South West Dublin.

Léiríonn an algartam seo a leanas imlíne den phróiseas atreoruithe ailse trí healthlink



Fondúireacht Ospidéal Naomh Séamas



An tOllamh Donald Weir

(Ollamh Emeritus Míochaine, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath) Cathaoirleach

Edwina Hogan Uas.

Príomh-Fheidhmeannach



Liza Fitzgerald (Teiripeoir Shaothair) le hAnne Slattery, othar den ospidéal, ar turas samhraidh.

Is é ról Fhondúireacht Ospidéal Naomh Séamas ranníocaíocht phríobhaideach airgid a mhealladh don Ospidéal. Tá an Fhondúireacht bunaithe mar chuideachta uathúil, theoranta agus í rialaithe ag Bord deonach.

Déanann an Fhondúireacht síntiúis faighte a phróiseáil agus a íoc amach agus, trí Chistí Speisialta a bhunú, soláthraíonn sí bealach sábháilte agus freagrach do ranna agus do chomhaltaí foirne an Ospidéil glacadh le síntiúis.

	2008	2007	2006	2005
Ioncam Deonaithe	€411,452	€581,815	€216,765	€67,456
Eisíocaíocht Maoinithe	€184,089	€138,975	€109,120	€0


Shroich ioncam sínteach buaicphointe sa bhliain 2007 mar gheall ar shíntiúis eisceachtúil a tugadh go speisialta don tSeirbhís Chairdiach Mháinliach. Bhí méadú iarbhrí de €170,363 ar chistí a tugadh go deonach sa bhliain 2008 le hais na bliana 2006 – tá an méadú sin fós sásúil. Tháinig cistí go deonach i rith na bliana 2008 ó: síntiúis fhlaithiúla ó dhaoine aonair, gníomhaíocht tríú páirtí de thiomsú airgid a rinne tacadóirí fláithiúla ó cheann ceann na tíre agus gníomhaíocht tiomsaithe airgid na Fondúireachta.

Méadaíodh íocaíochtaí de chistí sa bhliain 2008

freisin, lena n-áirítear:

- 24 deontas a bronnadh trí Chlár Deontas Beag na Fondúireachta do thionscnaimh mar seo a leanas: an seomra teaghlaigh atá ceangailte as an Aonad Iontrála Géarmhíochaine a uasghrádú; trealamh ríthábhachtach aclaíochta a cheannach d’othair fhadchónaithe de chuid an Ionaid Dó Náisiúnta; clár oideachais a sholáthar d’othair ailse agus dá dteaghlaigh a raibh síceolaí mar cheannaire air; turais chuig an gceantar áitiúil d’othair scothaosta a reáchtáil agus imeachtaí ceoil a reáchtáil d’othair agus do chomhaltaí foirne. Maoiníodh na tionscnaimh sin ar fad le síntiúis a tugadh go fláithiúil ar mhaithe leis an Ospidéal go ginearálta
- Teilifís do gach ceann de na 21 seomra leithlise laistigh de Bharda Denis Burkitt a cheannach agus a chur isteach
- Infheistíocht a dhéanamh san Aonad Náisiúnta Mascaille agus Aghaidhe le maoiniú faighte trí shíntiúis ar mhaithe le hothair a bhfuil ailse chloiginn nó ailse mhuníl orthu. Maoiníodh ríomhthrealamh nua chun bunachar nua a fhorbairt de gach othar a théann i láthair dochtúra agus chun scanadh CAT a thiontú go samhla 3D le máinliacht agus le clár chóiréala a phleanáil d’othair
- Infheistíocht i seirbhís an Ospidéil maidir le hothair stróc. Seo a leanas roinnt de na nithe a rinneadh de bharr na hinfeistíochta sin: ceannaíodh leaba speisialta so-athraithe do Bharda Mary Mercer, cuireadh oiliúint leanúnach ar fhisiteiripeoir speisialta agus chuathas ar thuras staidéir chuig an Aonad Stróc in Ospidéal Ollscoile Eabhrac – rinne síntiúis a tugadh go fláithiúil ar mhaithe leis an tseirbhís stróc é sin ar fad a mhaoiniú
- Níos mó ná 300 cóireáil speisialta um athchruthú aghaidhe a sholáthar d’othair VEID (HIV as Béarla) – is ó ghníomhaíochta tríú páirtí de thiomsú airgid a maoiníodh é sin go fláithiúil agus a rinneadh go speisialta don Roinn um Leigheas Úraiginiúil agus Ghalair Thógálacha
- Teiripe leathan shaothair sa bhreis a sholáthar d’othair atá dóite go dona agus a bhfuil gortú láimhe acu – is ó chistí a saothraíodh go speisialta d’othair de chuid an Aonaid Dó Náisiúnta agus de chuid an Aonaid um Máinliacht Phlaisteach a tháinig an maoiniú sin
- Staidéar a dhéanamh ar Ailse Phutóg agus Scámhóg, rinne síntiúis a tugadh ar mhaithe le Taighde Ailse an staidéar sin a mhaoiniú
- Tollán garraíodóireachta a cheannach agus é a chur i dtailte an Ospidéil chun freastal ar chlár teiripeach garraíodóireachta d’othair fhadchónaithe scothaosta – rinne deontas fláithiúil a thug Fondúireacht Phobail na hÉireann é sin a mhaoiniú





Tuarascálacha Roinn na gClár

Clár Cáilíochta



Eilish Hardiman Uas.

Leas-Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin/
Bainisteoir Gníomhaíochtaí

Carol Hickey Uas.

Oifigeach um Cháilíocht Tionscnaimh

Mary Fogarty Uas.

Bainisteoir Creidiúnaithe

Shannon Glynn Uas.

Bainisteoir Riosca

Clár Bainistíochta Riosca

Cuireann an Clár Bainistíochta Riosca de chuid Ospidéal Naomh Séamas cultúr réamhghníomhach de bhainistíocht riosca chun cinn i gcónaí laistigh den eagraíocht. Faigheann an Coiste um Bhainistíocht Riosca eolas agus tuarascálacha ó fhoghrúpaí i leith gach saincheist riosca. Tá an Grúpa Stiúrtha um Shábháilteacht agus Riosca i gceannas ar rialú iomlán corparáideah an chláir – is fochoiste de chuid Bhord an Ospidéil é an Grúpa sin.

Cuireadh comhaltáí foirne ag gach leibhéal den eagraíocht ar an airdeall faoin tábhacht a bhaineann le rioscaí a thuairisciú. Éascaíonn sé sin cultúr oscailteachta agus cleachtar córas atá cóir agus cothrom maidir le hanailisiú riosca, dá bharr.

Eochairthionscnaimh Riosca sa bhliain 2008

- Thuairiscigh comhaltaí foirne Ospidéal Naomh Séamas níos mó ná 6,000 teagmhas riosca sa bhliain 2008 – ba é sin an méid is airde riamh. Cuireadh roinnt feabhsuithe i bhfeidhm mar gheall ar mhionanailisiú teagmhas – tháinig feabhas ar shábháilteacht na heagraíochta, mar sin.
- Chuir an Bainisteoir Riosca agus an Éascaitheoir um Shábháilteacht Cógais oiliúnt Anailise ar Chóras ar fáil do bhainistíocht líne laistigh den eagraíocht. Spreagann sé sin bainistíocht riosca ag an leibhéal áitiúil agus cuireann sé na scileanna cuí ar chumas bainisteoirí saincheisteanna riosca a anailisiú agus a aithint.
- Rinneadh suirbhé ar Chultúr Sábháilteachta san Aonad Iontrála Géarmhíochaine a rinne sábháilteacht a thomhas le seacht dtagarmharc idirnáisiúnta. D'éirigh leis an Aonad Iontrála Géarmhíochaine an marc is airde a bhaint amach i gcúig de na seacht bpáirt. Aithníodh agus cuireadh i bhfeidhm líon de bhearta sábháilteachta.
- Tá Ospidéal Naomh Séamas ag glacadh páirte san fheachtas 'Safe Surgery Saves Lives' de chuid an EDS (WHO as Béarla) – d'fhoibair an tOspidéal an Beartas ar mhaithe le Suíomh Mícheart, le Gnáthamh Mícheart, le Máinliacht a dhéanamh ar an Duine Mícheart a chosc. Tá líon de thionscnaimh nua sábháilteachta sa bheartas, sos máinliachta 'Time Out' agus riachtanas an suíomh máinliachta a mháirceáil san áireamh.
- Tá mionanailís ar shainrioscaí traicéatóime á soláthar i gcónaí ag an Áisitheoir um Shábháilteacht Traicéatóime. Cumasaíodh cur le chéile agus cur i bhfeidhm go leor feabhsuithe cáilíochta mar gheall ar chomhoibriú idir gach grúpa de na comhaltaí foirne sa chúram sláinte a bhfuil baint acu le cúrsaí traicéatóime.
- Thaispeáin an Clár Sterivigilance, a d'éascaigh an tAltra Sterivigilance, feabhsuite iontacha, go hairithe sa réimse um measúnú réamhobaráide d'einceifileapaití spúinseacha In-tarchurtha. Le cois sin, thaispeáin an Clár feabhas in inrianaitheacht trealamh a úsáideadh i limistéar na hObrádlainne.
- Déanann éascaitheoir díograiseach um Shábháilteacht Cógais mionanailisiú agus grádú géaraíochta ar earráidí cógais. Is é líon iomlán na dteagmhas de shábháilteacht cógais a tuairiscíodh sa bhliain 2008 ná 905, méadú 8.5% le hais na bliana 2007. Seo a leanas roinnt éachtanna a baineadh amach go gairid: clár ríomhfhoghlama, athdhearadh Insulin Kardex agus córas rianaithe d'fheistí leighis bainteach le hearráid chógais.

Creidiúnú

Bronnadh Creidiúnú ar Ospidéal Naomh Séamas i mí na Bealtaine 2006 ag Bord Creidiúnaithe Sheirbhísí Sláinte na hÉireann (IHSAB as Béarla) mar a thugtaí air an tráth sin, ach ar a dtugtar an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cálíocht Sláinte (HIQA as Béarla) anois. Rinneadh dea-thuarascáil ar an Ospidéal i ndiaidh cuairte um Mheasúnú Leanúnach i mí Dheireadh Fómhair na bliana 2007. Sa tuairisc sin, moladh go leanfaí ar aghaidh leis an ngradam agus fuarthas moladh freisin maidir leis an bhfianaise shofheicthe a bhí ann d'fheabhas leanúnach cáilíochta ar fud na heagraíochta.

Le linn na bliana 2008, lean na Foirne Creidiúnaithe ag aithint, ag cur i bhfeidhm agus ag measúnú na nithe seo a leanas: feabhsuithe nua cáilíochta agus tionscnaimh nua cháilíochta ag freagairt d'fhorbairt seirbhíse, an t-eispéireas a thuairiscigh othair agus comhaltaí foirne agus na scéimeanna seachtracha rialála a thug an HIQA isteach.

Coiste Tathanta na nOthar


Is foghrúpa é Coiste Tathanta na nOthar (PAC as Béarla) de Bhord an Ospidéil a bhfuil ballraíocht de cheathrar ionadaithe pobail agus de cheathrar ionadaithe ón Ospidéal ann. Is é príomhaidhm an choiste ná eispéireas othar ar chúram a fháil amach ón gcéad phointe teagmhála go dtí go scaoiltear abhaile iad. Déantar é seo trí áisiúlacht, timpeallacht, luas, inrochtaine, cáirdiúlacht, solathar eolais agus gearáin a mheas.

Sa bhliain 2008, rinneadh agus tuairiscíodh suirbhé othar ar shástacht Aonad Cúram Cíche an Ospidéil. Tuairiscíodh go raibh eispéireas dearfach ag othair go ginearálta agus rinne othair tagairt ar leith don chaoi a raibh siad in ann teacht ar sheirbhís diagnóise ar an lá céanna - rinneadh tagairt ar leith freisin do chumas na gcomhlataí foirne agus don am a chaith siad le staid agus le cóireáil na n-othar a phlé leo go príobháideach.

Chuir Coiste Tathanta na nOthar dhá nuachtlitr 'Welcome' amach sa bhliain 2008 a dhírigh ar theagmháil a dhéanamh leis an bpobal mórtimpeall an Ospidéil.

Sa bhliain 2008, reáchtáladh cúig cinn ar fad de Chomhairliúcháin Phobail i suíomhanna pobail aitiúla. Is é cuspóir na gComhairliúcháin sin ná deis a thabhairt chun bualadh le daoine a soláthraíonn an tOspidéal seirbhísí dóibh ina gceantair féin, taobh amuigh de limistéar an Ospidéil.

Déantar na cruinnithe a reáchtáil ar bhealach le gur féidir leo siúd a bhíonn i láthair na nithe seo a leanas a bhaint amach: teacht ar eolas, foghlaim faoi fhorbairtí an Ospidéil, a gcuid tuairimí a nochtadh, tuairimí a phlé, páirt i gcabhair a ghlacadh chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar sheirbhísí agus aiseolas a thabhairt don Ospidéal ar réimsí ar a bhfuil gá feabhsuithe a dhéanamh, dar leo.



Clár Táscaire Feidhmíochta

Tháinig méadú suntasach ar Chlár Táscaire Feidhmíochta d'Ospidéal Naomh Séamas sa bhliain 2008. Faoi láthair, lorgaíonn sé 200 príomhtháscaire feidhmíochta ar bhonn míosúil laistigh de na ceithre chatagóir leathana seo a leanas:

- Táscairí ar fud an Ospidéil
- Táscairí Sain-Speisialtacha
- Táscairí Feidhmíochta Oibríochta
- Táscairí Neamh-Chliniciúla

Tá gach táscaire feidhmíochta a roghnaítear deartha ar mhaithe le measúnú leanúnach d'éifeachtacht agus d'oiriúnacht chliniciúil/neamhchliniciúil a bhaint amach.

Sa bhliain 2008, cuireadh Táscairí a bhí ag tomhas gníomhaíocht ailse agus fáil ar na módúlachtaí diagnóise agus cóireála go léir san áireamh i gclár an Ospidéil.

Chomh maith leis sin, aithnítear an Clár Táscaire Feidhmíochta agus tacaítear leis go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

An Tionscnamh Idirnáisiúnta Tagarmharcála um Tháscaire Feidhmíochta

Is líonra neamhfhoirmiúil é an Tionscnamh Idirnáisiúnta Tagarmharcála a bhfuil ocht gcinn d'Ospidéal Acadúla Teagaisc de chuid na hEorpa ann – bunáid sa bhliain 2001 é.

Tá an líonra curtha le chéile chun:

- Fobairtí nuálacha i gcúram sláinte, i dteagasc agus i dtaighde le comhpháirí a chomhroinnt
- Dul i gcomhairle le comhpháirtithe, éisteacht leo agus míniú dóibh faoi mhodhanna eagraíochtúla eile a bhí ráthúil maidir le sármhaitheas chliniciúil agus eagraíochtúil a chur chun cinn agus a sheachadadh

- Córais thagamharcála a fhorbairt do shármhaitheas cliniúil agus eagraíochtúil araon a bhaint amach

- Líonra comhoibríthe a bhunú chun eolas a chomhroinnt agus táscairí d'éifeachtúlacht chliniciúil a anailisiú

I measc bhaill an líonra, tá:

- Ospidéal Ollscoile Caerdydd agus Vale, Iontaobhas NHS (an Bhreatain Bheag)
- Ospidéal Ollscoile Groningen (an Ísiltír)
- Ospidéal Guy's & Thomas', Iontaobhas NHS (Sasana)
- Ospidéal Naomh Lúcas (Málta)
- Iontaobhas Chathair Bhéal Feirste (Tuaisceart Éireann)
- AZ VUB na Bruiséile (an Bheilg)
- Ospidéal Naomh Séamas (Éire)
- Ospidéal Timmins & Dúiche (Ceanada)

I measc na dtionscadal tagarmharcála a roghnaíodh bunaithe ar eochair-réimsí agus ar shaincheisteanna comhshuime de na hOspidéal rannpháirtíochta, tá:

- Neamhfheastal d'Othar Seachtrach (DNA as Béarla)
- Cúram Lae d'othar cónaitheach
- MI géar
- Bealach d'Iontráil Éigeandála
- Athiontráil neamhbheartaithe

Rinneadh plé ar an tuarascáil neamhfheastail d'othar seachtrach (DNA as Béarla) ag an gcruinniú in Caerdydd agus cuireadh i láthair Bhord Ospidéal Naomh Séamas freisin í. Threoraigh an tuarascáil sin gach tionscnamh de chuid an Ospidéil a bhí dírithe ar dhul i ngleic le liostaí feithimh OPD an Ospidéil.

An Roinn Pleanála agus Coimisiúnaithe



Niall McElwee

Bainisteoir Tionscadail & Seirbhísí Teicniúla

Réamhrá

Tá an Roinn Pleanála & Coimisiúnaithe freagrach as forbairtí móra agus beaga infreastructúracha a bhainistiú atá comhtháite le straitéis rialaithe forbartha an Ospidéal agus seirbhísí den scoth atá dírithe ar othair i gcóiríocht chúil a sholáthar.

Déanann an roinn tionscadail atá maoinithe trí chaipiteal a rialú agus a stiúradh trí chéimeanna ó choincheap; dearadh; faomhadh; tairiscint; dámhachtain conartha; tógáil agus trealmhú go saoráid a fheidhmíonn go hiomlán a choimisiúnú.

Maoinítear Forbairtí Móra Caipitil trí infheistíocht de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte agus déantar iad a thacú trí ghníomhaireachtaí taighde agus gníomhaireachtaí um ghníomhaíocht tiomsaithe airgid.

Bunaítear Grúpaí Comhairleacha Tionscadal ó na hionadaithe seo a leanas atá mar gheallsealbhóirí ríthábhachtacha: grúpaí othair, Feidhmeannaigh na Seirbhíse Sláinte, seirbhísí cliniúla, altranais agus tacaíochta. Cuireann na grúpaí stiúrtha agus oibre sin cinnteoireacht eolasach chun cinn de réir prótacal soláthair phoiblí agus riachtanais reachtaíochta.



Forbairtí sa bhliain 2008

- Osclaíodh saoráid do Thomagrafaíocht Astúchán Posatrón (PET/CT as Béarla) in Ospidéal 1
- Bunaíodh Íomháu Athshondais Mhaighnéadaigh 3T (MRI as Béarla)(maoinithe ag HRB)
- Críochnaíodh an dearadh do Shaoráid Haemaifilia & Heipiteolaíochta na nOthar Cónaitheach
- Cuireadh dhá stór leis an Roinn Cógaisíochta
- Críochnaíodh an dearadh don tSaoráid um Thaighde Cliniúil (Wellcome Trust)
- Bunaíodh Saotharlann Scileanna Cliniúla
- Méadaíodh áiseanna dianchúraim
- Athchóiríodh agus cuireadh le háiseanna barda othair chun 11 leaba breise a sholáthar, cúig sheomra shingile san áireamh
- Athraíodh an Roinn Ainéistéite go saoráid a tógadh go speisialta di
- Tógadh cóiríocht tacaíochta go speisialta do chomhaltaí foirne géarchúraim
- Tosaíodh le córas uasghráidithe Cathcor sa tSaotharlann Chairdiach Cath
- Clár ionadúcháin agus athchóirithe um threalamh X-Gha blaoisce
- Críochnaíodh ionadúchán de threalamh obrádlainne a bhí thar trí bliana de réir a chéile
- Príomhchlár nua leictreacha a chur i limistéir 'bheo' chriticiúla
- Clár oibre le legionella a chosc agus le humair uisce nua a chur in Ospidéal 1 agus 2
- Ardaitheoirí nua leapa a chur i bpríomhfhoirgneamh an Ospidéal agus ardaitheoirí nua earraí a chur i gCéim 1C agus in Ospidéal 7

Forbairtí don Todhchaí

- Saoráid um Oinceolaíocht Radaíochta a thógáil
- Carrchlóis taobh le suíomhanna an Ospidéal a chur ar fáil do chomhaltaí foirne
- Suíomhanna d'oibríocháin chomhshuite an Ospidéal a athrú agus a ullmhú
- Saoráidí breise um Othair Dhianchúraim a chríochnú
- Saoráidí um Sheomra na nOthar Seachtrach (Seomra 6) a mhéadú
- Tús a chur leis an bpróiseas tógála den Ospidéal comhshuite
- Saoráid um Haemaiteolaíocht/Heipiteolaíocht & Thaighde Cliniúil a thógáil
- Saotharlann othair chónaithe agus taighde d'Eitinn Fhor-Réigiúnach a fhorbairt
- Síneadh a chur leis an tSaotharlann Lárnach Próiseála (CPL as Béarla)
- Tuilleadh oibre a dhéanamh ar an gclár chun boird nua obrádlainne a sholáthar
- Téatar na bPlasteach a athchóiriú (Ospidéal 7)
- Leanúint ar aghaidh leis an gclár chun soilse nua a chur isteach sna hobrádlanna
- Tús a chur leis an gcóras pleanáilte d'fhaisnéis chliniciúil a mhéadú/a uasghrádú
- Tús a chur leis an gclár pleanáilte de chothabháil choisctheach
- Clár oibre le legionella a chosc in Ospidéal 7 agus 4
- Saoráid nua do chúrsaí Féithe/Soithíochta a sholáthar
- Clár comhtháthaithe do Sheirbhísí Cíche

Roinn na Seirbhísí Teicniúla



Peter Ford

Oifigeach Cothabhála

Erc Kealy

Oifigeach Seirbhísí Fuinnimh

Is é príomhfhócas na Roinne a bheith cinnte de go bhfuil fáil i gcónaí ar sheirbhísí tógála an Ospidéal – gléasra agus trealamh – atá riachtanach chun cúram cliniciúil a sholáthar in am an ghátair. Tá sé mar fhócas acu freisin go gcoinnítear cuma dheas ar na suíomhanna ar fad chomh maith le hiad a bheith slán sábháilte agus comhlíontach don dlí dá n-úsáidtheoirí uile.

